An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

Tuarascáil Bhliantúil 2019

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Meitheamh 2020

Arna foilsiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96
© An Roinn Oideachais agus Scileanna 2020

Clár Ábhar

Brollach ón Aire iii
Brollach ón Aire Stáit Mitchell O'Connor v
Brollach ón Aire Stáit Halligan vi
Ráiteas ón Ard-Rúnaí vii
Forbhreathnú ar na príomhghníomhartha a rinneadh le linn na bliana 2019 2
Dul chun cinn ar na cúig phríomh-Sprioc Straitéiseacha sa bhliain 2019 5
Sprioc 1: Cuirfimid cruth ar chóras oideachais agus oiliúna sofhreagrach a shásaíonn riachtanais agus a ardaíonn ardaidhmeanna gach foghlaimeora. 5
1.1 An curaclam ar leibhéal na bunscoile ... 5
1.2 An curaclam ar leibhéal na hiar-bhunscoile ... 6
1.3 Tacaíocht a thabhairt d'iarrthóirí ar cailleadh duine muinteartha leo ag am scrúduithe ... 8
1.4 Gaeilge ... 8
1.5 Teangacha Iasachta ... 8
1.6 Litearthacht agus Uimhearthacht ... 9
1.7 Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM) ... 9
1.8 An Straitéis Dhigiteach ... 9
1.9 An Creat Foghlama Digití ... 10
1.10 Tacaíocht theicniúil TFC i scoileanna ... 10
1.11 Tacú leis an gCiste Sármhaitheasa Scoile – Clár Digiteach agus STEM trí bliana ... 11
1.12 Leithdháiltí Múinteoirí ... 11
1.13 Samhail Nua um Leithdháileadh Acmhainní Teagaisc le haghaidh Riachtanais Speisialta Oideachais ... 11
1.14 Achomhairc Alt 29 ... 11
1.15 An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 ... 11
1.16 An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ... 12
1.17 An Treoirthionscadal Ríomh-Mhoil agus Forás: Clár Forbartha Teanga ... 12
1.18 Meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ... 12
1.19 Cláir nua oideachais mhúinteoirí trí mheán na Gaeilge ... 12
1.20 Scoileanna Oileáin ... 13
1.21 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) ... 13
1.22 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ... 13
1.23 Ráiteas Polasaí Folláine ... 13
1.24 An Tionscnamh Caipitil Dhaonna ... 14
1.25 An Creat Toilithe do na hInstitiúidí Ardoideachais ... 14
1.26 Cur chun feidhme a dhéanamh ar reachtaíocht lena bhforáiltear do bhearta intuarthachta cíosa i gcóiríocht shaintógtha do mhic léinn ... 14
Sprioc 2: Cuirfimid ar aghaidh dul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu d'fhonn tacú leo a gcumas a bhaint amach. 16
2.1 Rochtain agus Cuimsiú i Suíomhanna Luathbhlianta ... 16
2.2 Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS) ... 17
2.3 Riachtanais Speisialta Oideachais ... 19
2.4 Cothromas Rochtana ar Ardoideachas ... 24
2.5 Deontais Mhac Léinn ... 25
Sprioc 3: Tabharfaimid na scileanna agus an tacaíocht riachtanach do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun taithí foghlama d'ardchaighdeán a chur ar fáil 26
3.1 Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta ... 26
3.2 An Soláthar Múinteoirí ... 27
3.3 Cáilíocht sa Luath-Oideachas ... 27

3.4 Oideachas Múinteoirí 29
3.5 Ceannaireacht Scoile 33
3.6 Cigireachtaí Cáilíochta 34
3.7 Meastóireacht ar an gclár Ógtheagmhála 37
3.8 An reachtaíocht um Athchóiriú an Ardoideachais 37
3.9 An Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú) 38
3.10 An Marc Oideachais Idirnáisiúnta 38
3.11 An Tionscnamh um Cheannaireacht Acadúil Shinsearach (SALI) 39
3.12 Gradaim Athena SWAN, Éire 39

Sprioc 4: Treiseoimid na caidrimh idir oideachas agus an pobal i gcoitinne, an tsochaí agus an geilleagar 40

4.1 Pátrúnacht Scoile 40
4.2 Ligean Isteach i Scoileanna 40
4.3 An Chairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí 41
4.4 Tionscadal an Ghlóir 41
4.5 Forbairt Scileanna 42
4.5 Óige Ildánach 44
4.6 Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe 45
4.7 Clár Erasmus+ 46
4.8 Oideachas Idirnáisiúnta 46
4.9 An 'Plean Gníomhaíochta um Scileanna TFC 2019-2022' a Fhoilsiú 47

Sprioc 5: Treoróimid seachadadh treo straitéiseach agus córas tacúil i gcompháirt le príomh-gheallsealbhóirí san oideachas agus oiliúnt. 48

5.1 Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2019 48
5.2 An Clár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 48
5.3 Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna 50
5.4 Cosaint Sonraí 51
5.5 Rialachas Sonraí 51
5.6 Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2020-24 51
5.7 Athchóiriú an Chiste Náisiúnta Oiliúna 52
5.8 Creat a fhorbairt le haghaidh cur chuige straitéiseach comhtháite i leith oideachas treasach 53
5.9 Ciste Feidhmíochta Ardoideachais a Fhorbairt 53
5.10 Bunú Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Bhaile Átha Cliath) 55
5.11 An tAcht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018 56
5.12 Párolla agus Pinsin 56
5.13 Clár Tógála 2019 57
5.14 Iompar Scoile 59
5.15 An Breatimeacht agus an Earnáil Oideachais 59
5.16 Clár Oibríochtúil Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) 59
5.17 Caiteachas na Roinne 60
5.18 An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Iniúchóireachta AE 60
5.19 Déileáil le Drochúsáid san Am atá thart 60

Aguisín A – Eochairtháscairí ar dhul chun cinn agus rath don Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2019 62

Aguisín B – Sonraí Corparáideacha 68

Aguisín C – Cairt Eagraíochta ag deireadh na bliana 2019 74

Aguisín D – Comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne 75

Aguisín E – Naisc Dhíreacha chuig ár Suíomh Gréasáin www.education.ie 76

Aguisín F – Acrainmneacha 77

Brollach ón Aire

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla ón Roinn don bhliain 2019, ina leagtar amach an obair shuntasach a rinneadh thar an mbliain seo a chuaigh thart.

Chruthaigh an phaindéim Covid-19 a bheith an-dúshlánach don tír ar fad agus is iontach an rud é an dóigh ar fhreagraíomar ar bhealach aontaithe di.

Mar aon leis na gníomhartha a rinneadh ar fud an Rialtais, thit cuid mhór amach san earnáil oideachais agus scileanna ó dúnadh scoileanna, coláistí, ollscoileanna agus suíomhanna eile an 12 Márta.

Ba mhaith liom mo mhórbhuíochas a ghabháil leis na múinteoirí, na tuismitheoirí, na daltaí agus na scoileanna as ucht na hoibre ar fad atá déanta go dtí seo i mbliana. Tá sibh tar éis tuiscint agus misneach a thaispeáint in ainneoin na ndeacrachtaí atá ag teacht chun cinn le cúpla mí anuas.

Níl aon amhras orm ach go leanfar le haghaidh a thabhairt go ríthapa ar na fadhbanna atá i réim. Is mór an chreidiúint é sin do gach duine a bhfuil baint acu leis an earnáil agus do thuismitheoirí – go háirithe a mhéid a bhaineann sé leis na cinntí faoi Ardteistiméireacht na bliana 2020. Is eiseamláir eile é gur 'Ar Scáth a Chéile a Mhairimid'.

Sheol mé an Plean Gníomhaíochta don Oideachas i mí an Mhárta 2019, rud ina leagtar amach níos mó ná 280 gníomh indéanta don bhliain seo ar mhaithe lenár gcóras oideachais a fheabhsú go leanúnach.

Roghnaigh mé an teideal 'Cumasú – cumasú tríd an bhfoghlaim' chun seasamh don iarracht atá ar bun againn daoine a ullmhú ar bhealach cothrom don saol agus don obair. Leagtar béim ann gur gá do dhaoine óga agus do mhic léinn bheith uaillmhianach agus barr a gcumais a bhaint amach agus, ag an am céanna, na scileanna a ghnóthú a theastaíonn chun smaoineamh go criticiúil agus chun oiriúnú agus nuáil ar bhealach athléimneach agus folláin.

Rinneadh sárdhul chun cinn faoin gcreat Plean Gníomhaíochta thar an gcúpla bliain seo a chuaigh thart agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a raibh baint acu leis. Féachaim ar an earnáil oideachais agus oiliúna mar earnáil aontaithe ina n-oibrímid le chéile chun an chéad ghlúin eile a chothú. Tá rún daingean agam leanúint leis na hathchóirithe atá ar siúl agus le iad a bhainistiú agus a chéimniú go cúramach. Ba mhaith liom a chinntiú go mbeidh seicheamh loighciúil taobh thiar dá mbíonn á chur chun feidhme ar an talamh.

Sa bhliain 2019, bhí mé in ann cur chuige nua níos atruaiche a thabhairt isteach do dhaltaí Ardteistiméireachta ar cailleadh duine muinteartha leo le linn na scrúduithe stáit.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil arís eile le Rhona Butler as a scéal a insint dom agus as iarraidh orm gníomh a dhéanamh. Eachtra an-suaiteach do gach duine óg is ea bás duine mhuinteartha, agus is measa fós an eachtra nuair a tharlaíonn sí le linn scrúduithe.

Is athchóiriú tábhachtach é sin. Is é an toradh a bheidh air amach anseo go dtabharfar deis do dhaltaí Ardteistiméireachta ar cailleadh duine muinteartha leo páipéir mhalartacha a dhéanamh nuair a bheidh na scrúduithe ar siúl.

I mí Dheireadh Fómhair anuraidh, d'fhógair mé go bhfaigheadh Stair croístádas speisialta sa Chreat don tSraith Shóisearach. Creidim go bhfuil tuiscint ar an stair ríthábhachtach do na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh.

Tá na cinntí tábhachtacha sin a rinneadh ar son ár ndaltaí mar fhianaise ar a shofhreagraí agus ar a fhorásaí atá ár gcóras oideachais.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil chomh maith leis an Roinn as ucht na hoibre agus na tacaíochta atá tugtha aici ó thaobh tuilleadh béime a chur ar an nGaeilge i scoileanna agus sa chóras oideachais i gcoitinne.

Is cúis áthais dom go raibh deis agam an díriú athnuaite ar an nGaeilge inár gcóras oideachais a threorú le linn mo chuid ama sa Roinn. Mar chuid den obair sin, ainmníodh cúig bhunscoil nua mar bhunscoil Ghaeilge; leasaíodh na critéir atá le breithniú i ndáil leis an nGaeloideachas mar chuid de phróisis phátrúnachta; seoladh athbhreithniú ar an mbeartas Gaeloideachais; agus reáchtáladh tionscadal Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teangacha ina dteagasctar ábhair amhail corpoideachas trí Ghaeilge.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne oifigigh na Roinne agus Mary Mitchell O'Connor agus John Halligan, na hAirí Stáit.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le gach duine a oibríonn san earnáil oideachais agus oiliúna as a gcuid oibre sa bhliain 2019, agus rannchuidiú ollmhór á dhéanamh acu le héachtaí na Roinne.

Joe McHugh TD

An tAire Oideachais agus Scileanna

Brollach ón Aire Stáit Mitchell O'Connor

Le linn na bliana 2019, leanamar leis an gclár oibre athchóirithe san earnáil Ardoideachais. Cuirim fáilte roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla seo, ina dtarraingítear aird ar an obair atá ar bun ag an Roinn chun a chinntiú go ndéanfar an bunathrú sin a éascú agus a chur ar aghaidh.

Foráiltear le hAcht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, do shamhail nua ollscoileanna teicneolaíochta a fhorbairt. Agus í ag teacht i bhfeidhm go foirmiúil an 1 Eanáir 2019, is í an chéad ollscoil teicneolaíochta ná Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ar a dtugtar OT Bhaile Átha Cliath freisin agus a chuimsíonn Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir agus Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta, mar a bhí roimhe seo).

Rinneadh an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019, a shíniú ina dhlí i mí Iúil 2019. Réiteofar leis an Acht an bealach le haghaidh Marc Oideachais Idirnáisiúnta a fhorbairt lena úsáid agus dearbhú cáilíochta á dhéanamh ar sholáthraithe.

Seoladh *Creat um thoiliú in Institiúidí Ardoideachais* i mí Aibreáin 2019. Tá sé mar aidhm leis an gCreat a chinntiú go gcruthófar cultúr institiúideach campais atá sábháilte, measúil agus tacúil. Tá an Creat bunaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus ar thaighde idirnáisiúnta ar mhaithe le caighdeáin agus treoir a thabhairt d'institiúidí maidir leis na nithe a chabhraíonn le cultúr sábháilte tacúil a chruthú.

Leantar le feabhas a chur ar rochtain ar ardoideachas, go háirithe do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht sa tsochaí. Seoladh an *Plean Gníomhaíochta chun Rannpháirtíocht Taistealaithe san Ardoideachas a Mhéadú* ag deireadh na bliana seo caite. Ceapadh an plean i gcomhairle le grúpaí a dhéanann ionadaíocht do Thaistealaithe agus tá sé mar aidhm leis rannpháirtíocht Taistealaithe san ardoideachas a chothú agus a mhéadú.

Mary Mitchell O'Connor
Aire Stáit um Ardoideachas

Brollach ón Aire Stáit Halligan

Cuirim fáilte roimh an dul chun cinn a rinneadh i réimse na scileanna sa bhliain 2019 agus aithním foilsiú na Tuarascála Bliantúla ón Roinn Oideachais agus Scileanna don bhliain 2019. Bliain tháirgiúil i réimse na scileanna ba ea an bhliain seo caite. I gcomhar le mo chuid comhghleacaithe, lean mé ag obair chun an córas oideachais agus oiliúna a dhéanamh ina chóras sofhreagrach solúbtha ina bhfreastalaítear ar na riachtanais atá ag foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil.

Tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar roinnt éachtaí tábhachtacha a baineadh amach chun an fhís sin a bhaint amach.

Seoladh sraith nua cúrsaí faoi chlár Springboard+ 2019, rud a d'fhág go raibh 285 chúrsa ann san iomlán faoin gclár agus go raibh breis agus 9,000 áit ar fáil. Seoladh aon cheann déag de chláir nua phrintíseachta i réimsí éagsúla sa bhliain 2019, lena n-áirítear na Meáin, TFC, Innealtóireacht, Foirgníocht, agus Díolacháin.

Méadaíodh soláthar Skillnet Ireland i bpríomhréimsí scileanna. Áiríodh leis sin líonraí foghlama nua a bhunú chun oiliúint a chur ar bhainisteoirí gnóthais bhig is úinéirí agus chun cláir dheimhnithe nua a fhorbairt.

Tháinig borradh faoi chlár EXPLORE sa bhliain 2019 freisin. Faoin gclár sin, tugtar deiseanna foghlama do dhaoine atá san fhostaíocht ach nach bhfuil ag gabháil don chóras oideachais agus oiliúna ná do chláir uasoiliúna atá ann cheana agus cabhraítear le haghaidh a thabhairt ar an líon íseal oibrithe in Éirinn a ghlacann páirt i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag mo chuid comhghleacaithe sa mhórearnáil oideachais agus oiliúna agus dá rannpháirtíocht agus rannchuidiú leanúnach.

John Halligan
Aire Stáit um Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht,
Taighde agus Forbairt

Ráiteas ón Ard-Rúnaí

Is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil ón Roinn Oideachais agus Scileanna don bhliain 2019 a chur i láthair, rud ina mionsonraítear an dul chun cinn a rinneadh sa chéad bhliain dár Ráiteas Straitéise trí bliana 2019-2021. Sa Ráiteas Straitéise uaithi, leag an Roinn conair uaillmhianach amach le haghaidh tionscnaimh agus straitéisí a chur ar aghaidh ar mhaithe le córas oideachais agus oiliúna a sholáthar ina dtugtar d'fhoghlaimeoirí an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn uathu chun barr a gcumais a bhaint amach agus chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Cheiliúir an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais fiche bliain dá cuid oibre i mí na Samhna 2019. I dteannta tacaíocht a thabhairt do scoileanna, bíonn baint lárnach ag an tSeirbhís le forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais na Roinne i ndáil leis an oideachas speisialta agus le cuimsiú sóisialta. D'imir an tSeirbhís príomhról sa Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtas (2018-2023) ón Roinn a fhorbairt freisin. Aithnítear sa doiciméad sin an ról tábhachtach a imríonn scoileanna i bhfolláine daoine óga a chur chun cinn.

Is an-dearfach freisin atá na torthaí ó shuirbhéanna agus ó chomparáidí idirnáisiúnta, ina léirítear dea-thorthaí d'fhoghlaimeoirí i gcóras oideachais agus oiliúna na hÉireann. Is dearfach go háirithe atá na torthaí ón gClár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí (PISA) le déanaí, ina léirítear go bhfuil ár ndaltaí 15 bliana d'aois i measc na ndaltaí is fearr feidhmíocht i litearthacht léitheoireachta agus go bhfuil iar-bhunscoileanna in Éirinn gach pioc chomh maith, tríd is tríd, le hiar-bhunscoileanna i dtíortha eile. Tá na dea-thorthaí sin ar fad ina léiriú ar an gcomhar agus ar an rannpháirtíocht atá ar bun ina lán codanna den Roinn Oideachais agus i Ranna Rialtais eile agus i measc ár gcomhpháirtithe san oideachas agus san oiliúint.

Dhírigh an Roinn go géar ar na hullmhúcháin don Bhreatimeacht arís eile le linn na bliana 2019. Rinne sí maoirseacht ar rith Chuid a Cúig den Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2019, lena bhforáiltear go bhféadfar deontais SUSI a íoc le mic léinn Éireannacha sa Ríocht Aontaithe i gcás nach dtiocfar ar mhargadh um tharraingt siar. Lean an Roinn ag dul i dteagmháil le geallsealbhóirí san Earnáil Oideachais maidir leis na hullmhúcháin don Bhreatimeacht agus tá sí ag díriú anois ar a chinntiú go ndéanfar leasanna na hEarnála Oideachais a chosaint le linn na hidirbheartaíochta ar an gcaidreamh amach anseo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Roinne as a cuid oibre i mbliana agus le gach duine a oibríonn sa mhórearnáil oideachais agus oiliúna.

Seán Ó Foghlú
Ard-Rúnaí

Ár Misean

Daoine aonair a éascú, tríd an bhfoghlaim, barr a gcumais a bhaint amach agus rannchuidiú le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann.

Spriocanna 2019-2021

Ár spriocanna

SPRIOC 1
Cuirfimid cruth ar chóras oideachais agus oiliúna freagrach a shásaíonn riachtanais agus a ardaíonn ardaidhmeanna gach foghlaimeora.

SPRIOC 2
Cuirfimid ar aghaidh dul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu d'fhonn tacú leo a gcumas a bhaint amach.

SPRIOC 3
Tabharfaimid na scileanna agus an tacaíocht riachtanach do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun taithí foghlama d'ardchaighdeáin a chur ar fáil.

SPRIOC 4
Treiseoimid na caidrimh idir oideachas agus an pobal i gcoitinne, an sochaí agus an geilleagar.

SPRIOC 5
Treoróimid seachadadh treo straitéiseach agus córas tacúil i gcomhpháirt le príomh-gheallsealbhóirí san oideachas agus oiliúint.

Déantar feidhmíocht na Roinne sa bhliain 2019 a thomhas in aghaidh na bpríomh-aschur agus na bpríomhtháscairí feidhmíochta atá leagtha amach sa *Ráiteas Straitéise 2019-2021*.

Tugtar in Aguisín B sonraí corparáideacha ginearálta ina leagtar amach an teagmháil fhairsing a bhí againn lenár mbonn custaiméirí agus leis an mór-státseirbhís.

Forbhreathnú ar na príomhghníomhartha a rinneadh le linn na bliana 2019

Tá an t-oideachas agus an oiliúint tábhachtach do dhaoine, agus tá sé mar aidhm leis an Ráiteas Straitéise ón Roinn bealach a chur ar fáil do dhaoine chun a gcumas ar fad a bhaint amach, chun saol níos saibhre a bheith acu agus chun cabhrú lenár sochaí forbairt. Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo na gníomhaíochtaí a rinne an Roinn le linn na bliana 2019 agus tugtar tuairisc inti ar an dul chun cinn a rinneadh i dtreo an Ráiteas Straitéise uainn a chur chun feidhme.

Leanadh le díriú ar **Fholláine** le linn na bliana 2019. Mar chuid den obair sin, triaileadh samhail nua um chuimsiú scoile lena gcomhtháthaítear seirbhísí daltalárnacha; rinneadh meastóireacht ar an treoir-Thionscadal Taispeána Teiripe Ionscoile; agus leanadh le méadú a dhéanamh ar an líon síceolaithe de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais a thacaíonn leis an *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtas 2018 – 2023* a chur chun feidhme.

Leanadh le **curaclam na bunscoile** a fhorbairt, agus tuarascáil á foilsiú maidir le códú agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil. Sa tuarascáil sin, sainaithníodh na trí ghné d'inniúlacht dhigiteach – cruthú leis an teicneolaíocht, an teicneolaíocht a thuiscint, agus an teicneolaíocht a úsáid – atá ríthábhachtach maidir le códú agus smaointeoireacht ríomhaireachtúil a áireamh i gcuraclam. Leagadh amach inti freisin na bearta gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a theastaíonn chun an méid sin a bhaint amach. Ó mhí Mheán Fómhair 2020 amach, ceanglófar ar gach iar-bhunscoil Stair a thairiscint mar ábhar Sraithe Sóisearaí agus ceanglófar ar gach dalta a thosóidh an chéad bhliain ó shin i leith staidéar a dhéanamh ar Stair mar chuid den churaclam.

Maidir le **forbairt scileanna criticiúla**, féachadh le móiminteam a chothú taobh thiar de na huaillmhianta atá againn do STEM agus do theangacha iasachta, agus sinn ag dúnadh na bearna i litearthacht agus in uimhearthacht agus ag baint leas as na bunathruithe san fhoghlaim a éascaítear leis an teicneolaíocht dhigiteach.

Seoladh an **Tionscnamh Caipitil Dhaonna** i mí na Samhna 2019, rud lena ngabhfaidh infheistíocht €300m thar thréimhse cúig bliana idir 2020 agus 2024. Is é an aidhm atá leis an tionscnamh acmhainn bhreise a chruthú ar fud na hEarnála Ardoideachais ionas gur féidir freastal ar na riachtanais scileanna tosaíochta atá ag an lucht fiontair.

Leanadh ag obair chun tacú le **foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste** agus chun **cuimsiú a mhéadú** tríd an snáithe Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS) den Chiste Sármhaitheasa Scoile a leathnú tuilleadh. Forbraíodh treoirlínte do scoileanna chun tacú le haistrithe rathúla ón réamhscoil chuig an mbunscoil agus ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil.

Athbhreithníodh an próiseas trína leithdháiltear múinteoirí oideachais speisialta ar scoileanna chun a chinntiú go bhfuil sonraí ar fáil agus go bhfuil teagmháil ann leis an earnáil chun go n-athrófaí próifílí scoile chun dáta ionas go mbeifí in ann leithdháiltí nua a dhéanamh don scoilbhliain 2019/20. Tá cúntóirí riachtanas speisialta ag tacú sa scoilbhliain reatha le thart ar 37,500 dalta a bhfuil riachtanais bhreise chúraim acu.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar bhearta a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar rochtain ar an ardoideachas do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, lena n-áirítear taistealaithe, tuismitheoirí

singil agus na bodhair agus daoine a bhfuil lagú éisteachta orthu. Soláthraíodh tuilleadh tacaí airgeadais trí mhéadú €1 mhilliún sa Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn do mhic léinn sa Mháistreacht Ghairmiúil Oideachais, trí leanúint leis an Treoirscéim Tacaíochta do Mhic Léinn, trí scéim tacaíochta deontas d'iarrthóirí tearmainn in oideachas tríú leibhéal agus trí roinnt feabhsuithe a cuireadh ar an Scéim Deontas Mac Léinn 2019/20 chun dul chun tairbhe do roinnt de na mic léinn faoin míbhuntáiste is mó.

Cuireadh clár nua forbartha gairmiúla leanúnaí ó Aistear i bhfeidhm; forbraíodh creat féinmheastóireachta chun tacú le Síolta (an chreatlach náisiúnta cáilíochta) agus Aistear (creatchuraclam na luath-óige) a chur chun feidhme tríd an tsamhail nua atá i bhfeidhm le haghaidh meantóireacht agus tacaí oiliúna a sholáthar faoi Thionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear; agus seoladh critéir dhámhachtana gairmiúla agus treoirlínte maidir le cláir chéime oideachais ghairmiúil tosaigh don earnáil.

Soláthraíodh roinnt samhlacha nua cigireachta mar chuid de chláir oibre Chigireacht na Roinne le linn na bliana 2019. Le linn clár náisiúnta cigireachtaí luathbhlianta a dhéanamh, tugadh comhairle agus tacaíodh le feabhas forásach i gcaighdeáin, ceannaireacht agus gníomhaíochtaí foghlama san earnáil sin.

Rinneadh an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019, a shíniú ina dhlí i mí Iúil 2019. Réitítear leis an Acht an bealach le haghaidh **Marc Oideachais Idirnáisiúnta** a fhorbairt lena úsáid agus dearbhú cáilíochta á dhéanamh ar sholáthraithe.

Rinneadh dul chun cinn ar an obair atá ar bun chun an **Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí** a chomhlíonadh, agus Samhail Sonraí faoin bhFórsa Saothair Múinteoireachta á forbairt chun pleanáil sa todhchaí a éascú le haghaidh soláthar múinteoirí agus an éilimh orthu.

Cinntíonn an t-athchóiriú in **oideachas tosaigh múinteoirí** go sealbhaíonn múinteoirí na scileanna cearta le haghaidh teagasc, foghlaim agus measúnú an 21ú haois a dhéanamh. Le foilsiú "Struchtúr an Oideachais Múinteoirí in Éirinn: Athbhreithniú ar an Dul Chun Cinn ar Athchóiriú a Chur Chun Feidhme", ar athbhreithniú ar oideachas múinteoirí é, is féidir a fheiceáil go bhfuil na hionaid um oideachas múinteoirí i mbun teagmháil chuiditheach leis an Údarás um Ard-Oideachas chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gclár don athrú sa réimse seo.

Neartaíodh **naisc leis an tsochaí agus le fostóirí** ar fud roinnt réimsí gníomhaíochta sa bhliain 2019. Tacaíodh le foghlaimeoirí trí athbhreithniú neamhspleách ar ghairmthreoir a fhoilsiú agus trí na gníomhartha tosaíochta san athbhreithniú a chur chun feidhme. Seoladh sraith nua cúrsaí faoi chlár Springboard+ 2019, rud a d'fhág go raibh 285 chúrsa ann faoin gclár agus go raibh breis agus 9,000 áit ar fáil. Méadaíodh na roghanna d'fhoghlaimeoirí tuilleadh le bunú **Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath**, an chéad ollscoil teicneolaíochta a bunaíodh riamh.

Sa Phlean Gníomhaíochta do Scileanna TFC 2019-2022, tugtar an treo straitéiseach le haghaidh seirbhísí a dhearadh agus a sholáthar sa réimse tábhachtach seo.

Leanadh le **foghlaim ar feadh an tsaoil agus uasoiliúint a chur ar aghaidh agus a chur chun cinn** trí na nithe seo: clár EXPLORE a leathnú, rud a bhfuil mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar an líon íseal oibrithe in Éirinn a ghlacann páirt i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil;

an clár ‘Scileanna chun Dul Chun Cinn’ a chur chun feidhme, rud a bhfuil mar aidhm leis cur leis na scileanna atá ag aosaigh a bhfuil leibhéil ísle scileanna acu; agus tacú le cur chun feidhme a dhéanamh ar *Conairí Uasoiliúna – Deiseanna Nua d’Aosaigh*, ar Tionscnamh de chuid an Aontais Eorpaigh é a chabhraíonn le haosaigh a bhfuil ar bheagán scileanna leibhéil bhunúsacha scileanna litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha a ghnóthú.

Méadaíodh soláthar Skillnet Ireland i bpríomhréimsí scileanna. Áiríodh leis sin líonraí foghlama nua a bhunú chun oiliúint a chur ar bhainisteoirí gnóthais bhig is úinéirí agus chun cláir dheimhnithe nua a fhorbairt. Tacaíodh leis na **Fóraim Réigiúnacha Scileanna** agus leis an tionscnamh **Scileanna le haghaidh Fáis** trí chomhpháirtíochtaí nua a fhorbairt chun cabhrú le níos mó fostóirí a riachtanais scileanna sa todhchaí a shainaithint. Anuas air sin, dearadh treoirchlár nua d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá i mbun uasoiliúint den chéad uair.

Coinníodh díriú domhanda ar bun ar fud na bliana 2019 trí leanúint go rathúil leis na gníomhartha agus na spriocanna atá leagtha amach sa ***Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta 2016-2020*** a bhaint amach, agus 30 cuairt oideachais ardleibhéil idirnáisiúnta á n-éascú ó thíortha comhpháirtíochta.

Ag léiriú na suime méadaithí i réimse leathan an athraithe aeráide dúinn, thug an Roinn tuairisc ar ghníomhartha na hearnála oideachais, faoi mar atá siad leagtha amach sa “*Phlean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** 2018-2020*”, an chéad phlean dá leithéid riamh in Éirinn. Úsáidfear an méid sin mar threoir agus plean comharbais á fhorbairt sa bhliain 2020.

B’ionann caiteachas caipitil san earnáil scoileanna agus €665 mhilliún. B’ionann caiteachas caipitil ar bhonneagar ardoideachais agus €65 mhilliún.

Rinneadh na nithe seo a leanas laistigh den earnáil ardoideachais agus den earnáil breisoideachais agus oiliúna: cuireadh tús le soláthar faoin gClár Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí chun cur leis an acmhainn atá ann in Ollscoileanna Teicneolaíochta/Institiúidí Ardoideachais; rinneadh dul chun cinn ar Thionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí Ghráinseach Ghormáin a thógáil; tacaíodh le hoibreacha agus feabhsuithe bonneagair beaga agus riachtanacha in Institiúidí Teicneolaíochta agus in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath trí dheontais chaipitil ab fhiú €10 milliún san iomlán a sholáthar; agus íocadh Deontais Trealaimh Phrintíseachta ab fhiú €8.1 milliún le hInstitiúidí Ardoideachais rannpháirteacha.

Leanadh leis an tsamhail **cistiúcháin ardoideachais** a athchóiriú agus rinneadh an Ciste Feidhmíochta Ardoideachais a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Soláthraíodh cistiú le haghaidh ceannaireacht agus forbairt acmhainne in Institiúidí Ardoideachais, le haghaidh forbairt acmhainne teagaisc agus foghlama in Institiúidí Ardoideachais agus le haghaidh taighde agus nuálaíocht in Institiúidí Teicneolaíochta agus in Ollscoileanna Teicneolaíochta.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar **sheirbhísí comhroinnte agus ar sholáthar láraithe** chun córais bhainistíochta a neartú ar fud seirbhísí éagsúla sa Roinn agus san earnáil.

Dul chun cinn ar na cúig phríomh-Sprioc Straitéiseacha sa bhliain 2019

Le linn na bliana 2019, rinne an Roinn dul chun cinn suntasach ar na spriocanna atá leagtha amach sa *Ráiteas Straitéise* agus sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2019-2021* a bhaint amach. Aithnítear sa *Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2019* an dul chun cinn córasach suntasach a rinneadh faoi gach ceann de na cúig sprioc atá againn:

Sprioc 1: Cuirfimid cruth ar chóras oideachais agus oiliúna sofhreagrach a shásaíonn riachtanais agus a ardaíonn ardaidhmeanna gach foghlaimeora.

Is é atá i gceist leis an sprioc seo timpeallachtaí foghlama a thógáil ina gcothaítear sláinte, folláine agus forbairt phearsanta do gach foghlaimeoir. I dtimpeallachtaí dearfacha sofhreagracha, tugtar deiseanna do gach foghlaimeoir páirt iomlán a ghlacadh ina n-eispéireas oideachais agus oiliúna agus an tairbhe is mó is féidir a bhaint as. Fágann sé sin, maidir le torthaí níos fearr a bhaint amach d'fhoghlaimeoirí, don tsochaí agus don gheilleagar, go mbaineann ríthábhacht le curaclaim agus measúnuithe a fhorbairt agus a athbhreithniú, le haistrithe a chumasú agus le glacadh leis an gcumhacht atá ag teicneolaíochtaí digiteacha ar fud chontanam an oideachais agus na hoiliúna.

Súil Siar ar an mBliain faoin Sprioc seo

- Mar chuid de na mórathruithe a rinneadh ar an bpróiseas scrúduithe Ardteistiméireachta, cuireadh socruithe speisialta i bhfeidhm do dhaltaí ar cailleadh duine muinteartha leo chun iad a chumasú páipéir mhalartacha a dhéanamh i mí Iúil. Laghdaíodh an tréimhse ama le haghaidh torthaí a fháil freisin.
- Foilsíodh Ciorcláin nua ina sonraítear na himthosca eisceachtúla ina bhféadfaidh scoil díolúine a dheonú ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge.
- Tugadh tionscadal Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teangacha Iasachta isteach don Idirbhliain.
- Cuireadh tús le staidéar fadaimseartha ar an gCreat Foghlama Digití agus ar a chur chun feidhme i scoileanna. Cuireadh tús freisin le cúrsa ar líne i bhFisic ardleibhéil na hArdteistiméireachta trí Ghaeilge a sholáthar ó scoileanna ríomh-Mhoil Gaeltachta do dhaltaí in iar-bhunscoileanna eile Gaeltachta.
- Earcaíodh síceolaithe breise chuig an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais chun rochtain a mhéadú ar an tSeirbhís agus chun cur leis an raon tacaí ionscoile atá ar fáil uaithi.
- Seoladh creat toilithe lena úsáid ag institiúidí ardoideachais.
- Thacaigh an Roinn le cur chun feidhme a dhéanamh ar reachtaíocht lena bhforáiltear do bheart intuarthachta cíosa i gcóiríocht shaintógtha do mhic léinn tríú leibhéal.

Is leagtha amach thíos atá tuilleadh sonraí faoin Sprioc seo.

1.1 An curaclam ar leibhéal na bunscoile

Leanann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ag obair ar churaclam na bunscoile a athfhorbairt agus a athbhreithniú. Mar chuid den obair sin, bíonn an Chomhairle ag dul i dteagmháil leathan le geallsealbhóirí oideachais agus le daoine aonair agus grúpaí

leasmhara eile, lena n-áirítear trí obair go díreach le scoileanna ar fud na tíre ar na tosaíochtaí atá acu agus ar na riachtanais atá acu le curaclam athfhorbartha. Foilseoidh an Chomhairle dréacht-fhorbhreathnú ar churaclam athfhorbartha go luath sa bhliain 2020. Úsáidfear an dréacht sin mar bhonn do chomhairliúchán fairsing, ar a mbeidh cruth agus treo foriomlán an churaclaim athfhorbartha bunaithe.

Leagtar amach i gCuraclam Teanga na Bunscoile/Primary Languages Curriculum an dóigh a dtabharfaidh leanaí faoi fhoghlaim teanga i mBéarla agus i nGaeilge. Tosaíodh ar an gCuraclam Teanga a thabhairt isteach do scoileanna ar bhonn céimnithe sa bhliain 2016, ag díriú ar rang na naíonán sóisearach go rang a dó ar dtús. Leanadh le hobair ar an gCuraclam Teanga le linn na bliana agus seoladh Céimeanna 1–4 (rang na naíonán sóisearach go rang a sé) i mí Mheán Fómhair 2019.

Faigheann an Curaclam Teanga tacaíocht ó spás athfhorbartha tacaíochta ar líne agus ó shamhail mharthanach forbartha gairmiúla atá á soláthar ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Is thar thréimhse trí bliana a sholáthrófar an tacaíocht mharthanach sin.

Foilseacháin sa bhliain 2019:

- *Cruachóip de Churaclam Teanga na Bunscoile do chéimeanna 1 – 4 (rang na naíonán sóisearach go rang a sé)*
  Ciorclán 45/2019 (Bunoideachas) - Curaclam Teanga na Bunscoile, Céimeanna 1–4 (rang na naíonán sóisearach go rang a sé) - Tacaíocht agus Cur i bhFeidhm

1.2 An curaclam ar leibhéal na hiar-bhunscoile

Leantar leis an gCreat nua don tsraith shóisearach a chur chun feidhme. Tosaíodh an obair sin i mí Mheán Fómhair 2014 nuair a tugadh an tsonraíocht nua do Bhéarla isteach. Ó mhí Mheán Fómhair 2019 amach, tugadh sonraíochtaí nua isteach do gach ábhar ar aon dul leis an gCreat don tsraith shóisearach. Úsáidtear clár cuimsitheach forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí chun tacú leis na sonraíochtaí nua sin a thabhairt isteach.

Den 21 ábhar atá ar fáil faoin gCreat don tsraith shóisearach, níl ach ceithre cinn éigeantach – is iad sin: Matamaitic, Gaeilge, Béarla agus Stair. Tháinig an ceanglas chun staidéar a dhéanamh ar Stair sa tsraith shóisearach sna sála ar an gcinneadh a rinne an tAire Oideachais agus Scileanna i mí Dheireadh Fómhair 2019 croístádas speisialta a thabhairt do Stair faoin gCreat don tsraith shóisearach.

Tá treo an athchóirithe ar an tsraith shóisearach ag teacht leis an gcleachtas atá ar bun i gcórais eile oideachais ardfheidhmíochta, cosúil leo sin sa Nua-Shéalainn, in Queensland, san Eastóin agus san Fhionlainn, ina dtugtar tuilleadh neamhspleáchais agus solúbthachta do scoileanna agus na cláir a thairgeann siad á bhforbairt acu.

Rinne an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta an Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a fhoilsiú i mí na Nollag 2019.

Tá roinnt forbairtí á ndéanamh ar leibhéal na Sraithe Sinsearaí faoi láthair, lena n-áirítear athbhreithniú agus cur chun feidhme leathan a dhéanamh ar shonraíochtaí nua agus ar shonraíochtaí athbhreithnithe.

Chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta tús le hathbhreithniú fairsing ar chláir agus conairí gairme sa tSraith Shinsearach ag deireadh na bliana 2016. I rith na scoilbhliana 2018/19, chuaigh an Chomhairle i dteagmháil le sampla ionadaíoch 41 scoil i dtimthriallta comhairliúcháin tosaigh an athbhreithnithe. Reáchtáladh seimineár náisiúnta ag deireadh an dá thimthriall, rud ar fhreastail ionadaithe do na scoileanna rannpháirteacha

agus do na comhpháirtithe oideachais air. Díríodh sa chéad cheann den dá thimthriall comhairliúcháin ar chuspóir na Sraithe Sinsearaí agus ar smaointeoireacht don todhchaí. Díríodh sa dara timthriall comhairliúcháin ar chonairí agus ar sholúbthacht.

I mí Lúnasa 2019, chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta tús le comhairliúchán poiblí ar an athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach. Foilsíodh an *Tuarascáil Eatramhach ar an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach* agus an *Cháipéis Comhairliúcháin ar an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach* chun an comhairliúchán sin a chomhlánú. Mar chuid den chomhairliúchán, iarradh ar dhaoine aonair agus ar eagraíochtaí aiseolas a thabhairt ar na réimsí lena bhforbairt, bunaithe ar an athbhreithniú a rinneadh go dtí sin, agus an méid sin a dhéanamh trí shuirbhé ar líne a chomhlánú, trí aighneacht i scríbhinn a dhéanamh nó trí fhreastal ar chruinniú réigiúnach fócasghrúpa. Le linn na céime comhairliúcháin sin, d'éist breis agus 150 duine ón earnáil oideachais ar fad leis na tuairimí ó raon cainteoirí éagsúla agus ghlac siad páirt i ndíospóireachtaí comhchéime. Ba é an 01 Samhain 2019 an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara. Tá an Chomhairle ag cur tuarascáil chomhairleach deiridh le chéile anois, rud atá le heisiúint sa dara ráithe den bhliain 2020.

Tosaíodh ar Chorpoideachas na hArdteistiméireachta (inscrúdaithe) agus Corpoideachas na Sraithe Sinsearaí (neamh-inscrúdaithe) a thabhairt isteach in 80 scoil ar bhonn céimnithe i mí Mheán Fómhair 2018, agus tá daltaí Ardteistiméireachta i 64 scoil chun na chéad scrúduithe corpoideachais a dhéanamh i mí an Mheithimh 2020. Bhí sé mar aidhm leis an obair a rinneadh sa bhliain 2019 tacú le scoileanna na hábhair nua a sholáthar agus, i gcás Chorpoideachas na hArdteistiméireachta, treoirlínte a chur ar fáil maidir le socruithe measúnachta, lena n-áirítear iad sin don Tionscadal Gníomhaíochta Fisiciúla.

Tosaíodh Céim 1 d'Eolaíocht Ríomhaireachta na hArdteistiméireachta i mí Mheán Fómhair 2018, agus an t-ábhar á thairiscint do dhaltaí cúigiú bliain i 40 scoil. Leanadh le tacaíocht a thabhairt do scoileanna an t-ábhar nua a sholáthar, agus triail á déanamh ar an gcomhpháirt ríomhairebhunaithe den scrúdú chun cleachtadh a thabhairt do scoileanna ar an gcomhpháirt sin roimh an gcéad scrúdú Ardteistiméireachta, a bhí le déanamh i mí na Bealtaine 2020.

Rinneadh roinnt athruithe beaga ar an tsonraíocht do Pholaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta, a tugadh isteach den chéad uair sa bhliain 2016. Tháinig na hathruithe sin i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2019. Thug 16 scoil nua le fios go raibh sé ar intinn acu an t-ábhar a thairiscint do dhaltaí cúigiú bliain i mí Mheán Fómhair 2019, agus iad ag clárú don chlár forbartha gairmiúla leanúnaí ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí.

Tugadh sonraíochtaí athbhreithnithe isteach d'Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta agus d'Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta i mí Mheán Fómhair 2019. Tá an chéad scrúdú sna hábhair sin le déanamh i mí an Mheithimh 2021.

I bhfianaise inneachar na sonraíochtaí athbhreithnithe d'Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta agus d'Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta, scoireadh d'Eacnamaíocht Talmhaíochta a thairiscint mar ábhar i mí Mheán Fómhair 2019.

Foilseacháin sa bhliain 2019:

- *Ciorclán 55/2019 - Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt faoi leith don scoilbhliain 2019/20* https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0055_2019_ir.pdf

1.3 Tacaíocht a thabhairt d'iarrthóirí ar cailleadh duine muinteartha leo ag am scrúduithe

Ag gníomhú dó de bhun leathnú ar na forálacha éigeandála den Scéim um Fhreastal Réasúnta i Scrúduithe Deimhnithe (RACE), thug Coimisiún na Scrúduithe Stáit foráil theoranta isteach ar bhonn treorach eatramhach chun tacaíocht a thabhairt d'iarrthóirí Ardteistiméireachta agus Ardteistiméireachta Feidhmí a bhfuair duine muinteartha leo bás le linn thréimhse na scrúduithe scríofa. Tá an beart nua leagtha amach i gCiorclán S58/19 ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

1.4 Gaeilge

I mí Mheán Fómhair 2019, nuashonraigh an Roinn an treoir uaithi maidir le díolúintí a dheonú ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge. Sonraítear sa treoirnóta nua na himthosca eisceachtúla ina bhféadfaidh scoil díolúine a dheonú ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge. Tá an treoir bunaithe ar phróiseas fairsing comhairliúcháin phoiblí.

Ba i mí Mheán Fómhair 2019 freisin a d'iarr an Roinn ar shuíomhanna luathbhlianta, ar bhunscoileanna agus ar iar-bhunscoileanna spéis a léiriú i bpáirt a ghlacadh i dtreoirthionscadal 3 bliana i bhFoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha, ar lena linn a dhéanfaí ábhar amhail Corpoideachas a theagasc agus a fhoghlaim trí Ghaeilge. Roghnaíodh 19 gcinn san iomlán de shuíomhanna agus de scoileanna lena n-áireamh sa treoirthionscadal agus tosaíodh ag pleanáil d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do mhúinteoirí rannpháirteacha d'fhonn Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha a thabhairt isteach sa seomra ranga tar éis Cháisc na bliana 2020.

Foilseacháin sa bhliain 2019:

- *Ciorclán 0052/2019 (Bunoideachas) - Díolúintí ó staidéar ar an nGaeilge* https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0052_2019_ir.pdf
- *Ciorclán 0053/2019 (Iar-bhunoideachas) - Díolúintí ó staidéar ar an nGaeilge* https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0053_2019_ir.pdf

1.5 Teangacha Iasachta

Le linn na bliana 2019, leanadh le feasacht a mhéadú (www.languagesconnect.ie) ar an tábhacht a bhaineann le teanga iasachta a fhoghlaim. Reáchtáladh ócáid #ThinkLanguages do bhreis agus 3,000 dalta Idirbhliana agus d'fhreastail stiúrthóirí an chláir 'Déanann Teangacha Nasc' ar raon leathan comhdhálacha agus ócáidí. Tugadh tionscadal Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teangacha Iasachta isteach don Idirbhliain.

D'eisigh an Roinn treoirnóta maidir leis an bhfáil ar leithdháileadh breise uaireanta teagaisc chun cabhrú le teangacha iasachta a éagsúlú sa churaclam. De bhun Ciorclán 31/2019 a eisiúint, féadfar leithdháileadh breise uaireanta a thabhairt do scoileanna chun na teangacha iasachta is lú teagasc (Iodáilis, Seapáinis agus Rúisis) a thairiscint.

Méadaíodh an líon Cúntóirí Teanga Iasachta i scoileanna in Éirinn arís eile ó 139 nduine sa bhliain 2018/19 go 166 dhuine sa bhliain 2019/20, suas ó 120 duine sa bhliain 2017/18. Chomh maith leis sin, earcaíodh Comhlaigh Theanga Iasachta ar fud na tíre chun tacú leis an gclár 'Déanann Teangacha Nasc'. Tacaíonn na Comhlaigh sin le pobail chleachtais do mhúinteoirí teanga iasachta ar fud na tíre freisin.

Soláthraíodh cistiú arís le haghaidh malartuithe scoile agus le haghaidh uasoiliúint múinteoirí.

Foilseacháin sa bhliain 2019:

- Ciorclán 31/2019 - Éagsúlú Soláthair Teangacha Iasachta sa Churaclam https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0031_2019_ir.pdf

1.6 Litearthacht agus Uimhearthacht

Ar mhaithe le feabhas a chur ar thorthaí litearthachta agus uimhearthachta, leanadh leis an "Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta 2011-2020" a chur chun feidhme trí thabhairt faoi na gníomhartha nua atá leagtha amach san Athbhreithniú Eatramhach 2017-2020. Tionóladh an chéad Fhóram Litearthachta agus Uimhearthachta riamh i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus bhí an dara fóram bliantúil ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2019. Bhí sé mar aidhm leis na hócáidí sin cáilíocht, sármhaitheas agus nuálaíocht a chur chun cinn agus a spreagadh i litearthacht agus uimhearthacht agus, i measc nithe eile, cuireadh eiseamláirí i gcóras scoileanna na hÉireann i láthair lena linn.

1.7 Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM)

Foilsíodh an Ráiteas Polasaí um Oideachas STEM 2017–2026 ón Roinn i mí na Samhna 2017. Leagtar amach ann na spriocanna agus na gníomhartha uaillmhianacha a theastaíonn chun feabhas a chur ar an eispéireas agus na torthaí in oideachas STEM do gach foghlaimeoir. Bunaíodh Grúpa Comhairleach um Oideachas STEM a Chur Chun Feidhme chun na gníomhartha atá sa Phlean um Oideachas STEM a Chur Chun Feidhme 2017-2019 a chur ar aghaidh. Leis an bPlean sin, cuirtear leis an raon athchóirithe agus tionscnamh atá ar siúl cheana féin in oideachas STEM i réimsí amhail athchóiriú curaclaim agus measúnachta, forbairt ghairmiúil múinteoirí, foghlaim dhigiteach a leabú, agus dul chun cinn in Oideachas Tosaigh Múinteoirí. Bunaíodh roinnt foghrúpaí faoi bhun an Ghrúpa Chomhairligh chun réimsí ar leith a chur ar aghaidh freisin. Áirítear leis na réimsí sin STEM agus na hEalaíona, Cothromaíocht Inscne san Earnáil STEM agus Rannpháirtíocht an Lucht Gnó/Tionscail leis an Oideachas. Agus leas á bhaint as an gceannteideal #IGetPaidToDoThis, reáchtáladh feachtas feasachta i gcomhar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann i mí Eanáir 2019 chun aird a tharraingt ar na cineálacha difriúla gairme atá ann.

1.8 An Straitéis Dhigiteach

Sa *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020: Teagasc, Foghlaim agus Measúnú a Fheabhsú*, leagtar amach fís shoiléir atá dírithe ar acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha a bhaint amach ar mhaithe le heispéiris foghlama daltaí a bhunathrú chun feabhais trí chabhrú leo a bheith ina smaointeoirí gafa, ina bhfoghlaimeoirí gníomhacha, ina gcruthaitheoirí eolais agus ina saoránaigh dhomhanda a ghlacann páirt iomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar.

Tá an Straitéis bunaithe ar cheithre phríomhthéama:

- TFC a Úsáid don Teagasc, don Fhoghlaim agus don Mheasúnú
- Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí
- Ceannaireacht, Taighde agus Beartas
- Bonneagar TFC

Ag eascairt as an Straitéis, tá an "Plean Gníomhaíochta don Straitéis Dhigiteach 2019" á chur chun feidhme ag an Roinn faoi láthair. Tá Grúpa Comhairleach Cur Chun Feidhme ag déanamh faireachán ar dhul chun cinn an Phlean. Cuimsíonn an Grúpa ionadaithe ón Roinn agus ón tionscal, saineolaithe acadúla, cleachtóirí/múinteoirí agus an earnáil dheonach teicneolaíochta.

Mar gheall ar an ngá atá ann le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar TFC na scoileanna agus le é a thabhairt cothrom le dáta, éascaítear leis an Straitéis Dhigiteach ciste dar luach €210m a leithdháiltear i bhfoirm deontas TFC. Faoi dheireadh na bliana 2019, dáileadh infheistíocht €110m ar scoileanna chun cabhrú leo a dtrealamh a thabhairt cothrom le dáta agus an Straitéis Dhigiteach a chur chun feidhme. Dáilfear na cistí atá fágtha ar feadh na coda eile de thréimhse feidhme na Straitéise.

1.9 An Creat Foghlama Digití

Cuireadh an Creat Foghlama Digití do mhúinteoirí le chéile chun cabhair agus treoir a thabhairt do scoileanna maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. Cuireadh an Creat ar fáil do na scoileanna uile i mí Mheán Fómhair 2018. Reáchtáladh clár fairsing forbartha gairmiúla leanúnaí, lenar áiríodh seimineáir náisiúnta, ceardlanna agus seimineáir Ghréasáin, agus soláthraíodh tacaí go díreach do scoileanna agus tacaí ar líne chun scaipeadh an Chreata a chomhlánú. Leanadh leis an gclár forbartha gairmiúla leanúnaí sin ar fud na bliana 2019.

I mí Eanáir 2019, choimisiúnaigh an Roinn an Foras Taighde ar Oideachas chun staidéar fadaimseartha trí bliana a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chreata. Is é an príomhchuspóir atá leis an staidéar, ina gcuimsítear 280 scoil, ná meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chreata ó thaobh príomhoidí scoile, ceannairí foirne foghlama digití, múinteoirí agus foghlaimeoirí de thar an tréimhse chomhaontaithe.

Críochnaíodh an chéad tuarascáil, ar tuarascáil bhonnlíne í, sa bhliain 2019 (foilsíodh an tuarascáil i mí Eanáir 2020 agus tá sí ar fáil ag http://www.erc.ie/2020/01/14/erc-publishes-baseline-report-on-digital-learning-framework-national-evaluation/). Tá sé mar aidhm leis an tuarascáil sin cur síos a dhéanamh ar an gcóras mar a bhí i dtús na céime cur chun feidhme. Seolfar suirbhéanna fadaimseartha agus agallaimh le fócasghrúpaí múinteoirí agus daltaí sna blianta 2020 agus 2021. Tá an tuarascáil deiridh le foilsiú sa bhliain 2022. Úsáidfear na tuarascálacha deireadh bliana a gheofar ón bhForas Taighde thar thréimhse an staidéir chun bonn eolais a chur faoin bhforbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthraítear do scoileanna agus úsáidfear an tuarascáil deiridh mar threoir agus beartais á bhforbairt amach anseo i réimse na teicneolaíochta digití san oideachas.

1.10 Tacaíocht theicniúil TFC i scoileanna

Aithnítear sa straitéis dhigiteach go dteastaíonn ó scoileanna tacaíocht theicniúil sheachtrach i ndáil leis an trealamh, leis an mbonneagar agus leis na córais TFC atá i bhfeidhm acu ionas gur féidir leo na nithe sin a úsáid chun tacú leis an teagasc, leis an bhfoghlaim agus leis an measúnú agus lena gcórais riaracháin agus phleanála. Aithnítear inti freisin gurb an-chasta an rud é tacaíocht theicniúil a thabhairt do na scoileanna uile agus gur gá breithniú cúramach a dhéanamh chun teacht ar réiteach lena bhfreastalaítear ar na héilimh uile atá ann ar fud an chórais scoileanna, ar timpeallacht dhigiteach an-éagsúil é. Chun cabhrú le scoileanna, tá raon comhairle maidir le tacaíocht theicniúil ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí – Teicneolaíocht san Oideachas, ar seirbhís tacaíochta múinteoirí atá á cistiú ag an Roinn í.

Leanann sainghrúpa le scrúdú a dhéanamh ar na réitigh thacaíochta teicniúla atá ar fáil do scoileanna freisin. Tá an sainghrúpa ag déanamh breithniú ar na riachtanais éagsúla tacaíochta teicniúla atá ag scoileanna, bunaithe ar na foinsí sonraí atá ar fáil, chun teacht ar an gcur chuige is fearr. Tá sé beartaithe dul i mbun comhairliúchán le geallsealbhóirí chun bonn eolais a chur faoi na réitigh.

1.11 Tacú leis an gCiste Sármhaitheasa Scoile – Clár Digiteach agus STEM trí bliana

Is é atá i gceist leis an gCiste Sármhaitheasa Scoile – Clár Digiteach agus STEM ná an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim a aithint agus a éascú. Tosaíodh an clár trí bliana sin sa bhliain 2018, agus cistiú €1m á leithdháileadh air. Leantar leis an gclár a chur ar aghaidh ar fud 40 braisle ina bhfuil thart ar 220 scoil. Reáchtáladh ócáid an-rathúil sárthaispeána i mí na Bealtaine 2019. I measc na nithe a cuireadh i láthair lena linn bhí tionscadail róbataice, tionscadail chódúcháin, tionscadail scéalaíochta digití agus tionscadail STEM. Tá sé mar aidhm leis an gclár tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do scoileanna comhoibriú lena chéile chun úsáid nuálach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim. Maidir leis na nithe a fhoghlaimeofar ó na braislí, scaipfear ar an mórchóras iad chun cabhrú le scoileanna eile agus chun bonn eolais a chur faoi bheartas sa réimse seo. Ceapadh *H2 Learning* chun meastóireacht a dhéanamh ar an gclár agus chun sainaithint a dhéanamh ar na nithe is féidir a chur chun feidhme tríd an mórchóras. Beidh tuarascáil eatramhach ar fáil tar éis an dara bliain den chlár.

1.12 Leithdháiltí Múinteoirí

Leithdháileadh 70,929 bpost teagaisc ar leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile sa bhliain 2019. Ath-imlonnaíodh 192 mhúinteoir bhuana ar leibhéal na bunscoile agus 46 mhúinteoir bhuana ar leibhéal na hiar-bhunscoile mar chuid den phróiseas ath-imlonnaithe sa bhliain 2019. Tar éis an phróisis le haghaidh múinteoirí buana barrachais a ath-imlonnú ar leibhéal na bunscoile, úsáidtear painéal forlíontach ath-imlonnaithe chun aon phoist bhuana atá fágtha a líonadh. Bhí beagán faoi bhun 1,300 múinteoir ar an bpainéal forlíontach ath-imlonnaithe sa bhliain 2019.

1.13 Samhail Nua um Leithdháileadh Acmhainní Teagaisc le haghaidh Riachtanais Speisialta Oideachais

Leithdháileadh 9,322 phost teagaisc oideachais speisialta ar leibhéal na bunscoile. Tá níos mó ná 1,390 ceann de na poist sin comhroinnte i measc scoileanna agus tá beagnach 2,750 scoil páirteach i socrú comhroinnte. Leithdháileadh 4,206 phost coibhéise lánaimseartha ar iar-bhunscoileanna faoin tsamhail riachtanas speisialta oideachais don scoilbhliain 2019/20.

1.14 Achomhairc Alt 29

Faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998, féadfar achomharc a dhéanamh chun Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais i leith cinneadh ó Bhord Bainistíochta scoile nó ó dhuine atá ag gníomhú thar ceann Bord Bainistíochta:

- mac léinn a eisiamh go buan ón scoil
- mac léinn a fhionraí ó fhreastal ar an scoil ar feadh tréimhse charnach 20 lá scoile in aon scoilbhliain ar leith nó
- diúltú mac léinn a rollú sa scoil.
- Fuair an Roinn 462 cheann d'achomhairc alt 29 sa bhliain 2019. Rinneadh éisteacht iomlán ar 288 gcinn (62%) de na hachomhairc sin. Seasadh le 98 gcinn de na hachomhairc a ndearnadh éisteacht iomlán orthu. Ba go páirteach a seasadh le 22 cheann de na hachomhairc sin. Níor seasadh le 190 achomharc.

1.15 An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Is é sprioc uileghabhálach an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 a chinntiú go bhfuil Gaeloideachas ar ardchaighdeán ar fáil i limistéir Ghaeltachta chun tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta agus an úsáid sin a chur chun cinn. Ó tosaíodh ar an bPolasaí a chur chun feidhme go luath sa bhliain 2017,

leithdháileadh buiséad is fiú thart ar €8m le haghaidh tacaí breise éagsúla a sholáthar chun an soláthar oideachais trí Ghaeilge a neartú i scoileanna Gaeltachta. Leithdháileadh €4.8m den fhigiúr sin sa bhliain 2019.

1.16 An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Ghlac 105 cinn de bhunscoileanna agus 29 gcinn d'iar-bhunscoileanna páirt sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta sa bhliain 2019. Tugadh rogha do scoileanna i limistéir phleanála teanga Gaeltachta aitheantas mar scoileanna Gaeltachta a lorg ar bhonn critéir theangabhunaithe shonracha a chur chun feidhme chun an tumoideachas a neartú agus ar choinníoll go bhfuil siad ag glacadh páirt i bpróiseas pleanála teanga dá bhforáiltear faoi Acht na Gaeltachta, 2012. Leithdháileadh acmhainní breise ar scoileanna rannpháirteacha, lenar áiríodh uaireanta breise teagaisc, deontas bliantúil le haghaidh acmhainní Gaeilge a cheannach, agus seisiúin forbartha gairmiúla leanúnaí ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Thug an Chigireacht 162 chuairt chomhairleacha ar scoileanna Gaeltachta le linn na bliana.

1.17 An Treoirthionscadal Ríomh-Mhoil agus Forás: Clár Forbartha Teanga

Bhí deis ag daltaí i scoileanna roghnaithe sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta páirt a ghlacadh sa treoirthionscadal ríomh-mhoil agus i dtreoirthionscadal ar a dtugtar Forás.

Seoladh an treoirthionscadail ríomh-mhoil go foirmiúil i mí Aibreáin 2019. Is é an aidhm atá leis leas a bhaint as soláthar ar líne chun cur leis an raon ábhar atá ar fáil trí Ghaeilge do dhaltaí in iar-bhunscoileanna Gaeltachta, agus Fisic na hArdteistiméireachta i gceist leis ar dtús. I mí Mheán Fómhair 2019, d'éirigh daltaí i gcúig scoil Ghaeltachta ar an gcéad chohórt riamh atá ag tabhairt faoin gclár ar líne i bhFisic na hArdteistiméireachta. Agus leas á bhaint acu as samhail foghlama cumaisc, is iad beirt mhúinteoirí ríomh-mhoil a sholáthraíonn an cúrsa óna scoil bhunáite. Ghlac 7 gcinn d'iar-bhunscoileanna páirt sa tionscadal sa bhliain 2019.

Is é an aidhm atá le Forás, ar treoirchlár forbartha teanga é, cabhrú le daltaí sraithe sóisearaí a bhfuil riachtanas soiléir acu lena scileanna Gaeilge a fhorbairt thar thréimhse eatramhach ionas gur féidir leo teacht ar an gcuraclam trí Ghaeilge. Faoin treoirchlár sin, déantar soláthar do mhúinteoir coibhéise lánaimseartha sa bhreis a leithdháileadh ar dhá iar-bhunscoil roghnaithe sa Ghaeltacht.

1.18 Meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta

Le linn na bliana 2019, thosaigh an tAonad um Oideachas Gaeltachta agus an Chigireacht ag obair leis an bhForas Taighde ar Oideachas ar Staidéar comhpháirteach Taighde agus Meastóireachta trí bliana a bhfuil mar aidhm leis measúnú a dhéanamh ar thionchar na Scéime Aitheantais Scoileanna Gaeltachta sna bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna atá páirteach inti. Mar chuid den Staidéar, tugadh faoi 18 gcás-staidéar in 18 scoil Ghaeltachta (12 bhunscoil agus 6 iar-bhunscoil) sa bhliain 2019.

1.19 Cláir nua oideachais mhúinteoirí trí mheán na Gaeilge

Ceann de na príomhaidhmeanna atá leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 is ea méadú a dhéanamh ar an líon múinteoirí ar féidir leo Gaeloideachas ar ardchaighdeán a sholáthar i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna Gaeltachta. Cistíodh suas le 60 áit gach bliain do chláir nua oideachais mhúinteoirí trí mheán na Gaeilge chun méadú a dhéanamh ar an líon múinteoirí ar féidir leo oideachas ar ardchaighdeán a sholáthar tríd an nGaeilge i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

Soláthraíodh 30 áit chistithe nua eile do mhúinteoirí agus príomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile sa Mháistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, ar cúrsa páirtaimseartha foghlama cumaisc é, sa bhliain 2019. Tosaíodh an cúrsa i gColáiste Mhuire gan Smál i mí Mheán Fómhair 2018.

Thosaigh Institiúid Oideachais Marino ar chúrsa 4 bliana Baitsiléara san Oideachas trí mheán na Gaeilge, ar clár oideachais tosaigh mhúinteoirí é, a sholáthar do mhúinteoirí bunscoile. Tá 30 áit chistithe ar fáil do gach cohórt nua mac léinn ó mhí Mheán Fómhair 2019 amach. Agus é ar an gcéad chlár Baitsiléara san Oideachas riamh a sholáthraítear go hiomlán trí Ghaeilge do mhúinteoirí bunscoile, bhí tús an chláir ina eachtra shuntasach ó thaobh chur chun feidhme an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta de agus ó thaobh stair an Ghaeloideachais de araon.

1.20 Scoileanna Oileáin

Lean iar-bhunscoileanna Gaeltachta ar na hoileáin le pacáiste sonrach tacaí breise a fháil chun tacú leo na dúshláin uathúla atá rompu a shárú. Soláthraítear na hacmhainní breise sin mar chuid de chur chun feidhme foriomlán an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus áirítear leo leithdháileadh méadaithe múinteoirí agus buiséad imfhálaithe bliantúil breise do gach iar-bhunscoil oileáin. Tá na tacaí sin de bhreis orthu sin a fhaigheann scoileanna mar chuid den Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

1.21 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)

Leanadh le tacaí agus acmhainní breise a sholáthar don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta chun tacú leis an ról lárnach atá aici sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta a chur chun feidhme. Áiríodh leis sin forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar don 134 scoil atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

Foilseacháin sa bhliain 2019

- *Foilsíodh Ciorcláin 0009/2019 agus 0010/2019 do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna atá páirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Foilsíodh Ciorclán 0011/2019 do scoileanna a bhí ag smaoineamh ar dhul isteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta sa bhliain 2019.*

1.22 An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

Le linn na bliana 2019, méadaíodh an líon ceadaithe síceolaithe atá ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais ó 194 shíceolaí coibhéise lánaimseartha go 204 shíceolaí coibhéise lánaimseartha chun tacú leis an *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtas 2018 – 2023* a chur chun feidhme i scoileanna. Chomh maith leis sin, soláthraíodh do scoileanna an raon tacaí ionscoile uile atá ar fáil ón tSeirbhís, lena n-áirítear cásobair, comhairliúchán, idirghabháil, oiliúint agus tacaíocht do phobail chleachtais.

Le linn na bliana 2018, méadaíodh an líon síceolaithe atá ag an tSeirbhís ó 172 shíceolaí coibhéise lánaimseartha i dtús na bliana go 198 síceolaí coibhéise lánaimseartha faoi dheireadh na bliana. Earcaíodh 33 shíceolaí nua san iomlán chuig an tSeirbhís agus cailleadh seachtar síceolaithe coibhéise lánaimseartha de bharr scor nó éirí as.

1.23 Ráiteas Polasaí Folláine

Leanadh le díriú ar Fholláine, agus triaileadh samhail nua um chuimsiú scoile lena gcomhtháthaítear seirbhísí daltalárnacha agus rinneadh meastóireacht ar an treoir-Thionscadal Taispeána Teiripe Ionscoile.

Rinneadh infheistíocht bhreise chun lá scaoilte amháin sa bhreis a thabhairt do phríomhoidí teagaisc i mbunscoileanna agus chun ceithre lá scaoilte sa bhreis a thabhairt do phríomhoidí teagaisc i scoileanna ina bhfuil ranganna speisialta.

1.24 An Tionscnamh Caipitil Dhaonna

Seoladh an Tionscnamh Caipitil Dhaonna ag deireadh na bliana 2019, rud lena ngabhfaidh infheistíocht €300m thar thréimhse cúig bliana idir 2020 agus 2024. Is é an aidhm atá leis an tionscnamh acmhainn bhreise a chruthú ar fud na hearnála ardoideachais ionas gur féidir freastal ar na riachtanais scileanna tosaíochta atá ag an lucht fiontair. Beidh an tionscnamh mar chuid lárnach de fhreagairt straitéiseach na tíre i leith aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna an gheilleagair, i leith rioscaí an Bhreatimeachta a mhaolú, i leith déileáil leis an digitiú agus le saol oibre na todhchaí agus i leith Éire a ullmhú do na dúshláin eile a d'fhéadfadh teacht roimh an ngeilleagar. A bhuí le hinfheistíocht €24 mhilliún ón Rialtas i gColún 2 den Tionscnamh Caipitil Dhaonna, cruthaíodh níos mó ná 3,000 áit nua ar 138 gcúrsa lánaimseartha fochéime in 22 cheann d'institiúidí ardoideachais poiblí agus príobháideacha i mí na Nollag 2019. Tá na cúrsaí sin le tosú i bhfómhar na mblianta 2020 agus 2021.

1.25 An Creat Toilithe do na hInstitiúidí Ardoideachais

I mí Aibreáin 2019, sheol an tAire Stáit um Ardoideachas an *Creat um Thoiliú in Institiúidí Ardoideachais: Sábháilte, Measúil, Tacúil agus Dearfach – Deireadh a Chur le Foréigean Gnéasach agus Ciapadh in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann*. Tá sé mar aidhm leis an gCreat a chinntiú go gcruthófar cultúr institiúideach campais atá sábháilte, measúil agus tacúil. Ba é Sainghrúpa Comhairleach a chuir an creat le chéile, agus é comhdhéanta d'acadóirí, de mhic léinn agus de cheannairí i réimse na sláinte gnéasaí i measc mic léinn. Cuireadh de dhualgas ar an Sainghrúpa caighdeáin a cheapadh lena gcur chun feidhme ag na hinstitiúidí uile ansin. Tá an Creat bunaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus ar thaighde idirnáisiúnta ar mhaithe le caighdeáin agus treoir a thabhairt d'institiúidí maidir leis na nithe a chabhraíonn le cultúr sábháilte tacúil a chruthú.

Leagtar amach ann aidhmeanna do mhic léinn, don Údarás um Ard-Oideachas, don Roinn Oideachais agus Scileanna agus do na hinstitiúidí ardoideachais féin agus dá gcuid ball foirne. Chuir an Roinn cistiú ar fáil sa bhliain 2019 chun tacú leis an gCreat a chur chun feidhme. Is iad seo a leanas na ceithre phríomhthoradh a bheidh ar an gCreat:

Cultúr institiúideach: Beidh struchtúir éifeachtacha i bhfeidhm agus leagfaidh na hinstitiúidí an fhreagracht as an gCreat a chur chun feidhme ar bhall den fhoireann bhainistíochta. Tabharfar ról do gheallsealbhóirí sa phróiseas sin.

- Próisis Institiúideacha: Taifeadfar teagmhais agus tuairisceofar staitisticí faoi theagmhais.
- Beartais institiúideacha: Beidh beartais thiomnaithe i bhfeidhm a bheidh ag teacht le haidhmeanna an Chreata agus beidh línte soiléire freagrachta, tuairiscithe agus trédhearcachta leagtha síos iontu. Tacóidh ceannairí na hinstitiúide leis na beartais sin a chur chun feidhme.
- Tionscnaimh spriocdhírithe: Seolfar gníomhaíochtaí a bheidh dírithe ar mhic léinn agus ina gcothófar tuiscint ar thoiliú agus tabharfar plean oideachais isteach chun tacú le mic léinn agus le baill foirne.
- Cuirfear córais i bhfeidhm le haghaidh a éifeachtaí atá tionscnaimh agus seirbhísí inrochtana trámabhunaithe a thomhas.

1.26 Cur chun feidhme a dhéanamh ar reachtaíocht lena bhforáiltear do bhearta intuarthachta cíosa i gcóiríocht shaintógtha do mhic léinn

D'oibrigh an Roinn i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun an tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú), 2019, a rith. Tugadh an reachtaíocht sin isteach i

mí na Bealtaine agus leagtar síos inti forálacha atá ceaptha chun go mbeidh daltaí a bhfuil cónaí orthu, faoi cheadúnas, i gcóiríocht atá sonrach do mhic léinn in ann leas a bhaint as na bearta intuarthachta cíosa céanna atá ar fáil do thionóntaí i gCriosanna Brú Cíosa. A bhuí leis sin, is féidir leis na mic léinn sin a bheith cinnte anois nach méadófar a gcíos faoi níos mó ná 4% in aghaidh na bliana.

Tá mic léinn a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht atá sonrach do mhic léinn in ann leas a bhaint anois freisin as na saoráidí réiteach díospóide atá ar fáil ón mBord um Thionóntachtaí Cónaithe.

Sprioc 2: Cuirfimid ar aghaidh dul chun cinn foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu d'fhonn tacú leo a gcumas a bhaint amach.

Tá an prionsabal um chuimsiú agus rochtain do chách ina chuid lárnach den chur chuige a ghlacaimid i leith ár gcórais oideachais agus oiliúna a fheabhsú chun a chinntiú go dtabharfar tacaíocht leordhóthanach do leanaí agus daoine óga ó chúlraí difriúla agus gur féidir leo leas a bhaint as na deiseanna atá ann chun a gcumas a uasmhéadú tríd an bhfoghlaim. Tá straitéisí éagsúla i bhfeidhm ag an Roinn le haghaidh cúnamh, tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil gabháil do sheirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán agus tairbhe a bhaint astu.

Súil Siar ar an mBliain faoin Sprioc seo

- Bunaíodh treoirchlár dhá bhliain i bpobail shonracha Taistealaithe agus Romach sa bhliain 2019 chun díriú ar thinreamh, ar rannpháirtíocht agus ar choinneáil/críochnú scoile.
- Léiríodh sna torthaí ón gClár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí (PISA) de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) don bhliain 2018 go bhfuil ár ndaltaí 15 bliana d'aois i measc na ndaltaí is fearr feidhmíocht i litearthacht léitheoireachta agus go bhfuil siad go mór os cionn mheán ECFE i matamaitic agus in eolaíocht.
- Ar mhaithe le cuimsiú scoile, leanadh le tionscadal taispeána a reáchtáil thar an scoilbhliain 2018/19 le haghaidh tacaí Teiripe ionscoile Teanga agus Urlabhra agus tacaí ionscoile Saothair a sholáthar.
- Tá cistiú €7.5m á leithdháileadh thar thréimhse trí bliana faoi Shnáithe 3: An Ciste um Rochtain ar Ardoideachas den Chlár um Rochtain ar Ardoideachas. Tá sé mar aidhm leis an gCiste tacú le braislí réigiúnacha institiúidí ardoideachais 2,000 mac léinn eile a mhealladh ó ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht san ardoideachas faoi láthair.
- Cuireadh ar aghaidh Snáitheanna den Phlean Sonraí atá ar bun chun tacú leis an b*Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas 2015-2021*.
- Bhí an Roinn i gceannas ar chur chun feidhme idir-rannach na moltaí a rinneadh sa doiciméad *Athbhreithniú Neamhspleách chun na Tacaí atá ann do Thuismitheoirí Singil agus na Bacainní atá orthu agus iad ag Rochtain an Ardoideachais a Shainaithint*.

Is leagtha amach thíos atá tuilleadh sonraí faoin Sprioc seo.

2.1 Rochtain agus Cuimsiú i Suíomhanna Luathbhlianta

2.1.1 Tús Luath

Cistíonn agus riarann an Roinn na ranganna réamhscoile a sholáthraítear faoi chlár an Túis Luaith, rud a bunaíodh sa bhliain 1994/95 i réamhscoil Shráid Rutland agus i 40 bunscoil atá lonnaithe i limistéir ainmnithe mhíbhuntáiste uirbigh ar fud na tíre. Mar chuid den tionscadal, reáchtáiltear clár oideachais a bhfuil mar aidhm leis forbairt fhoriomlán a fheabhsú, cabhrú le teip ar scoil a chosc agus éifeachtaí an mhíbhuntáiste shóisialta a fhritháireamh. Is féidir leis an gclár oideachais freastal ar 1,650 leanbh.

Leithdháiltear cistiú caipitíochta €95.23 in aghaidh na bliana ar gach leanbh réamhscoile a ghlacann páirt i gclár an Túis Luaith. Ina theannta sin, faigheann gach lánaonad agus leathaonad cistiú neamhphá i bhfoirm deontas tionscanta le haghaidh ábhair agus trealamh a cheannach. Faigheann siad deontas bliantúil chun rannpháirtíocht tuismitheoirí a chothú freisin.

Íocadh cistiú neamhphá €216,000 amach le hAonaid Túis Luaith sa bhliain 2019.

2.1.2 Tacú le Cuimsiú agus Éagsúlacht

Imríonn an Roinn ról tacaíochta i bhforbairt leanúnach na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú de chuid Tús Níos Fearr, rud a sheol an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i mí an Mheithimh 2016. Faoin tsamhail sin, cuirtear tacaí ar fáil chun a chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar an gclár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige. Suíonn an tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta sa Roinn ar an ngrúpa cur chun feidhme trasearnála atá ag stiúradh an tionscnaimh agus lean sé le tacaí a sholáthar don tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú sa bhliain 2019 trína rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre an ghrúpa cur chun feidhme.

Ag obair dó i gcomhpháirt le Luath-Óige Éireann agus le Roinn Froebel in Ollscoil Mhá Nuad, bíonn an "clár um Cheannaireacht do Chuimsiú" (http://lincprogramme.ie/) – ar clár é ar bronnadh duaiseanna air – á sholáthar ag cuibhreannas atá faoi stiúir ag Coláiste Mhuire gan Smál do 900 mac léinn ar fud na tíre gach bliain thar thréimhse ceithre bliana chun Comhordaitheoirí um Chuimsiú a oiliúint in obair a dhéanamh i ngach cineál suímh luathbhlianta. Sainaithníodh an ról mar Chomhordaitheoir um Chuimsiú mar ról atá tábhachtach maidir le tacú le leanaí faoi mhíchumas agus iad ar réamhscoil. Íocann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige caipitíocht bhreise le seirbhísí a bhfuil Comhordaitheoir um Chuimsiú fostaithe acu. Bhain an ceathrú cohórt mac léinn céim amach sa bhliain 2019.

2.2 Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS)

2.2.1 Samhail Sainaitheanta DEIS

Leanadh ag obair ar Shamhail Sainaitheanta DEIS a bheachtú le linn na bliana 2019. Tá an mhodheolaíocht nua sin á húsáid chun measúnú a dhéanamh ar gach scoil ar leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile araon, bunaithe ar a rollú don bhliain 2018/19 agus ar na sonraí is déanaí atá ar fáil ó Dhaonáireamh 2016 faoi Innéacs Díothachta HP.

2.2.2 Plean DEIS a Chur Chun Feidhme

Tá 890 scoil páirteach sa Chlár DEIS sa scoilbhliain 2019/20, agus iad ag freastal ar níos mó ná 185,000 dalta. Is ionann an figiúr sin agus thart ar 20% den daonra scoile ar fad (3,962 scoil agus 930,671 dhalta san iomlán).

Tá an miondealú mar seo a leanas:

Bunscoileanna Uirbeacha Bhanda 1	230
Bunscoileanna Uirbeacha Bhanda 2	104
Bunscoileanna Tuaithe	358
Iar-bhunscoil	198

Chaith an Roinn thart ar €125 mhilliún ar an gClár DEIS sa bhliain 2019. Úsáideadh cuid den airgead sin chun 418 nduine de chomhordaitheoirí Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail a sholáthar i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna uirbeacha DEIS, chun acmhainní breise teagaisc a sholáthar i scoileanna uirbeacha Bhanda 1 DEIS, chun deontais DEIS a

íoc, chun an soláthar Treorach a fheabhsú in iar-bhunscoileanna DEIS agus chun an deontas leabhar scoile a íoctar le scoileanna DEIS a mhéadú.

Bhí thart ar 90% den 108 nGníomh atá sa Phlean DEIS críochnaithe nó ar siúl ag deireadh na bliana 2019.

2.2.3 An Ciste Sármhaitheasa Scoile – DEIS

Tá an Ciste Sármhaitheasa Scoile ar cheann de na Gníomhartha is tábhachtaí faoin bPlean DEIS. Is é an aidhm atá leis scoileanna a chumasú triail a bhaint as idirghabhálacha cruthaitheacha nuálacha chun go gcomhroinnfear ar fud na hearnála scoileanna na nithe a foghlaimíodh ó na cineálacha cur chuige ar éirigh leo. Seoladh Tráinse 3 den Chiste Sármhaitheasa Scoile i mí na Bealtaine 2019.

2.2.4 An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach – Treoirchlár Oideachais

Ag freagairt do na gníomhartha sonracha atá sa Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021 agus dóibh sin atá sa Phlean DEIS, bunaíodh treoirchlár dhá bhliain i gceithre limistéar sa bhliain 2019 chun díriú ar thinreamh, ar rannpháirtíocht agus ar choinneáil/críochnú scoile i bPobail shonracha Taistealaithe agus Romach.

Leithdháilfear acmhainn bhreise ar gach ceann de na ceithre threoirlimistéar, lena n-áirítear oifigeach leasa oideachais, comhordaitheoir teagmhála baile, scoile agus an phobail agus beirt oibrithe oideachais Taistealaithe/Romach. Oibreoidh na foirne le tuismitheoirí, le leanaí agus daoine óga, le scoileanna, le pobail Taistealaithe agus Romach agus le soláthraithe seirbhíse chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní a théann i bhfeidhm ar thinreamh, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí den phobal Taistealaithe agus Romach san oideachas. Cuireadh tús le hobair i dtrí cinn de na limistéir – Baile Átha Cliath Thuaidh, Tuaim agus Inis Córthaidh/Bun Clóidí – i mí Mheán Fómhair 2019. Tionóladh Ceardlanna Faisnéise leis na Treoirscoileanna i mí na Bealtaine 2019 agus cuireadh clár ionduchtúcháin do na treoirfhoirne ar siúl i mí Mheán Fómhair 2019.

2.2.5 Faireachán agus Meastóireacht ar an gClár DEIS

Gné lárnach den Chlár DEIS is ea Faireachán agus Meastóireacht a dhéanamh. Áirítear leis an bPlean DEIS gníomhartha sonracha a bhfuil mar aidhm leo Creat cuimsitheach Faireacháin agus Meastóireachta a fhorbairt chun a chinntiú go mbainfear úsáid éifeachtach as na hacmhainní breise a sholáthraítear do scoileanna faoin gclár ar mhaithe le torthaí oideachais níos fearr a bhaint amach agus chun a chinntiú go sainaithneofar dea-chleachtas lena chomhroinnt agus lena úsáid chun bonn eolais a chur faoin mbeartas amach anseo. Cuireadh tús le hobair ar an gCreat Faireacháin agus Meastóireachta a fhorbairt ag deireadh na bliana 2019.

2.2.6 Meastóireacht ón bhForas Taighde ar Oideachas

Foilsíodh an tuarascáil is déanaí ar an meastóireacht ón bhForas Taighde ar Oideachas ar an gclár DEIS, mar atá *An Mheastóireacht ar an gClár DEIS ar Leibhéal na hIar-bhunscoile: Bearnaí Gnóthachtála a Dhúnadh,* i mí Eanáir 2019. Léirítear sa tuarascáil gur ag cúngú go fóill atá na bearnaí gnóthachtála atá ann idir iar-bhunscoileanna atá páirteach sa chlár DEIS agus iar-bhunscoileanna nach bhfuil páirteach sa chlár ó thaobh feidhmíocht ar leibhéal an Teastais Shóisearaigh de agus ó thaobh rátaí coinneála de araon. Is údar misnigh é freisin go raibh méadú ann ar an gcéatadán de dhaltaí i scoileanna DEIS atá ag tabhairt faoi Bhéarla agus Matamaitic Ardleibhéil.

2.2.7 Seimineáir DEIS 2019

Ceanglaítear ar scoileanna DEIS spriocanna atá sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus faoi cheangal ama a leagan síos – lena n-áirítear spriocanna do litearthacht agus

uimhearthacht, d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, do cheannaireacht, d'aire, do rannpháirtíocht agus do choinneáil – agus meastóireacht a dhéanamh ar na spriocanna sin gach bliain. Chun cabhrú le scoileanna an próiseas sin a chur i gcrích, tharla sé, i mí na Bealtaine 2019, gur óstáil an Chigireacht sraith seimineár réigiúnach DEIS do Phríomhoidí ar scoileanna DEIS agus do Chomhordaitheoirí DEIS a oibríonn i scoileanna atá páirteach sa chlár DEIS den chéad uair nó i scoileanna a uasghrádaíodh ó Bhanda 2 go Banda 1 sa bhliain 2017.

2.2.8 An Clár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí 2018

Go luath i mí na Nollag 2019, foilsíodh na torthaí ón gClár um Measúnacht Idirnáisiúnta Daltaí don bhliain 2018. Léirítear sna torthaí go bhfuil daltaí 15 bliana d'aois na hÉireann i measc na ndaltaí is fearr feidhmíocht i litearthacht léitheoireachta agus go bhfuil siad go mór os cionn mheán na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta i matamaitic agus in eolaíocht.

2.2.9 Coinneáil go dtí an Ardteistiméireacht in Iar-bhunscoileanna DEIS

Ó tugadh an clár DEIS isteach, tháinig feabhas ar rátaí coinneála Ardteistiméireachta i scoileanna atá páirteach sa chlár. Méadaíodh an ráta coinneála ó 80.1% do chohórt iontrála na bliana 2006 go 84.7% do chohórt iontrála na bliana 2012. Is fianaise eile é sin go mbíonn tionchar dearfach á imirt ag an gclár ar dhul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil.

2.3 Riachtanais Speisialta Oideachais

2.3.1 Freastal ar Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

Déanann an Roinn maoirseacht ar raon tacaí agus seirbhísí oideachais a sholáthraítear do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta. Áirítear leo sin múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, teicneolaíocht chúnta, saintrealamh, caipitíocht bhreisithe agus socruithe iompair speisialta.

Tá rún daingean ag an Roinn a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ar chineál oideachais atá oiriúnach dá riachtanais agus b'fhearr léi go bhfaigheadh siad an rochtain sin i suíomhanna cuimsitheacha scoile príomhshrutha tríd an líonra bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. I gcás nach féidir le suíomhanna príomhshrutha freastal ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, déanann an Roinn soláthar d'áiteanna i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta.

Tríd an líonra Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais atá aici, tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta freagrach as próiseáil a dhéanamh ar iarratais ó scoileanna ar thacaí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Soláthraítear tacaí spriocdhírithe do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta.

2.3.2 Múinteoirí Speisialta a Leithdháileadh ar Scoileanna Príomhshrutha

Tá breis agus 13,500 post mar mhúinteoir oideachais speisialta leithdháilte ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna príomhshrutha faoi láthair. Tháinig méadú 38% ar an líon iomlán múinteoirí oideachais speisialta ón mbliain 2011 amach, ó 9,740 duine sa bhliain 2011 go níos mó ná 13,500 duine faoi láthair. Cuireadh 120 post eile mar mhúinteoir oideachais speisialta ar fáil faoi Bhuiséad 2020, a fhágann go mbeidh 13,620 post mar mhúinteoir oideachais speisialta ar fáil lena leithdháileadh ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna príomhshrutha faoi dheireadh na bliana 2020.

Tacaíonn múinteoirí oideachais speisialta leis an múinteoir ranga príomhshrutha trí thacaíocht bhreise teagaisc a thabhairt do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Bunaithe ar an gcomhairle beartais a fuarthas ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, forbraíodh samhail nua um leithdháileadh sa bhliain 2017 chun próifíl a chruthú do gach scoil. Is próifíl riachtanaisbhunaithe í, lena dtugtar neamhspleáchas do scoileanna a chinneadh cén dóigh a n-úsáidfidh siad na hacmhainní atá acu, bunaithe ar na riachtanais atá ag daltaí. Tugtar próifílí scoile cothrom le dáta gach dhá bhliain. Tugadh an tsamhail isteach sa bhliain 2017 agus athbhreithníodh próifílí scoile sa bhliain 2019.

2.3.3 Scoileanna Speisialta

Tá 124 scoil speisialta ann a sholáthraíonn sainoideachas do thart ar 8,000 dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu in ospidéil agus i Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh gach bliain. Tá breis agus 1,500 múinteoir acu. Baineann leanaí a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta tairbhe as cóimheas laghdaithe idir daltaí agus múinteoirí atá sa raon idir 6:1 agus 11:1, ag brath ar an míchumas atá i gceist.

2.3.4 Ranganna Speisialta

Tháinig méadú 200%, beagnach, ar an líon ranganna speisialta atá ann i scoileanna príomhshrutha ón mbliain 2011 amach, ó 548 gcinn go 1,618 gcinn sa scoilbhliain 2019/2020. Áiríodh leis sin soláthar an-mhór breise do ranganna speisialta Uathachais. Ón mbliain 2011 amach, mhéadaigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta an líon ranganna speisialta Uathachais atá ar fáil ar fud na tíre ó 330 ceann sa bhliain 2011 go 1,353 cinn sa scoilbhliain 2019/20. Áirítear leis sin 156 cinn de ranganna nua Uathachais, a chuimsíonn sé rang Luath-Idirghabhála, 100 rang speisialta Uathachais i mbunscoileanna agus 50 rang Uathachais in iar-bhunscoileanna.

Cuireadh cistiú ar fáil faoi Bhuiséad 2020 do 265 phost sa bhreis mar mhúinteoir ranga speisialta a chruthú sa bhliain 2020, a fhágann go mbeifear in ann ranganna breise a oscailt in áiteanna ina bhfuil gá leo.

2.3.5 Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta

Amhail mí na Nollag 2019, bhí 15,950 post coibhéise lánaimseartha mar chúntóir riachtanas speisialta soláthartha do scoileanna chun freastal ar na riachtanais chúraim atá ag breis agus 37,000 leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta.

Tháinig méadú ar an líon cúntóirí riachtanas speisialta atá ar fáil lena leithdháileadh ar scoileanna ón mbliain 2011 amach, ó 10,575 dhuine go níos mó ná 16,000 duine faoi láthair. Tá sé sin cothrom le méadú 50% ar an leithdháileadh iomlán. Cuireadh cistiú ar fáil do 1064 chúntóir riachtanas speisialta sa bhreis a earcú chuig scoileanna faoi Bhuiséad 2020, a fhágann go mbeidh suas le 17,014 chúntóir riachtanas speisialta ar fáil lena leithdháileadh sa bhliain 2020.

2.3.6 An Scéim Teicneolaíochta Cúnta

Sa bhliain 2019, rinneadh 2,056 íocaíocht le bunscoileanna agus 906 íocaíocht le hiar-bhunscoileanna chun cabhrú leo freastal ar an gcostas a bhaineann le teicneolaíocht chúnta. B'ionann luach na n-íocaíochtaí uile sin agus beagnach €2.5m. Is éagsúil atá an cineál trealaimh a sholáthraítear faoin scéim teicneolaíochta cúnta. Áirítear leis tacaí éisteolaíochta do leanaí a bhfuil lagú éisteachta orthu, trealamh lena gcabhraítear le leanaí a bhfuil lagú amhairc orthu, agus trealamh ríomhaire do leanaí a bhfuil míchumas fisiciúil cumarsáide nó míchumas trom cumarsáide orthu. Soláthraítear trealamh den sórt sin nuair a léirítear go dteastaíonn é chun an curaclam a rochtain.

2.3.7 Scéim Teanga Comharthaíochta na hÉireann

Le Scéim Teanga Comharthaíochta na hÉireann, cabhraítear le leanaí atá bodhar/a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu agus lena dteaghlach inniúlacht a ghnóthú sa teanga a luaithe is féidir.

Chun a chinntiú gur féidir leis an leanbh cumarsáid a dhéanamh lena t(h)eaghlach agus chun cabhrú leis an leanbh scileanna líofa teanga a ghnóthú agus é/í ag gabháil do ghníomhaíocht bhríoch le húsáideoirí cumasacha na teanga agus le daoine eile, is féidir go dtabharfar teagasc i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann do ghaolta, tuismitheoirí agus siblíní an linbh freisin faoi Scéim Teanga Comharthaíochta na hÉireann. Is i mbaile an linbh a sholáthraítear an teagasc sin de ghnáth. Íoctar deontas le tuismitheoirí chun teagascóir Teanga Comharthaíochta na hÉireann a fhostú. I bhformhór na gcásanna, maireann an teagasc uair amháin an chloig suas go deireadh mhí an Mheithimh agus méadaítear an líon sin go 7.5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine i mí Iúil agus i mí Lúnasa.

Le linn na scoilbhliana 2018/19, fuair 233 dhuine de leanaí agus dá ngaolta teagasc i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann agus fostaíodh 69 dteagascóir chun an teanga a theagasc. Caitear thart ar €327,000 ar an scéim gach bliain.

2.3.8 An Scéim Teagasc Baile don Oideachas Speisialta

Tá sé mar chuspóir leis an Scéim Deontas Teagasc Baile seirbhís oideachais chúitigh a sholáthar do dhaltaí atá rollaithe i scoileanna agus a bhfuil riocht trom leighis orthu, ar riocht é a bhí ina chúis, agus ar dóigh dó leanúint lena bheith ina chúis, le mórchur isteach ar a bhfreastal ar scoil. Soláthraítear leis an scéim freisin seirbhís oideachais chúitigh do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus atá ag lorg socrúchán oideachais. Déantar soláthar do luath-idirghabháil oideachais do leanaí a bhfuil uathachas orthu chomh maith.

Eisíodh cistiú deontais €17.3m chuig tuismitheoirí le haghaidh teagasc baile a sholáthar sa bhliain 2019. Ceadaíodh 1,692 dheontas teagasc baile le linn na scoilbhliana 2018/19.

2.3.9 Clár Oideachais Iúil

Le Clár Oideachais Iúil, soláthraítear ranganna speisialta chun freastal ar leanaí a bhfuil uathachas orthu agus atá ag iarraidh leanúint lena seirbhísí oideachais i rith mhí Iúil. Soláthraíonn an Roinn Clár Iúil do dhaltaí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta trom orthu freisin. I gcás nach féidir soláthar scoilbhunaithe a éascú, is féidir go dtabharfar cúnamh deontais tríd an Scéim Teagasc Baile ar mhaithe le soláthar bailebhunaithe a éascú.

Ó tugadh Clár Iúil isteach sa bhliain 2001, bíonn ag méadú gach bliain ar an líon leanaí a fhaigheann rochtain ar an scéim. Ghlac 232 scoil agus 3405 dhalta páirt sa chlár sa bhliain 2019. Bhain 7125 dhalta leas as an soláthar bailebhunaithe faoi Chlár Iúil sa bhliain 2019. Ba é €15.5m an méid a caitheadh ar an gclár sa bhliain 2019.

2.3.10 Ionad Choillidh Chanannáin don Uathachas

Tionscnamh atá á chomhchistiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann is ea Ionad Choillidh Chanannáin don Uathachas (www.middletownautism.com). Is é an aidhm atá leis tacú le sármhaitheas a chur chun cinn i seirbhísí oideachais agus seirbhísí gaolmhara a fhorbairt agus a chomhchuibhiú do leanaí agus daoine óga a bhfuil Uathachas orthu. Mar aon le méadú a dhéanamh ar an líon úsáideoirí a bhaineann tairbhe as seirbhísí an Ionaid, aidhm thábhachtach eile a bhí le seirbhísí an Ionaid a leathnú ba ea treisiú leis an ról lárnach atá ag an Ionad i soláthar a dhéanamh ar an raon seirbhísí atá ar fáil chun tacú le leanaí a bhfuil uathachas orthu ar fud an oileáin ar fad.

Bhí an tIonad in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh a bhuí le leathnú a chuid seirbhísí sa Deisceart: triail a bhaint as tacaíocht a thabhairt go díreach do leanaí; tionscadail taighde spriocdhírithe a chríochnú chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais amach anseo; agus cur leis an líon áiteanna oiliúna a thairgtear do thuismitheoirí agus do ghairmithe araon, agus aird ar leith á tarraingt ar na heochairchéimeanna de shaol an linbh a bhfuil uathachas air/uirthi.

2.3.11 Teiripe Ionscoile Urlabhra agus Teanga

Cuireadh €2m eile ar fáil faoi Bhuiséad 2018 chun tionscadal taispeána a thabhairt isteach do sheirbhísí teiripe ionscoile sa bhliain 2018. Tosaíodh an tionscadal i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2018 agus leanadh ar aghaidh leis i rith na scoilbhliana 2018/19.

Is é is aidhm don tionscadal taispeána forbairt agus triail a dhéanamh ar shamhail le haghaidh tacaíocht urlabhra agus teanga agus tacaíocht teiripe saothair a sholáthar laistigh de raon scoileanna difriúla i limistéar réigiúnach ainmnithe i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus seirbhísí teiripe reatha de chuid FSS a fhorlíonadh lena linn. Tá an tsamhail taispeána ag díriú ar naisc níos fearr a fhorbairt idir tacaí oideachais agus tacaí teiripe. Tá an tionscadal ar siúl i Réigiún Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail 7, is é sin, Baile Átha Cliath Thiar Theas, Cill Dara agus Cill Mhantáin Thiar.

Roghnaíodh an réigiún sin chun a chinntiú go bhféadfaí an tsamhail teiripe réamhscoile agus ionscoile a thástáil i láithreacha uirbeacha agus tuaithe araon ina bhfuil meascán cuí de chineálacha éagsúla scoileanna agus réamhscoileanna.

Leis an tionscadal, déantar soláthar do sheirbhísí teiripe ionscoile agus do thacaíocht, oiliúint agus treoir ghairmiúil a chur ar fáil do bhaill foirne scoile agus do thuismitheoirí. Tá sé mar aidhm leis cabhrú le scoileanna cur leis an gcumas atá acu tacaíocht a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais teiripe urlabhra agus teanga acu ar scoil, agus díriú ar luath-shainaithint agus ar luath-idirghabháil ag an am céanna.

Tá 150 suíomh san iomlán páirteach sa tionscadal taispeána. Áirítear leo sin 75 scoil, lena n-áirítear sampla ionadaíoch de bhunscoileanna, d'iar-bhunscoileanna agus de scoileanna speisialta. Cuireadh 75 shuíomh réamhscoile a bhfuil baint acu le bunscoileanna atá páirteach sa tionscadal ar áireamh ann freisin chun gur féidir idirghabhálacha teiripe a dhéanamh a luaithe is féidir agus chun naisc a chruthú idir an soláthar réamhscoile agus an soláthar bunscoile.

Tá an tsamhail ceaptha chun seirbhísí cliniciúla Teiripe Urlabhra agus Teanga a sholáthar ar bhealach ina dtabharfar saintacaí, tacaí spriocdhírithe agus tacaí uilechoiteanna ar aon dul leis an dea-chleachtas do dhaltaí agus ina bhfaighidh daoine tacaí ar feadh contanam soláthair a bheidh ag brath ar a dhéine atá riachtanais an linbh/an dalta.

Leanfar leis an tionscadal taispeána le haghaidh seirbhísí teiripe ionscoile agus réamhscoile a sholáthar i rith na scoilbhliana 2019/20 mar chuid den tSamhail um Chuimsiú Scoile.

Rinneadh meastóireacht ar an tionscadal i rith na scoilbhliana 2018/19 agus tá an mheastóireacht ar an tionscadal taispeána á tabhairt chun críche faoi láthair.

2.3.12 Seirbhísí Tacaíochta na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

Is é atá i Seirbhís Tacaíochta na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ná an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta, Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta do leanaí a bhfuil lagú amhairc nó éisteachta orthu agus an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta. Tugann sí comhairle agus tacaíocht do scoileanna maidir le hoideachas agus cuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Soláthraíonn sí tacaíocht ionscoile, forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí, agus tacaíocht do scoileanna maidir

le hiompraíocht dhúshlánach a bhainistiú. Cuireann sí leis an gcumas ildisciplíneach atá ag an gcóras oideachais trí rochtain a thabhairt ar shaineolas i réimsí amhail uathachas, urlabhra agus teanga agus iompraíocht dhúshlánach.

2.3.13 An tAthbhreithniú Cuimsitheach ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta

Foilsíodh an tAthbhreithniú Cuimsitheach ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta i mí na Bealtaine 2018. Fuarthas amach ann gurb amhlaidh, mar atá sí cumraithe faoi láthair, go bhfuil ag éirí leis an scéim freastal ar na riachtanais atá ag leanaí agus daltaí óga, ar a raibh sí dírithe ar dtús, agus gur mór ag tuismitheoirí, ag daltaí agus ag scoileanna í. Fuarthas amach ann freisin, áfach, nach bhfuil an scéim chomh héifeachtach céanna do na daltaí is sine bunscoile agus iar-bhunscoile.

I mí Feabhra 2019, thug an Rialtas cead le haghaidh Samhail nua um Chuimsiú Scoile a thriail don scoilbhliain 2019/20, rud a bhfuil na nithe seo a leanas i gceist leis:

- samhail nua seirbhíse a thriail do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais agus riachtanais bhreise chúraim acu sa scoilbhliain 2019/20, rud a bhfuil 75 scoil i limistéar Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail 7 páirteach ann. Tá na heilimintí seo a leanas i gceist leis an tsamhail nua seirbhíse:
    - samhail nua thús-ualaithe um leithdháileadh Cúntóirí Riachtanas Speisialta. Faoin tsamhail sin, leithdháiltear Cúntóirí Riachtanas Speisialta ar aon dul leis an riachtanas próifílithe, ag féachaint don chur chuige a ghlactar faoin tSamhail Nua um Leithdháileadh Múinteoirí Oideachais Speisialta a tugadh isteach i mí Mheán Fómhair 2017,
    - an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais a leathnú chun tacú leis na treoirscoileanna, agus
    - leanúint leis an tionscadal taispeána réamhscoile agus ionscoile sa treoirlimistéar chun a chinntiú go soláthrófar seirbhís uilechuimsitheach do na treoirscoileanna;

- Foireann Réigiúnach Tacaíochta de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a bhunú ar bhonn treorach sa limistéar ina bhfuil an treoirthionscadal ar siúl (limistéar Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail 7) – ar foireann í a chuimsíonn speisialtóirí i ndisciplíní ábhartha (teiripeoirí urlabhra agus teanga, teiripeoirí saothair, cleachtóirí iompraíochta) – ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí agus faoin dea-chleachtas i scoileanna sa limistéar sin;

- Clár Náisiúnta Oiliúna a fhorbairt do Chúntóirí Riachtanas Speisialta agus é a chur i bhfeidhm ar bhonn treorach;

- seirbhís altranais a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais chasta leighis acu i scoileanna chun an soláthar altranais atá á chistiú ag FSS cheana a chomhlánú; agus

- samhail oibriúcháin nua a thriail laistigh den Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun bunú Sheirbhís Tacaíochta agus fhoirne réigiúnacha na Comhairle a léiriú ar bhealach níos fearr, agus tacaí a chomhtháthú lena chéile ar bhealach níos iomláine le haghaidh an tsamhail nua a thriail.

Cuireadh €4.75 milliún ar fáil faoi Bhuiséad 2019 le haghaidh na moltaí atá san *Athbhreithniú Cuimsitheach ar Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta* a chur chun feidhme, lena n-áirítear samhail nua seirbhíse a chur chun feidhme.

Tosaíodh an treoirthionscadal i 75 scoil i mí Mheán Fómhair 2019.

2.3.14 Tacaí Síceolaíochta

Phléigh síceolaithe na Roinne le cásobair nua, a raibh measúnú agus comhairliúchán i gceist léi, i leith 8,561 dhalta sa bhliain acadúil 2018/19. Ag gníomhú dóibh faoin Scéim um Measúnuithe Síceolaíochta a Choimisiúnú, sholáthair síceolaithe príobháideacha measúnuithe do scoileanna i leith 1,792 dhalta freisin. Ina theannta sin, measadh gur soláthraíodh tacaíocht agus forbairt múinteoirí do thart ar 22,000 múinteoir a bhí ag iarraidh cur leis an acmhainn atá acu i réimsí amhail folláine a chur chun cinn, litearthacht a fhorbairt, réiteach fadhbanna, agus contanam tacaíochta a sholáthar.

Thug síceolaithe de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais cúnamh i leith 306 Theagmhas Chriticiúla le linn na tréimhse freisin, agus iad ag freastal ar 114 theagmhas den sórt sin.

2.4 Cothromas Rochtana ar Ardoideachas

Leanadh le cistiú a chur ar fáil chun tacú le tionscnaimh faoi *Chiste an Chláir um Rochtain ar Ardoideachas*. Is é cuspóir foriomlán an Chiste tacú leis na spriocanna, na cuspóirí agus na gníomhartha atá sa Phlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas. Leithdháiltear cistiú ar bhonn iomaíoch ar institiúidí ardoideachais chun tacú le réimsí tosaíochta ar leith laistigh den Phlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana. Tríd an bpróiseas buiséadach, áirithíodh €16.2 milliún le haghaidh na trí shnáithe den Chlár um Rochtain ar Ardoideachas a chur i bhfeidhm.

2.4.1 An Clár um Rochtain ar Ardoideachas

Le Snáithe 1 den Chlár um Rochtain ar Ardoideachas, tacaítear leis an gcuspóir atá sa Phlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana méadú a dhéanamh ar rochtain ar oideachas tosaigh múinteoirí do mhic léinn atá sna spriocghrúpaí a sainaithníodh sa Phlean, amhail Tuismitheoirí Singil, Taistealaithe agus mic léinn faoi mhíchumas. Faoi Shnáithe 1, thug an Roinn, ag gníomhú di tríd an Údarás um Ard-Oideachas, cuireadh do na sé ionad sármhaitheasa teagaisc dul san iomaíocht, i gcomhpháirt le geallsealbhóirí áitiúla ábhartha, le haghaidh chistiú Shnáithe 1 trí thograí a chur isteach de réir tacar critéar forordaithe. Tá na tionscnaimh lena mbaineann á gcistiú anois. Chuir an tÚdarás um Ard-Oideachas tús le measúnú ar Luath-Chur Chun Feidhme Shnáithe 1 sa bhliain 2019.

Le Snáithe 2, cuirtear €6m ar fáil lena infheistiú i “gCiste Sparánachtaí 1916” thar thréimhse trí bliana do na mic léinn is mó faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ó spriocghrúpaí faoi ghannionadaíocht. Beidh Tuismitheoirí Singil agus daoine ó mhionlaigh eitneacha, Taistealaithe san áireamh, i measc na spriocghrúpaí faoin gciste freisin. Faoi threoirthionscadal tosaigh trí bliana a tosaíodh sa bhliain 2017, bronnfar Sparánachtaí ar feadh trí bliana acadúla ar 600 mac léinn atá, dar lena n-institiúid ardoideachais, ar na mic léinn is mó faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch sna spriocghrúpaí. Rinne an tÚdarás um Ard-Oideachas measúnú oibríochtúil ar luathchur chun feidhme an tionscadail, rud a cuireadh faoi bhráid na Roinne lena bhreithniú ansin. Forbairt shuntasach sa bhliain 2019 ba ea ceadú a fháil ón Aire le haghaidh an Clár um Rochtain ar Ardoideachas a riar ar bhonn buan agus le haghaidh Snáithe 2: Ciste Sparánachtaí 1916 a reáchtáil ar feadh tréimhse trí bliana eile. Fuarthas cistiú faoi Bhuiséad 2020 le haghaidh na sparánachtaí lena mbaineann a sholáthar.

Leanadh le *cistiú a chur ar fáil do Shnáithe 3*, áit a leithdháilfear €7.5m thar thréimhse trí bliana ar an gCiste um Rochtain ar Ardoideachas. Tá sé mar aidhm leis an gCiste tacú le braislí réigiúnacha institiúidí ardoideachais 2,000 mac léinn eile a mhealladh ó ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht san ardoideachas faoi láthair.

Leis an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas, tacaítear le mic léinn faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i gcláir lánaimseartha bhreisoideachais agus ardoideachais. Tugtar cúnamh

airgeadais do mhic léinn atá thíos le fadhbanna airgeadais agus iad ag tabhairt faoin oideachas tríú leibhéal. Féadfar cúnamh a thabhairt do mhic léinn chun freastal ar chostais chíosa, ar chostais chúram leanaí, ar chostais iompair agus ar na costais a bhaineann le leabhair/ábhair ranga.

Tháinig méadú ar an líon mac léinn a fuair tacaíocht ón gCiste, ó 3,800 duine sa bhliain 2008 go 14,512 dhuine sa bhliain 2018. Leithdháileadh €9.6 milliún tríd an gCiste sa bhliain 2019. Leanfar le tacaíocht a thabhairt do mhic léinn pháirtaimseartha faoin gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas, agus leas á bhaint as an leithdháileadh don bhliain 2019 agus do bhlianta ina dhiaidh sin.

Leithdháileadh €10.1m san iomlán ar 13,816 mhac léinn sa bhliain 2018/2019. Sa bhliain 2019/2020, ba ar an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas a leithdháileadh an cistiú do mhic léinn atá ag tabhairt faoin Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas. D'fhág sé sin go raibh cistiú an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn cothrom le €10.1m.

Ag eascairt as an bPlean Sonraí a foilsíodh sa bhliain 2018 chun tacú leis an bPlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas – rud a choimisiúnaigh an tÚdarás um Ard-Oideachas agus a chuir Sainchomhairleoirí Trutz Haase le chéile – d'fhoilsigh an tÚdarás um Ard-Oideachas tuarascáil dar teideal *Próifíl Spásúil agus Shocheacnamaíoch Institiúidí Ardoideachais in Éirinn* den chéad uair riamh sa bhliain 2019. Úsáidfear na fionnachtana atá sa tuarascáil sin chun bonn eolais a chur faoi na spriocanna nua do dhaoine faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch, ar spriocanna iad a leagfar síos sa chéad leagan eile den Phlean Náisiúnta um Chothromas Rochtana.

2.5 Deontais Mhac Léinn

Fuair Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI) 96,100 iarratas don bhliain acadúil 2019/20. Meastar go mbeidh 76,500 ceann de na hiarratais sin incháilithe do thacaíocht deontais. Caitheadh thart ar €347m ar thacaí deontas mac léinn sa bhliain 2019.

2.5.1 An Bord Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn

Bhí 26 chruinniú ag an mBord Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn sa bhliain 2019 agus rinne sé cinntí ar 797 n-achomharc lena linn.

2.5.2 An Scéim Scoláireachtaí agus Sparánachtaí

Fuair 432 dhuine Sparánachtaí ón Roinn sa bhliain acadúil 2019/20, agus €1.26m á chaitheamh sa bhliain airgeadais 2019 chun tacú le mic léinn a bhí ag aistriú ó scoileanna DEIS chuig an ardoideachas.

Reachtaíocht a forbraíodh sa bhliain 2019:

- *Scéim Deontas Mac Léinn 2019 (I.R. Uimh. 152 de 2019),*
- *Na Rialacháin um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2019 (I.R. Uimh. 151 de 2019)*

Rinneadh athruithe ar an Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011, a dhréachtú agus a fhoilsiú faoin Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2019, ionas go bhféadfaí leanúint le tacaíocht deontais a thabhairt do mhic léinn atá ag déanamh staidéar sa Ríocht Aontaithe agus do náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe atá ag déanamh staidéar sa Stát. Ós rud é go raibh sé i gceist leo cás gan mhargadh a chumhdach, níor tosaíodh na forálacha sin toisc gur thángthas ar mhargadh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i leith an ní.

Sprioc 3: Tabharfaimid na scileanna agus an tacaíocht riachtanach do sholáthraithe oideachais agus oiliúna chun taithí foghlama d'ardchaighdeán a chur ar fáil

Cuid dhílis de rath an chórais oideachais agus oiliúna is ea cáilíocht an tsoláthair. Aithníonn an Roinn na róil thábhachtacha a imríonn ceannairí, múinteoirí agus baill foirne tacaíochta agus féachann sí le hacmhainn an chórais ina iomláine a neartú chun feabhsuithe leanúnacha a bhaint amach agus na seirbhísí oideachais agus oiliúna is mó cáilíocht a sholáthar d'fhoghlaimeoirí. Aithnítear ardcháilíocht chóras oideachais na hÉireann ar fud an domhain. Chun go mbeidh an córas is fearr againn, áfach, ní mór dúinn feabhsuithe leanúnacha a bhaint amach.

Súil Siar ar an mBliain faoin Sprioc seo

- Seoladh clár pleanáilte cuairteanna cigireachta agus comhairleacha ar scoileanna agus ar shuíomhanna malartacha oideachais agus foilsíodh tuarascálacha ina leith.
- Soláthraíodh 342,408 gcinn d'aonaid forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile i raon leathan réimsí ábhair ar fud na bliana 2019.
- I gcomhar leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, cuireadh an tionscadal Step-Up faoin gCiste Sármhaitheasa Scoile i mbun feidhme in iar-bhunscoileanna.
- Tosaíodh an clár braisle 18 mí dar teideal "An Scéim um Shármhaitheas trí Cheannaireacht agus Bhainistíocht Chomhoibríoch".
- Tosaíodh ar an tsamhail nua Cigireachtaí Riachtanas Speisialta Oideachais a chur chun feidhme in iar-bhunscoileanna.
- Thug an Roinn faoi phróiseas fairsing comhairliúcháin ar reachtaíocht an Údaráis um Ard-Oideachas a thabhairt cothrom le dáta.
- Rinneadh an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019, a rith ina dhlí i mí Iúil 2019.
- Seoladh an Tionscnamh um Cheannaireacht Acadúil Shinsearach chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne ar leibhéal acadóra shinsearaigh san earnáil ardoideachais.

Is leagtha amach thíos atá tuilleadh sonraí faoin Sprioc seo.

3.1 Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta

I bhfianaise fhoilsiú na straitéise *An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh*, thosaigh an Chigireacht ag obair sa bhliain 2019 ar an tsamhail Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta a leathnú chun go n-áireofar léi leanaí nuabheirthe go leanaí atá trí bliana d'aois. Tá leathnú na samhla in Éirinn ag teacht le ceann amháin de na gealltanais náisiúnta atá tugtha sa straitéis, is é sin: "caighdeáin a fhorbairt, a bharrfheabhsú agus a chur i bhfeidhm agus córais rialála agus chigireachta a athchóiriú". Thug an Chigireacht faoi athbhreithniú taighde agus litríochta idirnáisiúnta agus chuaigh sí i gcomhairle le suíomhanna luathbhlianta agus le geallsealbhóirí ábhartha maidir leis an ní le linn na bliana 2019. Forbrófar an tsamhail arís eile sa bhliain 2020.

3.2 An Soláthar Múinteoirí

3.2.1 An Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí a chur chun feidhme

Ag teacht sna sála ar fhoilsiú an Phlean Gníomhaíochta um Sholáthar Múinteoirí i mí na Samhna 2018, lean an Grúpa Stiúrtha um Sholáthar Múinteoirí, atá faoi chathaoirleacht ag Ard-Rúnaí na Roinne, le raon gníomhartha éagsúla a chur ar aghaidh ar fud roinnt réimsí tábhachtacha beartais ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin shuntasacha a bhíonn ag scoileanna áirithe maidir le múinteoirí a earcú.

Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhghníomhartha a rinneadh ina leith sin sa bhliain 2019: cláir nua oideachais tosaigh mhúinteoirí a thabhairt isteach d'fhochéimithe in ábhair spriocdhírithe iar-bhunscoile; painéil soláthair mhúinteoirí ionaid a bhunú ar bhonn treorach do bhunscoileanna; tuarascáil theicniúil dar teideal *An tÉileamh ar Mhúinteoirí agus an Soláthar Múinteoirí in Éirinn 2020-2036* a fhoilsiú le haghaidh comhairliúcháin i mí na Samhna 2019; agus *Sub Seeker* a sheoladh i mí na Nollag 2019, ar tairseach nua earcaíochta múinteoirí ionaid í arna forbairt ag Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann agus ag Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí.

Tionóladh dhá fhóram chomhairleacha náisiúnta do gheallsealbhóirí i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna 2019.

Foilseacháin sa bhliain 2019:

- *An tÉileamh ar Mhúinteoirí agus an Soláthar Múinteoirí in Éirinn 2020 – 2036 - Tuarascáil Theicniúil* https://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/developing-a-teacher-demand-and-supply-model-for-ireland-2020-2036.pdf

3.3 Cáilíocht sa Luath-Oideachas

Imríonn an Roinn ról ríthábhachtach ina chinntiú gurb amhlaidh, maidir leis an oideachas sna luathbhlianta a sholáthraítear i réamhscoileanna a chistítear tríd an scéim um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige agus i réamhscoileanna Túis Luaith, go n-éiríonn leis an oideachas sin tacú le foghlaim agus forbairt leanaí trí Síolta, an chreatlach náisiúnta cáilíochta, agus creatchuraclam Aistear a chur chun feidhme. Lean an Roinn ag obair leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an tSeirbhís Náisiúnta Forbartha Cáilíochta sna Luathbhlianta de chuid Tús Níos Fearr, leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus le geallsealbhóirí eile sa bhliain 2019 chun an cuspóir sin a chomhlíonadh.

Faoi dheireadh na bliana 2019, rinneadh breis agus 2500 ceann de Chigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige ina soláthraítear an Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, ar clár réamhscoile saor in aisce é atá á chistiú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá an figiúr sin cothrom le thart ar 55% den daonra iomlán, agus lamháil á déanamh d'athruithe sa líon ceann de shuíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige a bhíonn ar conradh gach bliain chun an Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige a sholáthar.

Tá anailís ar na tuairiscí cigireachta a eisíodh idir mí an Mheithimh 2017 agus mí na Nollag 2019 á tiomsú faoi láthair lena foilsiú sa bhliain 2020. Tá an chuma ar an scéal gur bailí go fóill atá na luath-threochtaí a sainaithníodh sa chéad athbhreithniú ar an tsamhail Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta, mar atá *Léargais agus Forbairtí sa Todhchaí – Athbhreithniú ar Chigireachtaí atá Dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta: Aibreán 2016 – Meitheamh 2017"*, rud a foilsíodh i mí Eanáir 2018.

Is an-dearfach an rud é an díriú a leagtar i gcreat cáilíochta na samhla um Chigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta ar cháilíocht próiseas, ar an luathfhoghlaim, ar oideolaíocht ghairmiúil agus ar chleachtas gairmiúil, toisc go bhféachtar ar an díriú sin mar aitheantas agus mar dhearbhú don obair agus don rannchuidiú a dhéanann gairmithe luathbhlianta maidir le foghlaim, folláine agus forbairt leanaí a chothú ag an gcéim ríthábhachtach seo den saol. Cé go mbíonn cuid mhór láidreachtaí sa soláthar luathoideachais agus sa chleachtas luathoideachais i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige á sainaithint i dtuairiscí Cigireachta atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta, bíonn dúshláin a sainaithníodh sa tuairisc tosaigh á sainaithint go fóill freisin. Baineann na dúshláin sin go príomha le forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar churaclaim atá bunaithe ar Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige. Tá fadhbanna acmhainne ann freisin i ndáil le comhpháirtíocht le tuismitheoirí a chur chun cinn agus i ndáil le tacú le haistrithe ón réamhscoil chuig an mbunscoil.

Ceann de na príomhthreochtaí ón mbliain 2017 amach is ea an méadú suntasach a tháinig ar chuimsiú leanaí faoi mhíchumas i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luathóige. De bhun thabhairt isteach na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú, tá bearta éagsúla á ndéanamh anois chun tacú le leanaí faoi mhíchumas sna suíomhanna sin, lena n-áirítear comhordaitheoirí oilte um chuimsiú a imlonnú ina lán ionad.

Sa bhliain 2019, iarradh ar Chigireacht na Roinne raon feidhme na samhla um Chigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta a leathnú chun go bhféadfaí meastóireacht a dhéanamh ar an soláthar do leanaí idir 0 bliain d'aois agus 6 bliana d'aois. Chun an méid sin a éascú, cuireadh tús leis an gcreat cáilíochta agus na próisis chigireachta a leathnú sa bhliain 2019. Cuirfear an obair sin i gcrích trí chomhairliúchán agus trí thrialacha allamuigh sa bhliain 2020.

3.3.1 Síolta/Aistear

Faoi Thionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear, a tosaíodh sa bhliain 2016, táthar ag tacú le mórchur chun feidhme comhordaithe an dá chreat. Mar chuid den obair sin, tá ábhar, acmhainní agus forbairt ghairmiúil leanúnach á bhforbairt do chleachtóirí luathbhlianta. Tá an Roinn ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, le Tús Níos Fearr agus leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar an tionscnamh agus ceapadh beirt Oifigeach Forbartha náisiúnta chun tacú le hobair an tionscnaimh. Is í an Roinn a threoraíonn obair Ghrúpa Stiúrtha an tionscnaimh agus a chomhaontaíonn an plean oibre bliantúil don tionscnamh.

Sa bhliain 2019, forbraíodh samhail athbhreithnithe meantóireachta agus bunaíodh oifig náisiúnta cur chun feidhme Síolta/Aistear chun soláthar an tionscnaimh a lárú agus a bhainistiú. Déanann oifig cur chun feidhme an tionscnaimh maoirseacht ar an obair a dhéanann 80 meantóir de chuid Síolta/Aistear i raon eagraíochtaí difriúla, ar daoine iad a sholáthraíonn tacaí oiliúna agus meantóireachta do chleachtóirí fhoghlaim agus chúram na luath-óige.

Sa bhliain 2018, rinne sainghrúpa a bhí faoi stiúir ag an Roinn agus ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta clár nua forbartha gairmiúla leanúnaí ar a dtugtar "Aistear agus Súgradh" – ar clár é a bhfuil ceadú náisiúnta faighte aige – a fhorbairt lena chur i bhfeidhm ag an oifig nua cur chun feidhme sa bhliain 2019. Soláthraíodh an clár forbartha gairmiúla leanúnaí sin ar dhá ócáid sa bhliain 2019 agus cuireadh oiliúint ar thart ar 120 suíomh luathbhlianta lena linn. Tá an Roinn ag stiúradh meastóireacht ar an gclár sin faoi láthair. Tosaíodh an mheastóireacht sa bhliain 2019 agus críochnófar sa bhliain 2020 í. Déanann oifig cur chun feidhme Thionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear comhordú ar

dheiseanna éagsúla forbartha gairmiúla leanúnaí do mheantóirí a sholáthraíonn tacaí mar chuid den tionscnamh freisin.

3.3.2 Cáilíochtaí Gairmiúla agus Caighdeáin Ghairmiúla

Chun tacú le feabhas eile a chur ar cháilíochtaí gairmiúla agus caighdeáin ghairmiúla in earnáil Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige, agus ag teacht sna sála ar an obair fhairsing a rinne an Roinn sa bhliain 2018, foilsíodh Critéir agus Treoirlínte maidir le Dámhachtainí Gairmiúla do Chláir Chéime san Oideachas Tosaigh Gairme (Leibhéal 7 agus Leibhéal 8) d'earnáil Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige sa bhliain 2019. Foilsíodh an doiciméad tar éis ceadú a fháil ón Aire Oideachais agus Scileanna agus ón Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige araon. Ní mór gach clár nua a bheith ag teacht leis an doiciméad ceadaithe sin chun cáiliú do chistiú méadaithe a fháil ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Chuige sin, chuir an bheirt Airí Bord Comhairleach Cáilíochtaí ar bun agus tugadh cuireadh do sholáthraithe cúrsa tograí le haghaidh cláir nua a chur isteach lena n-athbhreithniú ag an mBord.

3.3.3 Plean Forbartha Fórsa Saothair d'earnáil fhoghlaim agus chúram na luathóige

Baineann an-tábhacht leis an bPlean Forbartha Fórsa Saothair d'earnáil fhoghlaim agus chúram na luathóige maidir leis an sprioc atá ann cleachtóirí luathbhlianta a chumasú gnóthú a dhéanamh ar na scileanna agus an tacaíocht a theastaíonn uathu chun eispéireas foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar do leanaí óga. Tá sé sin ar cheann de na cuspóirí atá sa straitéis An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh freisin. Tá cur chun feidhme an Phlean Forbartha Fórsa Saothair á threorú ag an Roinn agus ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Sa bhliain 2019, bunaíodh Grúpa Stiúrtha le haghaidh an Plean a fhorbairt. Bunaíodh Grúpa Comhairliúcháin freisin a dhéanann ionadaíocht do raon leathan geallsealbhóirí in earnáil fhoghlaim agus chúram na luathóige. Rinneadh ullmhúcháin fhairsinge le haghaidh sraith comhairliúchán a reáchtáil le cleachtóirí agus soláthraithe ar fud na tíre, agus tá an Plean Forbartha Fórsa Saothair le críochnú ansin faoi thús na bliana 2021.

3.4 Oideachas Múinteoirí

Féachann an Roinn ar an oideachas múinteoirí mar chontanam idir an t-oideachas tosaigh múinteoirí agus ionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Cuireann an Roinn cáilíocht an teagaisc agus na foghlama chun cinn trí chláir Oiliúna Múinteoirí, forbairt ghairmiúil leanúnach agus tacaí ar ardchaighdeán a sholáthar do Phríomhoidí agus Múinteoirí chun a gcuid oibre a chur i gcrích. Déantar an méid sin ar fad trí obair na gClár Oideachais Mhúinteoirí, na nIonad Oideachais agus na Seirbhísí Tacaíochta atá ar fáil do mhúinteoirí ar leibhéal na Bunscoile agus na hIar-bhunscoile.

Soláthraíodh 342,408 gcinn d'aonaid forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile i raon leathan réimsí ábhair sa bhliain 2019. Tacaíodh leis na nithe seo a leanas a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme mar chuid de na haonaid sin: Curaclam Teanga na Bunscoile; sonraíochtaí nua ábhair faoin g*Creat don tSraith Shóisearach*; agus sonraíochtaí nua ábhair agus sonraíochtaí athbhreithnithe ábhair don Ardteistiméireacht. Soláthraíodh breis agus 600 áit ar chláir choláistebhunaithe iarchéime i gCeannaireacht agus i Riachtanais Speisialta Oideachais freisin.

Sa bhliain 2019, leanadh le tús áite a thabhairt do thacaíocht forbartha gairmiúla a sholáthar chun na gníomhartha ábhartha sna réimsí seo a leanas a chur chun feidhme: an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta; Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM); Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna (DEIS); Déanann

Teangacha Nasc; Litearthacht agus Uimhearthacht; Sláinte agus Folláine; agus Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe.

3.4.1 Caighdeáin san Oideachas Tosaigh Múinteoirí

Faoi alt 38 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, tá cláir Oideachais Tosaigh Mhúinteoirí faoi réir athbhreithniú agus creidiúnú ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

Chuir an Chomhairle an doiciméad *Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir* le chéile chun forbhreathnú a thabhairt ar na ceanglais do gach clár.

Chuir an Chomhairle an chéad timthriall athbhreithniúcháin agus creidiúnúcháin ar na cláir i gcrích sa bhliain 2015. Tá sí ag déanamh breithniú ar na *Critéir agus na Treoirlínte* faoi láthair lena n-úsáid chun cláir Oideachais Tosaigh Mhúinteoirí a chreidiúnú. Tá an Roinn ag dul i dteagmháil leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun rannchuidiú leis an bpróiseas sin.

Sa bhliain 2019, sheol an Chomhairle Mhúinteoireachta sraith seisiún comhairliúcháin le geallsealbhóirí tábhachtacha ar an dréachtdoiciméad maidir le Caighdeáin. Agus aird á tabhairt ar an aiseolas a fuarthas, fadaíodh an tréimhse comhairliúcháin go ceann 2020 ansin.

Meastar gur sa dara ráithe den bhliain 2020 a fhoilseofar an doiciméad athbhreithnithe, ar a dtabharfar *Céim: Caighdeáin don Oideachas Tosaigh Múinteoirí*.

3.4.2 Céimithe Oideachais Tosaigh Mhúinteoirí

Sa bhliain 2018, bhain 1,192 dhuine céim amach ó chláir chomhthráthacha agus leantacha Oideachais Tosaigh Mhúinteoirí Bunscoile atá á gcistiú ag an Stát agus bhain 1,286 dhuine céim amach ó chláir chomhthráthacha agus leantacha Oideachais Tosaigh Mhúinteoirí Iar-bhunscoile atá á gcistiú ag an Stát. Bhain 632 dhuine agus 160 duine céim amach sa teagasc bunscoile agus iar-bhunscoile faoi seach ó chláir leantacha de chuid Choláiste Hibernia sa bhliain 2018 freisin. Cé nach bhfuil ach figiúirí réamh-mheasta ar fáil don bhliain 2019, táthar ag súil leis go mbainfidh 1200 duine agus breis agus 1350 duine céim amach sa teagasc bunscoile agus iar-bhunscoile faoi seach ó chláir atá á gcistiú ag an Stát. Táthar ag súil leis go mbainfidh 600 duine agus 160 duine céim amach sa teagasc bunscoile agus iar-bhunscoile faoi seach ó Choláiste Hibernia.

3.4.3 Ceanglais le haghaidh ábhair churaclaim iar-bhunscoile

Rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta athbhreithniú ar na Ceanglais le haghaidh Ábhair Churaclaim atá i bhfeidhm le haghaidh clárú ar leibhéal na hiar-bhunscoile. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal solúbthacht a mhéadú agus an próiseas a chuíchóiriú, agus caighdeáin á gcosaint ag an am céanna. Chuaigh an Chomhairle i mbun comhairliúchán le geallsealbhóirí maidir leis na hábhair uile, rud a tháinig chun deiridh sa dara ráithe den bhliain 2019. I measc na ngeallsealbhóirí a ghlac páirt ann bhí múinteoirí, ceardchumainn mhúinteoirí, Cigireacht na Roinne, cumainn ábhair agus Institiúidí Ardoideachais.

Chuir an Chomhairle Mhúinteoireachta critéir athbhreithnithe le haghaidh ábhair churaclaim le chéile. Tá na critéir sin á mbreithniú ag an Roinn faoi láthair.

3.4.4 Socrúchán Scoile

Cuid ríthábhachtach den oideachas tosaigh múinteoirí is ea an tréimhse socrúcháin scoile, ar lena linn a ghnóthaíonn an múinteoir faoi oiliúint taithí ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim i gcomhthéacsanna éagsúla agus a ghlacann sé/sí páirt i saol na scoile ar bhealach éascaithe struchtúrtha.

Tá ceist an tsocrúcháin scoile ina hábhar d'athbhreithniú ag an gComhairle Mhúinteoireachta, rud a tosaíodh sa bhliain 2018. Bhunaigh an Chomhairle Grúpa Oibre um Shocrúcháin Scoile

chun an t-athbhreithniú sin a dhéanamh. Bhí an grúpa sin comhdhéanta d'ionadaithe ó na comhlachtaí seo a leanas: an Chomhairle Mhúinteoireachta; an Roinn; Institiúidí Ardoideachais; ceardchumainn agus comhlachtaí bainistíochta; agus an tÚdarás um Ard-Oideachas. Chuaigh an Chomhairle i dteagmháil le príomhoidí agus múinteoirí faoi oiliúint freisin trí fhoghrúpaí agus fócasghrúpaí.
Chuir an Grúpa Oibre Tuarascáil faoi bhráid na Comhairle agus na Roinne sa bhliain 2019, rud atá le foilsiú sa bhliain 2020. Cuirfear an cur chun feidhme ar aghaidh ina dhiaidh sin.

3.4.5 Ráiteas Beartais maidir leis an Oideachas Tosaigh Múinteoirí

Chuir an Roinn tús le Ráiteas Beartais maidir leis an Oideachas Tosaigh Múinteoirí a cheapadh sa bhliain 2019.

Tá sé mar aidhm leis an Ráiteas Beartais na próisis atá in úsáid a shainaithint agus a dhoiciméadú chun a chinntiú go mbeidh soiléire agus comhleanúnachas ann sa réimse tábhachtach seo. Tá bearnaí a bhfuil tuilleadh airde le tabhairt orthu á sainaithint le linn an phróisis freisin.

Chuaigh an Roinn i mbun próiseas fairsing comhairliúcháin chun an Ráiteas Beartais a fhorbairt, ar lena linn a bhuail sí le gach ceann de na 15 sholáthraí oideachais tosaigh mhúinteoirí agus a d'iarr sí aighneachtaí i scríbhinn ó gheallsealbhóirí. Tugadh soláthraithe, múinteoirí faoi oiliúint, scoileanna, comhpháirtithe oideachais agus gníomhaireachtaí oideachais le chéile ag Fóram Comhairleach i mí na Samhna 2019 chun na téamaí a tháinig chun cinn a phlé.

Faoi threoir ag Coiste Stiúrtha, leanfar ag obair sa bhliain 2020 chun an Ráiteas Beartais maidir leis an Oideachas Tosaigh Múinteoirí a chríochnú. Tar éis an dáta foilsithe a fhadú, meastar anois go bhfoilseofar an Ráiteas Beartais ag deireadh na bliana 2020.

3.4.6 Cosán

Tá an Roinn tiomanta do thacú le forbairt a dhéanamh ar Cosán, an Creat Náisiúnta um Fhoghlaim Múinteoirí ón gComhairle Mhúinteoireachta, agus le é a leabú. Tugadh raon leathan geallsealbhóirí agus ionadaithe ó chóras oideachais na hÉireann le chéile ag ócáid geallsealbhóirí i mí Dheireadh Fómhair 2019 chun iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna a ghabhann le Cosán.

3.4.7 Creat taighdebhunaithe a fhorbairt le haghaidh meastóireacht a dhéanamh ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach

Ag gníomhú di i gcomhar leis an bhForas Taighde ar Oideachas, chuir an Roinn tús le tionscadal trí bliana sa bhliain 2019 chun creat meastóireachta a fhorbairt le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach, ar creat é lena gcabhrófar lena chinntiú go bhfreastalóidh an soláthar forbartha gairmiúla leanúnaí go héifeachtach éifeachtúil ar na riachtanais atá ag múinteoirí, ag scoileanna, ag daltaí agus ag an Roinn agus go mbainfear an chuid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil.

3.4.8 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Sa bhliain 2019, chuir an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí clár cuimsitheach forbartha gairmiúla ar fáil chun tacú le múinteoirí agus ceannairí scoile.

Ceann de na príomhthosaíochtaí ar leibhéal na bunscoile ba ea tacaíocht forbartha gairmiúla leanúnaí a thabhairt le haghaidh Curaclam Teanga na Bunscoile a chur chun feidhme i ngach rang – rang na naíonán sóisearach go rang a sé – agus i ngach suíomh speisialta. Tugadh cuireadh do na scoileanna uile freastal ar sheimineár lae iomláin a bhí dírithe ar an bhfoireann ar fad sa chéad téarma den bhliain 2019, rud ar éascaigh an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí/an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta é. Soláthraíodh seimineáir cheannaireachta do phríomhoidí scoile freisin, inar pléadh an téama um Athruithe Curaclaim a Stiúradh do Churaclam Teanga na Bunscoile.

Ar leibhéal na hiar-bhunscoile (an tsraith shinsearach), leanadh sa bhliain 2019 le tacaíocht a thabhairt do scoileanna a sholáthraíonn na sonraíochtaí nua ábhair – Eolaíocht Ríomhaireachta, Corpoideachas agus Polaitíocht agus an tSochaí. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin do mhúinteoirí na sonraíochtaí athbhreithnithe ábhair a tugadh isteach i mí Mheán Fómhair 2019 – Eolaíocht Talmhaíochta agus Eacnamaíocht.

Ina theannta sin, tairgeann an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí clár cuimsitheach imeachtaí roghnacha forbartha gairmiúla leanúnaí. Is ina gcuid ama féin a fhreastalaíonn múinteoirí ar na himeachtaí sin, ina gcumhdaítear na réimsí curaclaim agus na hoideolaíochtaí ábhartha uile.

Gné thábhachtach eile den fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthraíonn an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí is ea an tacaíocht mharthanach scoile agus an soláthar ionscoile a thugtar le linn cuairteanna ó phearsana de chuid na Seirbhíse.

Úsáidtear cineálacha cur chuige cumaisc chun an tacaíocht aghaidh ar aghaidh a thugtar le linn ceardlann agus cuairteanna scoile a fhorlíonadh. Áirítear leo sin seimineáir Ghréasáin, ollchúrsaí oscailte ar líne agus pobail chleachtais ar líne.

Leanann na seirbhísí tacaíochta uile i ngach réimse le tús áite a thabhairt do scoileanna DEIS, lena n-áirítear cláir litearthachta agus uimhearthachta atá sonrach do DEIS, Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh agus tionscadail bhraislí trasearnála.

3.4.9 Forbairt Ghairmiúil Leanúnach – Athchóiriú na Sraithe Sóisearaí

Sa bhliain 2019, lean an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí le clár cuimsitheach forbartha gairmiúla leanúnaí a sholáthar chun tacú le múinteoirí Sraithe Sóisearaí. Áiríodh leis sin seimineáir do cheannairí scoile, ceardlanna i scoileanna a bhí dírithe ar an bhfoireann ar fad agus ceardlanna a bhí sonrach don ábhar. Soláthraíodh na nithe sin trí bhraislí scoileanna agus imeachtaí a óstáladh in ionaid oideachais agus le linn cuairteanna scoile. Sholáthair an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí 75,287 gcinn d'aonaid forbartha gairmiúla leanúnaí sa bhliain 2019.

D'eagraigh an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí 118 lá braisle scoile. Faoin tsamhail braisle um fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar, dúnann roinnt scoileanna i réigiún geografach ar leith ar an aon lá amháin chun a chinntiú gur féidir leis na múinteoirí uile i ngach ceann de na scoileanna sin teacht le chéile chun freastal ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach a bhaineann leis an tSraith Shóisearach.

Agus úsáid mhéadaithe á baint acu as seimineáir idirghníomhacha Ghréasáin mar mhodh soláthair, d'éirigh leis na seirbhísí tacaíochta tionchar dearfach a imirt ar an soláthar seirbhíse trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach a dhéanamh níos inrochtana.

Is é is seimineáir Ghréasáin ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann ná imeachtaí idirghníomhacha inar féidir le múinteoirí ceisteanna a chur agus freagraí a fháil go beo. Taifeadtar na seimineáir Ghréasáin uile agus uaslódáiltear iad ansin ar an suíomh Gréasán http://www.jct.ie/. Craolann an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí seimineáir Ghréasáin ar fud na bliana ar fad agus reáchtálann sí imeacht dírithe ar a dtugtar #JCTWOW – Seachtainí Seimineár Gréasáin na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí – i mí an Mhárta/i mí Aibreáin gach bliain.

3.4.10 An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí

Tacaíonn an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM) le múinteoirí nuacháilithe, idir mhúinteoirí bunscoile agus mhúinteoirí iar-bhunscoile, a ionduchtú isteach i ngairm na múinteoireachta in Éirinn. Is é *Droichead* an creat gairmiúil comhtháite ionduchtaithe do mhúinteoirí nuacháilithe.

Sa bhliain 2018/2019, b'ionann agus 1,580 múinteoir agus 1,194 mhúinteoir faoi seach an líon múinteoirí nuacháilithe bunscoile agus múinteoirí nuacháilithe iar-bhunscoile ar thacaigh *Droichead* leo.

I gcomhar le líonra Ionad Tacaíochta Oideachais Éireann, cabhraíonn an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí le Clár Ceardlann Ionduchtaithe do mhúinteoirí nuacháilithe freisin. Tá an Clár Ceardlann Ionduchtaithe comhdhéanta de cheardlanna a n-éascaíonn múinteoirí cleachtacha iad. Faoi réir foghlaim ghairmiúil 20 uair ar a laghad san iomlán, is féidir le múinteoirí nuacháilithe gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla scoilbhunaithe a chomhcheangal le ceardlanna as láithreán. Is gá do mhúinteoirí nuacháilithe nach bhfuil ag glacadh páirt i bpróiseas *Droichead* agus ar mian leo bheith lánchláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta páirt a ghlacadh sa Chlár Ceardlann Ionduchtaithe. Tá forbairt ghairmiúil dhá uair ar áireamh i ngach ceardlann. Sa bhliain 2018/2019, reáchtáladh 1,022 cheardlann ar fhreastail 12,082 dhuine orthu.

3.4.11 Ionaid Oideachais

I láthair na huaire, tá an líonra Ionad Oideachais comhdhéanta de 21 ionad lánaimseartha agus naoi n-ionad pháirtaimseartha i sé réigiún dhifriúla. Tá trí cinn de na hIonaid lánaimseartha ar an gceanncheathrú riaracháin do sheirbhísí tacaíochta forbartha gairmiúla arna gcistiú ag an Roinn do mhúinteoirí (an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus an Lárionad um Cheannaireacht Scoile). Riartar roinnt de chláir agus tionscnaimh thacaíochta níos lú i réimse na forbartha gairmiúla in Ionaid eile. Áirítear leo sin an Bhratach Scoile Gníomhaí, Campaí Samhraidh agus Líonraí Gairmiúla Múinteoirí, i measc nithe eile.

Is í an phríomhghníomhaíocht a dtugann Ionaid Oideachais fúithi ná a eagrú go soláthrófar cláir náisiúnta forbartha gairmiúla múinteoirí ar leibhéal áitiúil thar ceann na Roinne seo. Tá limistéar freagrachta geografach sainithe ag gach Ionad Oideachais. Anuas air sin, soláthraíonn Ionaid Oideachais seirbhísí do scoileanna, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí, do bhoird agus do dhaoine ábhartha eile chun tacú leo a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh ó thaobh oideachas a sholáthar de.

3.5 Ceannaireacht Scoile

Is é atá sa Lárionad um Cheannaireacht Scoile (CSL) ná comhpháirtíocht atá ar bun idir an Roinn, Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) agus Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí (NAPD). Bunaíodh é i mí Mheán Fómhair 2015 agus tá ról aige i dtacaíocht a thabhairt do chláir ardcháilíochta (Meantóireacht, Cóitseáil agus Daoine ar mhaith leo a bheith ina gCeannairí) chun ceannaireacht scoile a fhorbairt agus a chur ar aghaidh, go háirithe do phríomhoidí sa líonra bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, agus tá ról aige sna cláir sin a threorú agus a fheabhsú agus comhairle a chur ar fáil ina leith freisin.

Táthar ag tairiscint an Dioplóma Iarchéime i gCeannaireacht Scoile in ocht n-ionad ó mhí Mheán Fómhair 2018 i leith. Is clár é atá ar Leibhéal 9 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus bhí 274 rannpháirtí ann sa tríú cohórt i mí Mheán Fómhair 2019. Is é cuibhreannas atá faoi stiúir ag Ollscoil Luimnigh a sholáthraíonn an cúrsa i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus le hOllscoil na hÉireann (Gaillimh).

Ó mhí Mheán Fómhair 2017 i leith, tá rochtain ar mheantóir oilte le CSL ag gach Príomhoide nuacheaptha i mbunscoil nó in iar-bhunscoil. Is oilte mar mheantóirí anois atá níos mó ná 500 príomhoide a bhfuil an-taithí acu. Maidir le príomhoidí atá sa dara bliain dá gceapachán, tá rochtain acu ar chlár meantóireachta grúpa a oibrítear trí Líonra Príomhoidí Bunscoile na

hÉireann agus trí Chumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí. Tá leas bainte ag 751 Phríomhoide san iomlán as cóitseáil duine le duine ón mbliain 2017 i leith. Tá 136 Phríomhoide eile ag baint leas as cóitseáil foirne faoi láthair. Tá an chóitseáil sin ar fáil d'fhoirne ceannaireachta i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna a ghlac páirt i gcóitseáil duine le duine roimhe seo. Dírítear sa chóitseáil ar fhorbairt a dhéanamh ar na tacair scileanna a theastaíonn chun na caighdeáin a luaitear i bhfoilseacháin 'Ag Breathnú ar an Scoil Againne' a chomhlíonadh.

Sa bhliain 2019, chuir an Roinn tús le scéim a bhfuil mar aidhm léi tacú le tionscadail a ghlacann cineálacha nuálacha cur chuige i leith ceannaireacht scoile agus bainistíocht scoile. Is é an aidhm atá leis an scéim um Shármhaitheas trí Cheannaireacht agus Bhainistíocht Chomhoibríoch ná tacú le scoileanna úsáid agus an leas is mó a bhaint as ceannaireacht inmheánach, acmhainn bainistíochta agus comhoibriú ar gach leibhéal. Roghnaíodh ceithre thionscadal is fiche mar chuid den tsamhail taispeána.

Fostaíonn Foireann Ceannaireachta SFGM geall le 100 comhlach a bhfuil taithí shuntasach acu ar cheannaireacht scoile agus ar fhorbairt ghairmiúil. De bhreis air sin, soláthraíonn an fhoireann ceannaireachta tacaíocht do scoileanna aonair trí Thacaíocht Scoilbhunaithe ó SFGM. Anuas air sin, tacaíonn an fhoireann le braislí scoile leis an Lárionad um Cheannaireacht Scoile agus leis an gCiste Sármhaitheasa Scoile. Tacaíonn sí le ceannaireacht curaclaim ar fud gach foirne de chuid SFGM freisin.

Tá an clár ceannaireachta scoile agus forbartha gairmiúla comhdhéanta de na snáitheanna seo a leanas: Misneach ó SFGM: Is é Misneach an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Phríomhoidí Nuacheaptha i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Forbairt ó SFGM: Clár forbartha gairmiúla do cheannairí scoile a bhfuil an-taithí acu is ea Forbairt. Tá sé mar aidhm leis cabhrú leis an bPríomhoide agus leis an Leas-Phríomhoide agus le ceannaire amháin eile sa scoil maidir le pleanáil agus le hobair mar fhoireann. Meitheal ó SFGM: Clár forbartha ceannaireachta arna threorú ag rannpháirtithe agus atá freagrúil do na riachtanais ghairmiúla aonair atá ag príomhoidí scoile is ea Meitheal. Seimineáir Cheannaireachta ar Churaclam Teanga na Bunscoile: Soláthraíodh seimineáir aonlae sa bhliain 2019 i dtaca le hAthruithe Curaclaim a Stiúradh. Seimineáir Cheannaireachta: Cuireadh ar fáil do phríomhoidí bunscoile roinnt seimineár aonlae i dtaca le Tosaíochtaí Scoile a Stiúradh agus a Bhainistiú agus le Pleananna Scoile. Cúrsa Samhraidh an Tánaiste, 2019: Cúrsa forbartha ceannaireachta do leas-phríomhoidí bunscoile is ea Cúrsa Samhraidh an Tánaiste. Ar leibhéal iar-bhunscoile, thairg SFGM tacaíocht agus oiliúint sna príomhréimsí gairmiúla den cheannaireacht scoile do rannpháirtithe. Ceardlanna Trasearnálacha do Cheannairí Meánacha: Treoirchlár do cheannairí meánacha is ea Comhar. Líonra: Líonra gairmiúil do Leas-Phríomhoidí a dtacaíonn Foireann Ceannaireachta SFGM leis is ea Líonra. Is iad na rannpháirtithe i Líonra ná na leas-phríomhoidí a chuir clár an Tánaiste i gcrích. Seimineáir lae iomláin i dtaca le Machnamh a Dhéanamh ar Fhéinmheastóireacht Scoile (FMS): Tá sé mar aidhm leis an seimineár seo tacú le príomhoidí, leas-phríomhoidí agus comhordaitheoirí FMS atá nuacheaptha ar leibhéal iar-bhunscoile.

3.6 Cigireachtaí Cáilíochta

3.6.1 Caighdeáin soláthair i scoileanna

Foilsíonn an Chigireacht mionanailís ar na fionnachtana óna clár cigireachta go rialta. Déanann sí amhlaidh i riocht *Thuarascáil an Phríomhchigire*. Foilsíodh an tuarascáil is déanaí den chineál sin go luath sa bhliain 2018 agus clúdaíodh an tréimhse 2013-2016 inti. Is sna míonna tosaigh den bhliain 2020 a fhoilseofar an tuarascáil don tréimhse 2017-2019. Bainfear leas inti as raon sonraí cigireachta chun tuairim a thabhairt ar chaighdeáin fhoriomlána teagaisc agus foghlama agus caighdeáin fhoriomlána cheannaireachta agus bhainistíochta i suíomhanna luathbhlianta, i scoileanna agus in ionaid oideachais. Déanfar

anailís sa tuarascáil freisin ar chaighdeáin soláthair i réimsí tacaíochta ar leith amhail oideachas STEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) agus an cuimsiú.

3.6.2 Samhlacha Nua Cigireachta

Tugadh dhá shamhail nua cigireachta isteach sa bhliain 2019. Ba iad sin: an tSamhail Cigireachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CPSI) agus samhail na Meastóireachta ar an Soláthar do Scoláirí a bhfuil Riachtanais Bhreise agus Speisialta Oideachais acu in Iar-bhunscoileanna (SEN-PP). Chomh maith leis sin, cuireadh tús leis an tsamhail cigireachta Luathbhlianta a leathnú chun leanaí a chumhach óna mbreith go dtí go bhfuil siad trí bliana d'aois.

3.6.3 An tSamhail Cigireachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (CPSI)

Tá sé mar phríomhaidhm leis na cigireachtaí um chosaint agus chumhdach leanaí faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017* i líon samplach bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna gach bliain. Toradh eile atá orthu is ea go gcumasaíonn siad tuairisciú don Rannóg Scoileanna sa Roinn agus don Ghrúpa Maoirseachta maidir le Cosaint Leanaí sa Roinn ar an méid atá na nósanna imeachta curtha chun feidhme i líon samplach scoileanna. Anuas air sin, baintear leas as an bhfaisnéis a bhailítear le linn cigireachtaí um chosaint agus chumhdach leanaí chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar cheanglais um chosaint agus chumhdach leanaí.

Is é an toradh atá ar gach cigireacht um chosaint agus chumhdach leanaí ná go dtugtar aiseolas ó bhéal do phearsana scoile ábhartha agus go dtugtar tuairisc i scríbhinn ar fhionnachtana na cigireachta, rud ina dtugtar breac-chuntas ar an méid atá an scoil ag comhlíonadh gach ceann de na deich seiceáil uileghabhálacha.

Maidir leis na tuairiscí a eascraíonn as na cigireachtaí sin, foilsítear iad ar shuíomh Gréasáin na Roinne freisin, ag cloí le gnáthnósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta na Cigireachta agus leis na nósanna imeachta atá leagtha amach sna *Treoirlínte um Fhoilsiú Tuairiscí Cigireachta Scoile* (an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015).

Sa tréimhse idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2019, thug an Chigireacht seimineáir faisnéise do cheannairí scoile ar an tsamhail cigireachta um chosaint agus chumhdach leanaí. D'fhreastail breis agus 3,000 príomhoide san iomlán ar sheisiúin faisnéise ar na cigireachtaí nua sa chéad leath den bhliain 2019, agus tá seimineár Gréasáin beo ar an tsamhail nua ar fáil ag www.education.ie.

Anuas air sin, rinne an Chigireacht 26 cinn de Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí i mbunscoileanna agus 21 cheann díobh in iar-bhunscoileanna sa bhliain 2019.

3.6.4 An Mheastóireacht ar an Soláthar do Scoláirí a bhfuil Riachtanais Bhreise agus Speisialta Oideachais acu in Iar-bhunscoileanna (SEN-PP)

Is é an aidhm atá le samhail na Meastóireachta ar an Soláthar do Scoláirí a bhfuil Riachtanais Bhreise agus Riachtanais Speisialta Oideachais acu in Iar-bhunscoileanna ná faisnéis chuimsitheach meastóireachta a thabhairt faoi cheithre réimse thábhachtacha a bhaineann leis an soláthar scoile do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu:

- na torthaí foghlama do dhaltaí ábhartha in iar-bhunscoileanna
- eispéiris foghlama na ndaltaí ábhartha in iar-bhunscoileanna
- an méid atá scoileanna ag baint úsáid as na hacmhainní a fhaigheann siad chun riachtanais na ndaltaí sin a shainaithint agus freastal orthu ar bhealach éifeachtach

- an méid atá na struchtúir agus na córais atá curtha i bhfeidhm ag lucht bainistíochta na scoile ag cothú chuimsiú, chomhionannas deiseanna agus fhorbairt iomlánaíoch gach dalta a bhfuil riachtanais bhreise agus speisialta oideachais acu.

Tá sé mar aidhm leis an tsamhail nasc straitéiseach a bheith aici le samhail chomhchosúil meastóireachta i mbunscoileanna, le samhail leithdháileacháin acmhainní na Roinne do riachtanais speisialta oideachais, leis na treoirlínte do scoileanna atá foilsithe ag an Roinn maidir le hacmhainní breise a úsáid, agus le foilsiú *Ag Breathnú ar an Scoil Againne: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna.*

Sa bhliain 2019, d'fhoilsigh an Chigireacht 14 thuarascáil a d'eascair as an tsamhail.

3.6.5 Tionscadail taighde

Sa bhliain 2019, ghlac an Chigireacht páirt i dtrí thionscadal taighde a raibh mar aidhm leo tacú le straitéisí náisiúnta a chur chun feidhme. Ghlac sí páirt freisin in dhá thionscadal taighde a raibh mar aidhm leo feabhas a chur ar éifeachtacht a cuid oibre féin.

3.6.6 Ba iad seo na tionscadail taighde a raibh mar aidhm leo tacú le straitéisí náisiúnta a chur chun feidhme:

- **Oideachas STEM**

Rinne an Chigireacht tionscadal taighde ar oideachas STEM i 101 cheann san iomlán de scoileanna agus de shuíomhanna ar tugadh cuairt orthu mar chuid den ghnáthchlár cigireachta sa bhliain 2019.

De bhreis ar bhreathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim in 218 gceann de sheisiúin nó de cheachtanna le linn na gcuairteanna sin, phléigh na cigirí an t-oideachas STEM le lucht bainistíochta an tsuímh/na scoile agus le múinteoirí/cleachtóirí.

- **An Fhoghlaim Dhigiteach**

Rinneadh taighde sonrach ar an bhfoghlaim dhigiteach i 90 suíomh, idir shuíomhanna luathbhlianta, bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, ar tugadh cuairt orthu le linn an chláir chigireachta sa bhliain 2019.

- **Nuatheangacha Iasachta (MFL)**

Thionóil an Chigireacht grúpa oibre um Nuatheangacha Iasachta sa bhliain 2018. Bhí sé mar shainchúram air taighde a dhéanamh ar chur chun feidhme tosaigh na straitéise dar teideal *Déanann Teangacha Nasc*. Rinne an grúpa oibre a chuid taighde sa bhliain 2019.

Foilseofar sa bhliain 2020 na tuarascálacha a eascraíonn as na trí thionscadal sin. Beidh na tuarascálacha ina dtagarmharc don chóras oideachais agus do dhéantóirí beartas go ginearálta maidir leis an gcur chun feidhme atá á dhéanamh ar na trí bheartas agus beidh siad ina mbonn eolais le gníomhartha a d'fhéadfadh a bheith riachtanach a dhéanamh chun a chinntiú gur féidir cuspóirí náisiúnta a bhaint amach. De bhreis air sin, beidh na tuarascálacha ina n-acmhainn do chleachtóirí oideachais ar leibhéil an oideachais luathbhlianta, an oideachais bhunscoile agus an oideachais iar-bhunscoile ach eiseamláirí a thabhairt den chleachtas éifeachtach sna trí réimse, rud a breathnaíodh le linn na dtionscadal taighde.

3.6.7 Tionscadail Taighde a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar éifeachtacht obair na Cigireachta

Thug an tAonad Tacaíochta agus Taighde Meastóireachta (ESRU) sa Chigireacht faoi dhá thionscadal taighde sa bhliain 2019 d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht a cuid oibre féin.

Foilseacháin ón gCigireacht sa bhliain 2019:

- *Treoir do Chigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí* (Eanáir 2019)
- *Treoir maidir leis an Meastóireacht ar an Soláthar do Scoláirí a bhfuil Riachtanais Bhreise agus Speisialta Oideachais acu in Iar-bhunscoileanna* (Eanáir 2019).

3.7 Meastóireacht ar an gclár Ógtheagmhála

Sa Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014-19, tá sé mar aidhm le Sprioc 4 pleanáil agus cistiú an bhreisoideachais agus na hoiliúna a fheabhsú agus a chomhtháthú. Leis an sprioc sin, cuirtear de cheangal ar SOLAS sceideal meastóireachtaí ar chláir bhreisoideachais agus oiliúna a eagrú agus a dhéanamh chun dul chun cinn éifeachtach foghlaimeoirí agus ábharthacht don mhargadh saothair a chinntiú. Mar chuid den tsraith sin athbhreithnithe, choimisiúnaigh SOLAS meastóireacht neamhspleách ar an gclár náisiúnta Ógtheagmhála.

Soláthraíonn an clár Ógtheagmhála oideachas comhtháite, oiliúint agus taithí oibre ar feadh dhá bhliain do luathfhágálaithe scoile atá dífhostaithe, nach bhfuil aon cháilíochtaí ná oiliúint ghairme acu agus atá idir 15 bliana d'aois agus 20 bliain d'aois. Seoladh an mheastóireacht i mí an Mheithimh 2019 agus tá sí ina meastóireacht chuimsitheach ar an gclár Ógtheagmhála. Chomh maith leis sin, léirítear inti an dea-thionchar atá ag Ógtheagmháil ar fhoghlaimeoirí. Chuir SOLAS doiciméad freagartha don mheastóireacht le chéile. Leagtar amach sa doiciméad sin roinnt moltaí a bhfuil mar aidhm leo an clár Ógtheagmhála a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh sa todhchaí.

3.8 An reachtaíocht um Athchóiriú an Ardoideachais

Le hAcht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971, bunaíodh an tÚdarás um Ard-Oideachas, leagadh feidhmeanna an Údaráis amach agus foráladh do rialachas an Údaráis. Foráladh leis an Acht freisin go mbeadh an tÚdarás um Ard-Oideachas ar an údarás cistiúcháin reachtúil do na hollscoileanna, do na hinstitiúidí teicneolaíochta agus do roinnt institiúidí ainmnithe eile agus foráladh go ndéanfadh an tÚdarás faireachán airgeadais ar na hinstitiúidí ardoideachais ainmnithe. Leis an Acht, bunaíodh an tÚdarás mar chomhlacht comhairleach don Aire Oideachais agus Scileanna i dtaca leis an earnáil ardoideachais. Tugadh an tAcht chun dáta roinnt uaireanta. Dá ainneoin sin, níl an reachtaíocht reatha ag teacht leis na feidhmeanna, an rialachas agus an t-údarás a bheadh ag comhlacht nua-aimseartha maoirseachta/rialála don earnáil ardoideachais.

Tá tús curtha le hobair ar Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971, a thabhairt chun dáta. Tá sé mar aidhm leis an reachtaíocht nua aon údarás a theastaíonn a thabhairt don Údarás um Ard-Oideachas maidir le feidhmeanna athbhreithnithe, rialachas agus nithe gaolmhara eile atá ina léiriú níos iomláine ar an ról lárnach atá aige agus na freagrachtaí atá air faoi láthair i dtaca leis an ardoideachas. Toradh eile atá ar chreat reachtach athbhreithnithe a fhorbairt is ea go dtugtar deis le haghaidh scrúdú a dhéanamh ar ról an Údaráis um Ard-Oideachas a athrú agus/nó a mhéadú sa todhchaí agus aghaidh a thabhairt ar réimsí eile laistigh den ardoideachas a bhféadfadh go mbeadh buntaca reachtúil níos soiléire ag teastáil uathu.

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi phróiseas fairsing comhairliúcháin maidir le reachtaíocht an Údaráis um Ard-Oideachas a thabhairt chun dáta sna blianta 2018 agus 2019, lenar áiríodh iarraidh ar aighneachtaí i scríbhinn i mí Iúil 2018, fóram comhairliúcháin i mí na Samhna 2018 agus iarraidh bhreise ar aighneachtaí i scríbhinn i mí Iúil 2019. Ag teacht sna sála ar athbhreithniú a rinne an Rialtas, foilsíodh tuarascáil ar an bpróiseas comhairliúcháin i mí Iúil 2019. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil sin ar na tuairimí a chuir rannpháirtithe in iúl sa phróiseas comhairliúcháin scríofa sa bhliain 2018 agus ag an bhfóram comhairliúcháin. Ina theannta sin, tá sí ar an bhfreagra ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar na tuairimí a cuireadh in iúl agus na saincheisteanna a tarraingíodh anuas sa

phróiseas comhairliúcháin agus tá sí ina forbhreathnú ar an reachtaíocht bheartaithe. Chomh maith leis sin, foilsíodh breac-chuntas ar na Tograí Reachtacha le haghaidh athchóiriú Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971, ag an am céanna.

Iarradh tuairimí ó gheallsealbhóirí ar an tuarascáil comhairliúcháin agus ar na tograí reachtacha faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2019. Táthar ag breithniú na dtuairimí a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin agus tá tuilleadh comhairliúcháin ar bun le geallsealbhóirí tábhachtacha maidir leis an reachtaíocht a fhorbairt. I mí Iúil 2019, cheadaigh an Rialtas go n-ullmhófaí Scéim Ghinearálta Bille a thiocfadh in ionad Acht an Údaráis um Ard-Oideachas, 1971.

3.9 An Bille um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú)

Rinneadh an tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019, a achtú ina dhlí i mí Iúil 2019.

Leis an Acht, tugtar isteach na leasuithe reachtacha riachtanacha ar an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012, chun aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna lena gcuirfí bac ar Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann roinnt dá fheidhmeanna beartaithe a fheidhmiú maidir le dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar an earnáil breisoideachais agus an earnáil ardoideachais. Sainaithníodh roinnt de na saincheisteanna sin tar éis athbhreithniú cuimsitheach a rinne Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann ar a chumhachtaí faoi Acht 2012.

Áirítear na nithe seo a leanas ar na príomhleasuithe a rinneadh ar an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012:

- An t-údarás follasach a thabhairt do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann na comhlachtaí dámhachtana ‘a liostú’ agus a gcáilíochtaí a chur ar áireamh sa Chreat
- Bunús dlí a thabhairt do Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann chun scrúdú a thabhairt ar rúin bona fide agus acmhainn airgeadais na soláthraithe, lena n-áirítear an dóigh a gcomhlíonann siad an dlí fostaíochta
- An próiseas ceadaithe le haghaidh nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta a neartú agus a fheabhsú
- Tabhairt isteach an Mhairc Oideachais Idirnáisiúnta a éascú
- Soláthar a dhéanamh do scéim náisiúnta le haghaidh foghlaimeoirí rollaithe a chosaint
- An chumhacht a thabhairt d’Institiúidí Teicneolaíochta cáilíochtaí suas go dtí leibhéal 9 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a dhámhachtain
- Conair a bhunú d’institiúidí ardoideachais nach bhfaigheann a bpríomhfhoinse ioncaim ón Státchiste chun go bhféadfaidh siad an teideal “ollscoil” a rochtain agus a úsáid.

Den chuid is mó, is é atá sna leasuithe reachtacha a chuimsítear sa Bhille ná forálacha teicniúla agus cumasúcháin a bhfuil mar aidhm leo cabhrú le beartais iarchurtha a thabhairt isteach, beartais atá ann cheana a shoiléiriú agus a neartú agus oibriú na mbeartas sin a dhéanamh níos éifeachtúla.

3.10 An Marc Oideachais Idirnáisiúnta

Cuimsítear san Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019, na leasuithe reachtacha a theastaíonn chun tabhairt isteach an Mhairc Oideachais Idirnáisiúnta a éascú. Síníodh an tAcht ina dhlí i mí Iúil 2019.

Tá an Marc Oideachais Idirnáisiúnta ina phríomhchuid de bheartas an Rialtais maidir leis an earnáil Béarla agus beidh sé ina chreat cáilíochta iomlán le haghaidh oideachas a sholáthar d’fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta sa todhchaí. Ní thabharfar an Marc ach do na soláthraithe sin

a chomhlíonann nósanna imeachta láidre atá i bhfeidhm ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann maidir le dearbhú cáilíochta. A luaithe atá sé curtha chun feidhme go hiomlán, ní mór do sholáthraithe údarú a fháil ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann chun an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a úsáid chun go mbeidh siad incháilithe le haghaidh mic léinn idirnáisiúnta a earcú. Toradh atá ar an Marc Oideachais Idirnáisiúnta is ea go dtugtar an mhuinín riachtanach d'fhoghlaimeoirí nó d'fhoghlaimeoirí féideartha go ndearna Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann dearbhú cáilíochta ar sholáthraithe a bhfuil an Marc acu.

3.11 An Tionscnamh um Cheannaireacht Acadúil Shinsearach (SALI)

Ag teacht sna sála ar fhoilsiú na Tuarascála ón Tascfhórsa um Chomhionannas Inscne, tugadh cuireadh d'Institiúidí Ardoideachais iarratais ar chistiú a chur isteach faoi Ghlao an Tionscnaimh um Cheannaireacht Acadúil Shinsearach 2019. Tar éis próiseas iomaíoch, cheadaigh an tÚdarás um Ard-Oideachas 20 ceann nua agus breise de phoist cheannaireachta acadúla sinsearaí don 12 Institiúid Ardoideachais ar éirigh leo. Déanfaidh na hInstitiúidí Ardoideachais lena mbaineann tús a chur le hearcaíocht chuig na poist sin sa bhliain 2020. Tá sé beartaithe go ndámhfar 45 phost ceannaireachta acadúla sinsearaí d'Institiúidí Ardoideachais thar thréimhse trí bliana (2019 – 2021) chun cabhrú le cothromaíocht inscne a luathú ar leibhéil shinsearacha. Tá sé mar aidhm leis an Tionscnamh um Cheannaireacht Acadúil Shinsearach cabhrú le comhionannas torthaí a bhaint amach san earnáil ardoideachais. Cisteofar poist cheannaireachta acadúla sinsearaí atá nua agus breise i réimsí ina bhfuil fianaise shoiléir ann ar ghannionadaíocht shuntasach d'inscne ar leith, ina mbeidh tionchar mór ag an gceapachán sin ar an Institiúid Ardoideachais agus ar an dámh/roinn/aonad feidhme lena mbaineann, agus ina mbeadh modh comhréireach éifeachtach ann chun athruithe luathaithe inbhuanaithe a bhaint amach laistigh d'institiúid.

3.12 Gradaim Athena SWAN, Éire

Cuireadh an Searmanas Bronnta do Ghradaim Athena SWAN, Éire, 2019 ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2019. Mar thoradh ar na gradaim a ceiliúradh i searmanas na bliana 2019, is ionann an líon iomlán gradam ó Athena SWAN in Éirinn agus 37 gcinn, atá comhdhéanta de 11 ghradam d'institiúidí agus 26 ghradam do ranna. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag https://hea.ie/policy/gender/athena-swan/

Sprioc 4: Treiseoimid na caidrimh idir oideachas agus an pobal i gcoitinne, an tsochaí agus an geilleagar

Is é atá i gceist leis an sprioc seo ná naisc níos láidre a fhorbairt, braislí a chruthú agus dea-chleachtas a chomhroinnt chun torthaí níos fearr agus tairbhí níos fearr a bhaint amach do gach duine lena mbaineann. Ní mór dár seirbhís oideachais bheith in ann freagairt do riachtanais, roghanna agus ionchais athraitheacha ár gcomhthéacs dhomhanda athraithigh. Baineann ríthábhacht le teagmháil leanúnach leis an lucht fiontair maidir leis an bhfás faoin líon cúrsaí oiliúna agus printíseachtaí atá ar fáil a bhrú chun cinn, le hábharthacht na socrúchán oibre agus na dtionscadal obairbhunaithe a chinntiú agus leis an éagsúlacht deise a mhéadú san fhoghlaim tar éis na scoile.

Súil Siar ar an mBliain faoin Sprioc seo

- Cuireadh próiseas comhairliúcháin ar siúl le comhpháirtithe ar na rialacháin a theastaíonn chun ailt den Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018, a thosú.
- Foilsíodh an Bille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí) agus ritheadh é trí gach céim den Seanad faoi dheireadh na bliana 2019.
- Ghlac 5,664 oibrí san iomlán páirt sa chlár 'Scileanna chun Dul Chun Cinn', rud lena gcuirtear feabhas ar scileanna na n-aosach sin a bhfuil leibhéil ísle scileanna acu faoi láthair.
- Forbraíodh cláir nua phrintíseachta agus oiliúna agus méadaíodh an rannpháirtíocht i gcláir atá ann cheana.
- Tá 300 scoil ag glacadh páirt sa Tionscnamh Scoileanna Cruthaitheacha anois.

Is leagtha amach thíos atá tuilleadh sonraí faoin Sprioc seo.

4.1 Pátrúnacht Scoile

Sa bhliain 2019, d'oibríomar chun éagsúlacht an chineáil scoile a mhéadú agus tuilleadh ionchuir i bpátrúin nua a roghnú a thabhairt do thuismitheoirí. Chuireamar i gcrích an Próiseas Pátrúnachta Ar Líne do bhunscoileanna a bhí á mbunú i mí Mheán Fómhair 2019, chuireamar tús leis an bpróiseas pátrúnachta do bhunscoileanna a bhí á mbunú i mí Mheán Fómhair 2020 agus d'iniúchamar na deiseanna atá ann le haghaidh an Gaeloideachas a mhéadú lasmuigh den Ghaeltacht. Ainmníodh don Ghaeloideachas cúig bhunscoil nua atá á mbunú idir na blianta 2020 agus 2022.

4.2 Ligean Isteach i Scoileanna

Is é cuspóir foriomlán an Achta Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2018, ná creat nua a sholáthar le haghaidh rollú scoile, ar creat é atá deartha chun a chinntiú go gcaitear le gach leanbh go cothrom agus gur struchtúrtha, cothrom agus trédhearcach atá an dóigh a ndéanann scoileanna cinntí ar iarratais ar ligean isteach.

Cuireadh tús i mí Feabhra 2019 le comhairliúchán ar na rialacháin a theastaíonn chun ailt áirithe den Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018, a thosú.

Trí obair an Fhóraim Bhunoideachais, gheall an tAire go gcuirfí bliain amháin sa bhreis leis an tréimhse cur i gcrích do scoileanna. Tháinig cur chun feidhme na socruithe nua do ligean isteach i scoileanna i bhfeidhm don scoilbhliain 21/22.

4.3 An Chairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí

D'fhoilsigh an tAire an Bille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí) i mí Mheán Fómhair 2019. Is é príomhaidhm an Bhille ná feabhas a chur ar an dóigh a ndéanann scoileanna teagmháil le mic léinn agus lena dtuismitheoirí ach ceangal a chur ar gach scoil Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí a ullmhú, a fhoilsiú agus a chur chun feidhme de réir treoirlínte cairte náisiúnta.

Tionscnaíodh an Bille sa Seanad agus ritheadh é trí gach céim den Seanad faoi dheireadh na bliana 2019.

4.4 Tionscadal an Ghlóir

4.4.1 Tionscadal Ghlór na nDaltaí

Tá sé mar aidhm le Tionscadal Ghlór na nDaltaí feabhas a chur ar an dóigh a n-idirghníomhaíonn an Chigireacht le leanaí agus le daoine óga i suíomhanna Luathbhlianta, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Tá an tionscadal bunaithe ar chur chuige ceartabhunaithe i leith tacú le glór na leanaí, faoi mar atá cumhdaithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. De bhreis air sin, táthar ag baint úsáid as prionsabail Shamhail Lundy um rannpháirtíocht leanaí chun buntacú leis an tionscadal, go háirithe an bhéim a leagtar inti ar an Spás, ar an nGlór, ar an Lucht Féachana agus ar an Tionchar. Tá trí chéim ag gabháil leis an tionscadal:

- Céim 1: idirghníomhaíocht na Cigireachta le leanaí agus daoine óga roimh an gcigireacht
- Céim 2: idirghníomhaíocht na Cigireachta le leanaí agus daoine óga le linn na cigireachta
- Céim 3: idirghníomhaíocht na Cigireachta le leanaí agus daoine óga tar éis na cigireachta

Cuireadh Céim 1 i gcrích sa bhliain 2019 agus cuireadh tús le Céim 2 sa cheathrú ráithe den bhliain 2019. Tá an tionscadal ar siúl fós sa bhliain 2020.

4.4.2 Tionscadal Ghlór na dTuismitheoirí

Is é cuspóir foriomlán thionscadal ghlór na dtuismitheoirí ná feabhas a chur ar rannpháirtíocht na Cigireachta le tuismitheoirí roimh na cigireachtaí agus lena linn agus riachtanais agus dearcthaí na dtuismitheoirí a chur san áireamh le linn tuairisc a thabhairt ar fhionnachtana cigireachta.

Tá nasc straitéiseach ag an tionscadal le *Cumasú: Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2019*, agus tugtar aird ar leith ar an ngníomh straitéiseach i Sprioc 4 chun 'ról na bhfoghlaimeoirí agus na dtuismitheoirí a neartú sa rannpháirtíocht a dhéanann siad leis an gcóras oideachais agus oiliúna'. Tá sé ag teacht freisin leis an doiciméad dar teideal *'An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh'*, agus aird ar leith á tabhairt ar Sprioc A: Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla. Bonn eolais eile leis an tionscadal a bheidh san obair atá á déanamh ag an Aonad Tuismitheoirí agus Foghlaimeoirí sa Roinn ar an gCairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí a chur le chéile.

Cuireadh tús le céim taighde tosaigh den tionscadal sa dara ráithe den bhliain 2019 agus forbraíodh plean tionscadail sa tríú ráithe agus sa cheathrú ráithe den bhliain 2019. Soláthrófar aschuir thar roinnt céimeanna, ag tosú le triail chéim 1 sa chéad ráithe den bhliain 2020.

Chomh maith leis sin, chuir an Chigireacht tús le tionscadail taighde chun tacú le straitéisí náisiúnta a chur chun feidhme agus an cur chun feidhme sin a scrúdú. Áirítear leis na straitéisí sin an straitéis um Chruthaitheacht agus Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe.

4.5 Forbairt Scileanna

4.5.1 An Straitéis Náisiúnta Scileanna

Is é cuspóir na Straitéise Náisiúnta Scileanna a bheith ina creat le haghaidh forbairt scileanna, rud a chabhróidh le fás geilleagrach agus sochaíoch na hÉireann a bhrú chun cinn sna deich mbliana atá le teacht. Tríd an bhfís agus trí na cuspóirí, na gníomhartha agus na táscairí atá leagtha amach inti, tacóidh an straitéis le fórsa saothair a bhfuil dea-oideachas aige agus atá dea-oilte agus inoiriúnaithe a fhorbairt, rud a dhéanfaidh buíon láidir daoine cumasacha ar gach aois a chruthú agus a chothabháil ar fud na hÉireann.

4.5.2 An Chomhairle Náisiúnta Scileanna

Tá an Chomhairle Náisiúnta Scileanna agus na Fóraim Réigiúnacha Scileanna ar áireamh sa struchtúr nua scileanna faoin Straitéis Náisiúnta Scileanna. Is é ról na Comhairle Náisiúnta Scileanna ná formhaoirseacht a dhéanamh ar thaighde agus comhairle a thabhairt maidir le scileanna sainaitheanta a chur in ord tosaíochta agus maidir le conas is féidir riachtanais shainaitheanta a chomhlíonadh. Tá ról tábhachtach aici i gcur chun cinn agus tuairisciú a dhéanamh ar fhreagairtí na soláthraithe oideachais agus oiliúna do na tosaíochtaí sin.

Sa bhliain 2019, bhí Áit Oibre na Todhchaí agus Riachtanais Réigiúnacha Scileanna ar áireamh sna míreanna straitéiseacha plé.

4.5.3 Na Fóraim Réigiúnacha Scileanna

Is é cuspóir na naoi bhFóram Réigiúnacha Scileanna ná naisc níos láidre a chothú idir fostóirí agus an rannóg Breisoideachais, Ardoideachais agus Oiliúna i ngach réigiún. Brúnn geallsealbhóirí tábhachtacha i ngach réigiún an plean oibre laistigh den réigiún chun cinn. Áirítear leo fostóirí, fiontair agus soláthraithe oideachais agus oiliúna, rud a chinntíonn gur saincheaptha chun riachtanais scileanna a shainaithint atá na freagairtí a fhorbraítear.

Sa bhliain 2019, chuaigh na Fóraim Réigiúnacha Scileanna i dteagmháil le breis agus 1,400 fiontar sna réigiúin uile. Is léiriú é sin ar an méadú 42.4% ar an ngníomhaíocht fhoriomlán toisc go ndeachthas i dteagmháil le 1,052 fhiontar sa bhliain 2018. Téann na Fóraim Réigiúnacha Scileanna i dteagmháil le gach earnáil agus le gach fiontar, beag beann ar a méid. Díríonn siad go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Cuid d'obair na bhFóram Réigiúnach Scileanna is ea an lucht tionscail a threorú chuig na seirbhísí oideachais agus oiliúna atá á soláthar faoi láthair agus páirt a thabhairt don lucht tionscail sa soláthar oideachais.

4.5.4 Scileanna chun Dul Chun Cinn

Sheol an Roinn creat beartais nua d'fhorbairt fostaithe sa bhliain 2018. Is é *Scileanna chun Dul Chun Cinn* an teideal atá air. Cumasaíonn *Scileanna chun Dul Chun Cinn* tacaíocht spriocdhírithe do ghrúpaí soghonta i bhfórsa saothair na hÉireann chun a bhfostaíocht a chothú, chun dí-áitiú a sheachaint nó chun leas a bhaint as deiseanna fostaíochta a thagann chun cinn. Dírítear go háirithe ar na daoine sin a bhfuil leibhéil ísle scileanna acu agus a dteastaíonn níos mó deiseanna uathu chun dul chun cinn a dhéanamh ina saol oibre agus ina ngairim.

Ba é an sprioc a bhí ag *Scileanna chun Dul Chun Cinn* don bhliain 2019 ná go mbeadh 5,000 fostaí ar lú a leibhéal scileanna ná Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ag glacadh páirt i bhforbairt scileanna a dtacaíonn an Stát léi. Sáraíodh an sprioc sin toisc gur

ghlac 5,664 oibrí san iomlán páirt sa chlár *Scileanna chun Dul Chun Cinn* sa bhliain 2019. Fuarthas €6.3m sa bhreis i mBuiséad 2020 le haghaidh *Scileanna chun Dul Chun Cinn*.

4.5.5 Scileanna le haghaidh Fáis

Tá sé mar chuspóir leis an tionscadal 'Scileanna le haghaidh Fáis' cur le cáilíocht agus cainníocht na sonraí atá ar fáil faoi riachtanais scileanna i bhfiontair aonair chun teagmháil bhreisithe a éascú idir fiontair, soláthraithe oideachais agus oiliúna agus baill ábhartha eile de na Fóraim Réigiúnacha Scileanna sa tír. Chun teagmháil a dhéanamh le líon níos airde fiontar, shínigh an Roinn meabhráin tuisceana leis an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus le hÚdarás na Gaeltachta. Tá an Roinn i mbun plé le geallsealbhóirí ábhartha eile faoi láthair chun an líon daoine a bhfreastalaíonn uirlis iniúchóireachta an tionscnaimh orthu a mhéadú.

4.5.6 An Clár EXPLORE

Cuireadh an Clár EXPLORE i bhfeidhm ar fud na tíre sa bhliain 2018. Is é an príomhchuspóir atá leis an tionscnamh ná teacht ar réiteach nua chun an líon íseal daoine i bhfórsa saothair na hÉireann a ghlacann páirt i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a mhéadú.

Ghlac 256 dhuine páirt sa Chlár EXPLORE sa bhliain 2018. Tháinig méadú ar an bhfigiúr sin sa bhliain 2019, ar lena linn a chuir 488 nduine an clár i gcrích. Cuireadh díriú an chláir ar an earnáil déantúsaíochta ar dtús. Ós rud é gur éirigh go geal leis, tá sé beartaithe anois an tionscnamh a chur i bhfeidhm in earnálacha eile den gheilleagar, lena n-áirítear san earnáil um lóistíocht agus bainistíocht shlabhra an tsoláthair agus san earnáil fáilteachais.

4.4.7 Clár Springboard+

Seoladh clár Springboard+ 2019 i mí an Mheithimh 2019. Leis an gclár sin, táthar ag déanamh soláthar do níos mó ná 9,000 áit ar 275 chúrsa sa tír sa bhliain acadúil 2019/20. Athrú tábhachtach a rinneadh i gcláir de chuid chlár Springboard+ ón mbliain 2017 i leith ba ea incháilitheacht le haghaidh gach cúrsa a leathnú chuig gach duine, beag beann ar a stádas fostaíochta.

Is é atá sna 9,151 áit atá ar tairiscint faoi chlár Springboard+ 2019 ná infheistíocht €34.3m ón gCiste Náisiúnta Oiliúna. Faightear comhchistiú faoi Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) freisin mar chuid de Chlár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020.

Maidir leis na cúrsaí uile a cheadaítear le haghaidh cistiú faoi chlár Springboard+, is é painéal neamhspleách atá comhdhéanta de shaineolaithe ón saol tionscail agus ón saol oideachais a roghnaíonn iad tar éis tabhairt faoi phróiseas tairisceana iomaíche. Moltar go dtabharfaí cistiú go háirithe do chúrsaí atá á léiriú go n-éiríonn leo daoine a thabhairt ar ais chun fostaíochta.

Tá na cúrsaí saor in aisce fós do dhaoine dífhostaithe, do dhaoine atá ag filleadh ar an oideachas agus do dhaoine fostaithe atá ag glacadh páirt iontu ar leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Rinne daoine fostaithe a ghlac páirt i gcúrsaí ar leibhéal 7 nó níos airde ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ranníocaíocht 10% le costas an chúrsa. Chistigh an Rialtas an chuid eile den chostas.

Chun coinneáil suas leis an dul chun cinn teicneolaíochta, áiríodh le clár Springboard+ 2019 cúrsaí sna réimsí seo: an Blocshlabhra; an Intleacht Shaorga; an Chibearshlándáil; an Réaltacht Fhíorúil; agus an Teicneolaíocht Monarchan Cliste.

Bhí freagairt dhearfach ann do chlár Springboard+ 2019, áit ar líon daoine fostaithe geall le 80% de na háiteanna. Is iad daoine dífhostaithe a líonann 17% de na háiteanna agus líonann daoine atá ag filleadh ar an oideachas 4% díobh.

Ba i bhformáid níos solúbtha a soláthraíodh geall le 90% de na cúrsaí a soláthraíodh faoi chlár Springboard+ 2019. Áiríodh leo sin cúrsaí a soláthraíodh ar líne nó trí fhoghlaim chumaisc nó trí chianfhoghlaim. Bhí sé sin ag teacht le hoscailt leantach na gcúrsaí d'fhoghlaimeoirí, beag beann ar a stádas fostaíochta. Anuas ar rannpháirtíocht na ndaoine sin atá fostaithe a éascú, cuireann an tsolúbthacht mhéadaithe ar chumas daoine fud fad na tíre rochtain a fháil ar chláir i réigiúin lasmuigh díobh sin ina gcónaíonn siad.

4.4.8 Printíseacht

Cuireadh aon cheann déag de chláir nua phrintíseachta i bhfeidhm sa bhliain 2019, i réimsí éagsúla lena n-áirítear fáilteachas, TFC agus miondíol. Faoi dheireadh na bliana, bhí 54 rogha printíseachta san iomlán ar fáil d'fhoghlaimeoirí, agus iad comhdhéanta de 25 phrintíseacht ceirde agus 29 gclár nua printíseachta (tar éis na bliana 2016).

Bhí an líon cláruithe ar phrintíseachtaí ceirde agus ar phrintíseachtaí nua araon ag méadú fós. Bhí 6,177 gclárú nua ann sa bhliain 2019, ar figiúr é atá cothrom le méadú geall le 10% ar na 5,648 gclárú nua a bhí ann sa bhliain 2018.

Leanadh leis an dul chun cinn ar bhearta a bhfuil mar aidhm leo a chinntiú go mbeidh rochtain níos fearr ag daoine ar dheiseanna printíseachta. Sa bhliain 2019, ba é an toradh a bhí ar ghairm tograí chun 500 áit réamhphrintíseachta a sholáthar ná gur ceadaíodh 31 cheann sa bhreis de chláir iar-Ardteistiméireachta 'Conairí chun Printíseachta' a thosófaí sa bhliain 2020. I mí Aibreáin, sheol SOLAS ardán 'Post Printíseachta' chun feabhas a chur ar a inrochtana atá folúntais phrintíseachta. I mí Dheireadh Fómhair, tugadh áis nua ar líne le haghaidh fostóirí printíseachta nua a cheadú chun an próiseas iarratais a chuíchóiriú d'fhostóirí ar mian leo glacadh le printísigh.

Sa dara céim den fheachtas náisiúnta cur chun cinn do Generation Apprenticeship, leagadh díriú méadaithe ar fhostóirí trí fhógraíocht spriocdhírithe bhreisithe, trí sheisiúin faisnéise do ghrúpaí atá ionadaíoch d'fhostaithe agus d'fhostóirí, trí shuaitheantais fostóirí, trí ghradaim fhostóirí na bliana agus trí ambasadóirí fostóra. Bhí breis agus 25 ambasadóir fostóra ag glacadh páirt sa chlár ag deireadh na bliana 2019. Chuimsigh sé sin 25 phrintíseacht agus cúig réigiún.

4.5 Óige Ildánach

I mí na Nollag 2017, seoladh *Óige Ildánach – Plean le haghaidh Acmhainneacht Chruthaitheach gach Linbh agus Duine Óig a Chumasú*. Is é an aidhm atá leis comhlíonadh a dhéanamh ar ghealltanas an Rialtais go mbeadh rochtain phraiticiúil ag gach leanbh in Éirinn ar theagasc, taithí agus rannpháirtíocht sa cheol, sa drámaíocht, sna healaíona agus sa chódú faoin mbliain 2022. Leagtar amach sa phlean Óige Ildánach roinnt tionscnamh a thriailfear agus a chuirfear chun feidhme sna blianta atá le teacht, lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánaí. Príomh-chomhpháirtithe sa phlean Óige Ildánach a sholáthar iad an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Chomhairle Ealaíon.

4.5.1 Scoileanna Cruthaitheacha

Seoladh an tionscnamh Scoileanna Cruthaitheacha go luath sa bhliain 2018. Thosaigh 150 scoil ag glacadh páirt ann i mí Mheán Fómhair 2018. Tugadh deis do gach ceann de na scoileanna sin páirt a ghlacadh sa dara bliain den tionscnamh ó mhí Mheán Fómhair 2019 i leith, agus roghnaíodh 150 scoil sa bhreis mar chuid de phróiseas iarratais.

Tá rochtain ar “Chomhlach Cruthaitheach” ag gach ceann de na 300 scoil atá ag glacadh páirt sa tionscnamh. Comhlíonann an Comhlach Cruthaitheach ról bunriachtanach i gcleachtais chruthaitheacha atá spreagúil agus inbhuanaithe a leabú sa teagasc agus san fhoghlaim. Tá Comhlaigh Chruthaitheacha ina n-ealaíontóirí cleachtacha agus ina múinteoirí, ar daoine iad a bhfuil tuiscint acu ar an gcruthaitheacht agus ar an dóigh a bhféadfadh sí saol an linbh agus an duine óig a bhunathrú chun feabhais.

Ag obair dóibh lena gComhlach Cruthaitheach, tá scoileanna rannpháirteacha ag forbairt plean forbartha scoile le haghaidh na n-ealaíon agus na cruthaitheachta agus ag cur na bpleananna sin chun feidhme. Iniúchfaidh na Comhlaigh Chruthaitheacha naisc nua do scoileanna le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon, cultúrtha agus cruthaitheacha ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta chun cabhrú leo a bplean féin a fhorbairt. Chun cabhrú leis an obair sin, dámhadh €2,000 do gach scoil rannpháirteach le haghaidh a bplean a chur chun feidhme.

4.5.2 Braislí Cruthaitheacha

I mí Mheán Fómhair 2018, roghnaíodh 73 scoil chun páirt a ghlacadh i líonra Braislí Cruthaitheacha mar chuid den Chiste Sármhaitheasa Scoile agus den Chlár Éire Ildánach. Tugadh deis do na scoileanna sin páirt a ghlacadh sa tionscnamh ar feadh bliain bhreise, agus bhí 76 scoil bhreise rollaithe sa tionscnamh ó mhí Mheán Fómhair 2019 i leith.

Spreagann agus aithníonn Braislí Cruthaitheacha an sármhaitheas agus an nuálaíocht inár scoileanna. Ag an am céanna, tugann siad saoirse do na scoileanna a chinneadh cé na spriocanna ba mhaith leo a bhaint amach.

Faigheann scoileanna tacaíocht ó Éascaitheoir Braisle Cruthaithí agus oibríonn siad le chéile chun comhoibriú, smaointe a chomhroinnt agus pleananna a fhorbairt le haghaidh a sprioc a bhaint amach.

4.5.3 Comhpháirtíochtaí Óige Ildánaí

Tá tionscnamh nua á thriail i dtrí bhord oideachais agus oiliúna chun cruthaitheacht a chur chun cinn do dhaoine óga mar chuid den Chlár Éire Ildánach.

Tá na comhpháirtíochtaí sin á bhforbairt fós agus beidh siad ina líonraí a chumasóidh comhroinnt faisnéise, comhoibriú idir eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí óige ildánaí ar leibhéal áitiúil chun go mbainfear úsáid níos fearr as na hacmhainní, na cleachtais agus na tionscnaimh atá ann cheana i limistéar Bord Oideachais agus Oiliúna. Ag an am céanna, tabharfaidh siad deiseanna nua do dhaoine óga tionscnaimh chruthaitheacha a rochtain.

Is iad seo na trí Bhord Oideachais agus Oiliúna atá ag glacadh páirt sa treoirthionscnamh:

- Boird Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
- Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí
- Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir

Fuair gach ceann de na Boird Oideachais agus Oiliúna sin €100,000 sa bhliain 2019 chun cabhrú leo a gcomhpháirtíocht a fhorbairt agus a ngníomhaíochtaí oibriúcháin a thosú. Ar an obair atá déanta go dtí seo tá teagmháil leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus le Hub na nÓg.

4.6 Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe

Leanadh leis an *Straitéis Náisiúnta um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe 2014-2020* a úsáid chun aird a dhíriú ar inbhuanaitheacht sa chóras oideachais agus chun feasacht a spreagadh ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Cuireadh fóram na bliana 2019 ar siúl i mí na Samhna 2019. D'oscail an tAire Mitchell O'Connor é agus ba í Máire Mhic Róibín Uas. an príomhchainteoir. Ag teacht sna sála ar an bhFóram Polaitíochta Ardleibhéil a cuireadh ar siúl sna Náisiúin Aontaithe i mí Iúil, leagadh díriú le linn an fhóraim ar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 – oideachas ardchaighdeáin. Chomh maith leis sin, leagadh béim ar roinnt réimsí ina bhfuil an Roinn ag obair chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh Éire a spriocanna faoi Chlár Oibre 2030 do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4.

4.7 Clár Erasmus+

Is é Clár Erasmus+ Clár an Aontais Eorpaigh don Oideachas, an Oiliúint agus an Spórt don tréimhse 2014-2020. Faoin gClár sa bhliain 2019, thug an Coimisiún Eorpach cistiú ab fhiú €30,756,525 san iomlán do thairbhithe, tionscnóirí tionscadail agus comhpháirtithe in Éirinn. B'ionann é sin agus méadú de thart ar 4.07% ar an bhfigiúr don bhliain 2018. Tugtar cistiú le haghaidh soghluaisteachta, comhpháirtíochtaí idir eagraíochtaí, agus obair beartais.

Cistiú ón gCoimisiún Eorpach do chlár Erasmus+ (2014-2020)						
Catagóir	**2014 (€)**	**2015 (€)**	**2016 (€)**	**2017 (€)**	**2018 (€)**	**2019 (€)**
Scoileanna Chlár Erasmus+	1,307,671	2,863,261	2,600,299	3,496,583	3,573,704	5,720,808
Gairmoideachas agus Oiliúint Chlár Erasmus+	4,278,442	3,904,761	4,012,928	4,229,305	7,081,514	7,749,997
Oideachas aosach Chlár Erasmus+	1,644,297	931,820	922,225	910,517	1,738,565	1,014,500
Óige Chlár Erasmus+	2,898,321	3,036,979	3,117,912	4,949,204	3,982,183	3,226,560
Ardoideachas Chlár Erasmus+	7,705,791	9,430,206	9,341,690	11,185,937	13,177,679	13,044,660
Iomlán	**17,834,522**	**20,167,027**	**19,994,964**	**24,771,546**	**29,553,645**	**30,756,525**

4.8 Oideachas Idirnáisiúnta

Ar fud na bliana 2019, d'éirigh le hÉirinn leanúint ar aghaidh ag obair ar na gníomhartha agus na spriocanna atá leagtha amach sa "Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta 2016-2020" ón Rialtas a bhaint amach. Tá sé mar aidhm leis an straitéis tacú le saoránaigh dhomhanda a fhorbairt trí chóras oideachais idirnáisiúnta ardchaighdeáin na hÉireann ar na bealaí seo: daoine cumasacha ó áiteanna ar fud an domhain a mhealladh chuig ár n-institiúidí oideachais; na scileanna agus an taithí a dteastaíonn uathu chun bheith iomaíoch ar leibhéal idirnáisiúnta a thabhairt d'fhoghlaimeoirí Éireannacha; páirt a ghlacadh i gcomhthionscadail taighde agus idirnáisiúnta den scoth; agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda.

Sa bhliain 2019, tugadh 30 cuairt oideachais idirnáisiúnta ardleibhéil orainn ó thíortha comhpháirtíochta amhail an tSín, an India, an Indinéis, Meicsiceo, an Rúis, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus Vítneam. Chabhraigh na cuairteanna sin leis an Roinn Oideachais agus Scileanna tuiscint a ghnóthú ar na dúshláin a bhfuil córais oideachais eile ag déileáil leo agus ar na beartais atá á bhforbairt ag na tíortha sin chun na dúshláin sin a shárú.

Chomh maith leis sin, chuir na cuairteanna sin ar chumas na Roinne cabhrú le tíortha eile a n-acmhainn a fhorbairt ar fud a réimse oideachais ar fad. Ar na topaicí a pléadh le linn na

gcuairteanna sin bhí riachtanais scileanna sa todhchaí, an beartas ardoideachais agus breisoideachais, an cuimsiú sóisialta, oiliúint múinteoirí agus forbairtí curaclaim.

Ina theannta sin, bhí Airí agus oifigigh shinsearacha na Roinne i gceannas ar thoscaireachtaí ár n-institiúidí ardoideachais chuig 16 áit, lena n-áirítear an tSín, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Fhionlainn, an Chóiré, an tSeapáin, an Rúis agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Chuir na cuairteanna sin ar ár gcumas na naisc riachtanacha ardleibhéil a dhéanamh ar leibhéal an Rialtais chun ár naisc i bpríomh-mhargaí agus i margaí ardacmhainne a chur ar aghaidh tuilleadh.

Forbairt eile sa bhliain 2019 ba ea gur dheonaigh an Roinn deontais dar luach €500,000 faoin gClár Soghluaisteachta Acadúla Idirnáisiúnta ó Rialtas na hÉireann. Mar thoradh air sin, tá acadóirí agus baill foirne ó Institiúidí Ardoideachais in Éirinn in ann leas a bhaint as deiseanna soghluaisteachta chun cur lena gcomhoibriú le hinstitiúidí comhpháirtíochta i dtíortha comhpháirtíochta.

Anuas air sin, rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna, i gcomhpháirt le hinstitiúidí ardoideachais in Éirinn, cistiú a sholáthar do 60 mac léinn idirnáisiúnta faoi Scéim Scoláireachta Rialtas na hÉireann chun go mbeadh siad in ann staidéar a dhéanamh in Éirinn. Áiríodh leis sin tarscaoileadh iomlán ó tháillí a íoc agus liúntas maireachtála.

4.9 An ‘Plean Gníomhaíochta um Scileanna TFC 2019-2022’ a Fhoilsiú

Foilsíodh “Scileanna Teicneolaíochta 2022: Tríú Plean Gníomhaíochta na hÉireann um Scileanna TFC” an 1 Feabhra 2019. Tá sé mar aidhm leis 47,000 Céimí TF a sholáthar faoin mbliain 2022 agus leagtar amach ann na gníomhartha tosaíochta a dhéanfar thar thréimhse ceithre bliana ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2022 chun freastal ar na héilimh ar thacair scileanna ardleibhéil TFC i ngeilleagar na hÉireann. Tá sé mar aidhm leis conairí cuí oideachais agus oiliúna a sholáthar ionas gur féidir le daoine scileanna difriúla ardleibhéil TFC a bhfuil tóir ag raon éagsúil tionscal orthu a fhoghlaim agus oiliúint agus uasoiliúint a fháil iontu, agus é ag iarraidh freastal ar éileamh na hÉireann ar chéimithe atá oilte sa ríomhaireacht agus san innealtóireacht leictreonach agus leictreach ar mhaithe le feidhmíocht gheilleagrach a chur ar aghaidh agus a bhrú chun cinn sna blianta atá le teacht.

Bonn eolais leis an bplean is ea taighde a rinne an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí. Is é an toradh a bheidh ar na spriocanna uaillmhianacha atá sa phlean ná go méadófar an líon iomlán céimithe a bhfuil scileanna ardleibhéil TFC acu faoi níos mó ná 5,000 duine gach bliain faoin mbliain 2022.

Sprioc 5: Treoróimid seachadadh treo straitéiseach agus córas tacúil i gcompháirt le príomh-gheallsealbhóirí san oideachas agus oiliúnt.

Tá ról tábhachtach ag an Roinn agus a cuid gníomhaireachtaí i gceannaireacht straitéiseach a sholáthar, i mbeartais a fhorbairt agus i seirbhísí a sholáthar. Is é atá i gceist leis sin ná comhordú le geallsealbhóirí san earnáil, leis an mórearnáil phoiblí, leis an gcóras polaitíochta, le comhlachtaí eile Rialtais agus le cláir oibre thrasearnála. Tá sainchúram na Roinne comhdhéanta den oideachas luathbhlianta, den oideachas bunscoile agus meánscoile, den bhreisoideachas agus den oiliúint agus den ardoideachas, lena n-áirítear tacaí le haghaidh taighde agus oideachas idirnáisiúnta.

Súil Siar ar an mBliain faoin Sprioc seo

- Forbraíodh réiteach roghnaithe chun an fheidhm párolla múinteoirí a uasghrádú chuig caighdeáin seirbhíse comhroinnte.
- Foilsíodh Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna.
- Forbraíodh Creat le haghaidh cur chuige straitéiseach comhtháite i leith oideachas treasach.
- Thug an Roinn €5m i leith cistiú feidhmíochta don Údarás um Ard-Oideachas.
- Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath go foirmiúil, agus í ar an gcéad ollscoil teicneolaíochta sa Stát riamh.

Is leagtha amach thíos atá tuilleadh sonraí faoin Sprioc seo.

5.1 Plean Gníomhaíochta don Oideachas 2019

Sa bhliain 2019, lean an Roinn ar aghaidh ag tacú le bainistíocht agus cur chun feidhme an chláir oibre athchóirithe ar fud na hearnála oideachais agus oiliúna. Leagadh amach sa *Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2016-2019* na gníomhartha tosaíochta ardleibhéil don earnáil don bhliain. Cuireadh an dul chun cinn i gcomparáid le spriocanna trí thuarascálacha ráithiúla foilsithe ar an dul chun cinn. Mar thoradh air sin, rinneadh faireachán rialta fud fad na bliana ar an dul chun cinn i gcomparáid leis na spriocanna agus na cuspóirí sonraithe.

Ó seoladh *Cumasú: Ráiteas Straitéise 2019-2021* i leith, tá an-dul chun cinn á dhéanamh ag an Roinn ar a cuid spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach. Baineadh amach 89% de na gníomhartha a bhí le soláthar faoi dheireadh na bliana 2019.

Foilseacháin sa bhliain 2019:

- Plean Gníomhaíochta 2019 agus Tuarascálacha ar an Dul Chun Cinn.

https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Corparáideacha/Ráiteas-Straitéise/

5.2 An Clár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

Sa bhliain 2019, d'oibrigh an Roinn i ndlúthchomhar leis an Oifig um Athchóiriú agus Seachadta agus leis an Aonad Meastóireachta um Athchóiriú sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun tacú le cur chun feidhme *Ár Seirbhís Phoiblí 2020*, a seoladh i mí na Nollag 2017. Tá an creat sin ina thaca d'fhorbairt leanúnach agus do nuálaíocht ar fud na seirbhíse poiblí.

Sainaithníodh sé réimse tosaíochta don bhliain 2018. Tá Oifig an Chláir um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí ag dul i gceannas ar Ghníomh 14: “Forbairt ghairmiúil atá leanúnach agus freagrúil”. Eagraíodh cruinnithe agus ócáidí chun tionscnaimh a bheachtú agus a scópáil tuilleadh i dtrí phríomhréimse, mar atá: an próiseas le haghaidh croíscileanna a aithint; ceannaireacht; agus an tSamhail um dheiseanna foghlama ó thaithí.

Sa bhliain 2019, lean an Roinn le húsáid na struchtúr agus na bpróiseas cuí a chur chun cinn chun a chinntiú go ndéanann an Bord Bainistíochta formhaoirseacht agus rialachas ar fhorbairt agus cur chun feidhme na ngealltanas a tugadh faoin gclár oibre um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus chun struchtúir agus modheolaíochtaí Bainistíochta Tionscadal agus Clár a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

5.2.1 Cur Chun Feidhme Seirbhísí Comhroinnte

Rinneadh mórdhul chun cinn ar an gclár oibre seirbhísí comhroinnte sa bhliain 2019. Bunaíodh an Lárionad um Sheirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais chun freastal ar theacht isteach na Seirbhíse Comhroinnte Párolla a íocann le 27,000 fostaí de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Tosaíodh ar chur chun feidhme céimnithe na Seirbhíse Comhroinnte Párolla tráth a rinneadh na feidhmeanna párolla a bhí ag trí Bhord Oideachais agus Oiliúna a aistriú chuig an Lárionad um Sheirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais sa bhliain 2019.

Ag deireadh na bliana 2019, tosaíodh ag obair ar sheirbhís láraithe bhainistithe nua párolla a chruthú sa Lárionad um Sheirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais chun próiseáil a dhéanamh ar na híocaíochtaí a dhéantar le thart ar 50,000 duine de phrintísigh agus d’oiliúnaithe de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna thar ceann SOLAS agus na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Rinneadh dul chun cinn ar an obair pleanála do chur chun feidhme céimnithe na Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna chomh maith. Tá seirbhísí ríomhshonrasctha á soláthar cheana féin don earnáil Bord Oideachais agus Oiliúna, scoileanna de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna san áireamh, agus forbraíodh na seirbhísí sin tuilleadh sa bhliain 2019.

Tugadh faoi obair i ndáil leis an ardoideachas freisin. Cuireadh mionléarscáiliú agus mionanailís i gcrích ar na próisis reatha párolla agus ar phróisis ghaolmhara bhainistíochta acmhainní daonna san earnáil agus úsáideadh Coláiste na Tríonóide chun an t-aistriú chuig seirbhísí comhroinnte párolla a thriail ó thaobh ollscoileanna de. Bunaithe ar an obair sin, cuireadh cás ceadaithe gnó le chéile chun bonn eolais a chur faoi phlean cuí cur chun feidhme le haghaidh bogadh i dtreo seirbhísí comhroinnte a sholáthar laistigh d’institiúidí ardoideachais.

Chun cur le hobair a rinneadh sa bhliain 2018, forbraíodh réiteach roghnaithe chun an fheidhm párolla múinteoirí a uasghrádú chuig caighdeáin seirbhíse comhroinnte ionas go bhféadfadh sí freastal ar an 120,000 íocaí atá aici ar bhealach níos fearr. Mar chuid de sin, rinneadh athbhreithniú piaraí ar an gcás gnó agus áirithíodh saineolas teicniúil chun feidhmchlár párolla a dhearadh.

Leanamar ag obair leis an Oifig um Sholáthar Rialtais sa bhliain 2019 chun seirbhís chomhroinnte soláthair a chur ar fáil don earnáil oideachais agus oiliúna ar fad, agus sinn ag cloí ag an am céanna leis na rialacháin ón Oifig. Mar chuid de sin, cuireadh obair ar aghaidh chun feidhmeanna soláthair a ailíniú agus a chomhtháthú ina seirbhís chomhroinnte soláthair aonair don earnáil.

5.2.2 Bord Cláir BOO/SOLAS

Sa bhliain 2019, lean Bord Cláir BOO/SOLAS sa Roinn Oideachais le tacaíocht ghníomhach a thabhairt do chur chun feidhme an chláir fhoriomláin athchóirithe d’earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna/SOLAS. Déanann Ard-Rúnaí na Roinne cathaoirleacht ar an

mBord Cláir. I measc na mball den Bhord tá baill d'fhoireann ardbhainistíochta na Roinne, Ard-Rúnaí Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin SOLAS agus na príomhfheidhmeannaigh ar dhá Bhord Oideachais agus Oiliúna.

Le linn na bliana 2019, lean an Bord Cláir ar aghaidh ag déanamh formhaoirseacht ar phríomhthionscadail seirbhíse comhroinnte d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna. D'éirigh leis an tionscadal um párolla na mBord Oideachais agus Oiliúna seirbhísí comhroinnte párolla a chur i bhfeidhm do thrí Bhord Oideachais agus Oiliúna, mar atá Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin agus Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí. Leanadh leis an obair a bhí ar bun le Boird Oideachais agus Oiliúna eile chun iad a ullmhú don imirce chuig an bpárolla comhroinnte de réir a chéile sa tréimhse 2020-22. D'éirigh le tionscadal airgeadais na mBord Oideachais agus Oiliúna soláthar an chórais chomhtháite aonair a chur i gcrích, beagnach. Tá dearadh comhchoiteann, próisis chomhchoiteanna agus sainmhínithe comhchoiteanna cuntasaíochta ag an gcóras le haghaidh riarachán airgeadais do na Boird Oideachais agus Oiliúna. Ceapadh baill foirne shinsearacha oibriúcháin a bheidh freagrach as an tseirbhís airgeadais a sholáthar. Ag deireadh na bliana 2019, tosaíodh ag obair ar thionscadal Párolla Printíseach agus Foghlaimeoirí chun seirbhís láraithe bhainistithe párolla a sholáthar chun próiseáil a dhéanamh ar na híocaíochtaí a dhéantar le thart ar 50,000 duine de phrintísigh agus d'fhoghlaimeoirí de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna thar ceann SOLAS agus na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Chomh maith leis sin, thug an Oifig um Bainistíocht Tionscadal tacaíocht do thionscadail bheo eile amhail an tIonad Sármhaitheasa Seirbhísí Dlí i mBoird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus Céim II de dhearadh eagraíochta na mBord Oideachais agus Oiliúna.

5.3 Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna

Ag teacht sna sála ar chomhairliúchán fairsing le Boird Oideachais agus Oiliúna, le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI), leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, d'fhoilsigh an Roinn *Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna* i mí Eanáir 2019.

Tá an Cód ag teacht leis na rialacháin reatha agus leis an eagrán is déanaí den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa Chód athbhreithnithe, leagtar díriú níos mó ar an gcultúr laistigh de na Boird Oideachais agus Oiliúna, agus ceangal á chur ar bhoird agus ar fheidhmeannaigh a bheith ina n-eiseamláirí chun go leabaítear dea-rialachas i ngach réimse de Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Chuir Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann Grúpa Stiúrtha Rialachais ar bun, rud lenar áiríodh ionadaithe ó bhoird na mBord Oideachais agus Oiliúna, ó choiste feidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna, ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Shocraigh an eagraíocht go gcuirfí clár cuimsitheach oiliúna i bhfeidhm sa Chód.

Is é téama an chúrsa oiliúna ná "Eiseamláir a Thabhairt ón mBarr Aníos" agus is é atá i gceist leis sé chlár shonracha oiliúna a sholáthar thar 22 sheisiún ar a laghad idir mí Dheireadh Fómhair 2019 agus mí an Mheithimh 2020.

Foilseacháin sa bhliain 2019:

- *Ciorclán 0002/2019 – Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna* **https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl00002_2019_ir.pdf**

5.4 Cosaint Sonraí

I mí Eanáir 2019, chuir an Roinn an Rannóg um Chomhlíonadh agus Tacaíocht Sonraí ar bun. Leis sin, tugadh le chéile faoi bhainistíocht Príomhoifigigh aonair, a ceapadh mar oifigeach cosanta sonraí freisin, na réimsí gaolmhara seo: cosaint sonraí, rialachas sonraí, saoráil faisnéise agus bainistíocht taifead.

Tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (an Rialachán Ginearálta) ón 25 Bealtaine 2018 i leith i gcomhar leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Leis an reachtaíocht, tugtar cearta do dhaoine aonair agus leagtar freagrachtaí ar na daoine sin a phróiseálann sonraí pearsanta. Leagtar amach i mBeartas Cosanta Sonraí na Roinne conas a fhéachann an Roinn le sonraí pearsanta a phróiseáil agus lena chinntiú go dtuigeann an fhoireann na rialacha lena rialaítear an úsáid a bhaineann siad as na sonraí pearsanta a mbíonn rochtain acu orthu ina gcuid oibre.

Tá an Roinn tiomanta do chearta agus príobháideacht daoine aonair a chosaint de réir na reachtaíochta sin. Tá an Roinn á chinntiú nach bpróiseálann sí sonraí pearsanta faoi fhostaithe, faoi chliaint, faoi sholáthraithe agus faoi dhaoine aonair eile ach amháin ar bhealach dleathach cothrom ar mhaithe lena misean agus lena feidhmeanna a chomhlíonadh.

Oibríonn an Rannóg um Chomhlíonadh agus Tacaíocht Sonraí chun eolas a chur ar an bhfoireann ar fad faoi oibleagáidí na reachtaíochta cosanta sonraí agus chun a chinntiú go mbíonn an Roinn ag comhlíonadh na reachtaíochta sin.

Ag teacht sna sála ar an **Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí** (an Rialachán Ginearálta) a thabhairt isteach sa bhliain 2018, leagadh an-bhéim sa bhliain 2019 ar chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta a chinntiú. Neartaíomar rialachas agus bainistíocht acmhainní sonraí na Roinne trí Chreataí um Rialachas agus Bainistíocht Sonraí Corparáideacha, Straitéis Sonraí agus clár um Chomhlíonadh Rialachais Sonraí a fhorbairt.

5.5 Rialachas Sonraí

Ceann de na príomhghníomhartha faoin straitéis “Ár Seirbhís Phoiblí 2020” is ea an úsáid is fearr a bhaint as sonraí. Má chomhroinntear sonraí ar fud an Rialtais, éascófar soláthar seirbhíse níos fearr, tacófar le cinnteoireacht níos fearr, beidh sé níos fusa seirbhísí a rochtain agus brúfar barainneachtaí chun cinn. Tá an Roinn ag leanúint le páirt a ghlacadh i dtionscadail lárnacha agus le comhoibriú le comhpháirtithe laistigh den earnáil oideachais agus den mhórearnáil phoiblí araon de réir mar is gá chun an sreabhadh is éifeachtaí sonraí a chinntiú.

Rinne grúpa curaidh an Bhonneagair Shonraí Náisiúnta dul chun cinn ar eochairghné de Ghníomh 24 d’Athnuachan na Státseirbhíse, mar atá an Bonneagar Sonraí Náisiúnta. Déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh cathaoirleacht ar an ngrúpa agus tá sé comhdhéanta d’ionadaithe ó na Ranna agus na hOifigí uile lena mbaineann. Leathnaíodh an grúpa chuig an mórearnáil phoiblí agus cabhróidh sé le dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal ar fud na Seirbhíse Poiblí. Déantar achoimre sa Bhonneagar Sonraí Náisiúnta ar chumhdach na nUimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí agus na nÉirchód, atá ar a leibhéal is airde riamh, do phríomhshealúchais sonraí na Ranna Rialtais agus na ngníomhaireachtaí atá faoina gcoimirce. Tá an Roinn ag leanúint le bailiú na nUimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí agus na nÉirchód a spreagadh chun tacú leis an obair sin.

5.6 Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2020-24

Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, ní mór do SOLAS straitéis le haghaidh breisoideachas agus oiliúint a fhorbairt a chur faoi bhráid an Aire gach cúig bliana lena cheadú a fháil. Leagtar síos sa straitéis an creat le haghaidh an córas breisoideachais agus

oiliúna a fhorbairt thar an tréimhse, agus treoraítear léi conas a thacaítear leis an mbreisoideachas agus an oiliúint agus conas a dhéantar an breisoideachas agus an oiliúint a phleanáil, a chistiú agus a sholáthar sa phobal. Cumhdaíodh an tréimhse 2014-19 leis an gcéad Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna. Cumhdófar an tréimhse 2020-24 leis an dara Straitéis.

Cuireadh tús sa bhliain 2019 leis an dara Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna a fhorbairt faoi stiúir ag SOLAS. Beidh sí bunaithe ar fhís don bhreisoideachas agus don oiliúint sa todhchaí in Éirinn. Leagfar amach inti conas a sholáthróidh an breisoideachas agus an oiliúint conairí do ghrúpa ilchineálach foghlaimeoirí, conas a thacóidh siad le rannpháirtíocht na sochaí agus le pobail láidre, conas a ullmhóidh siad daoine do ghairmeacha rathúla agus d'fhoghlaim agus forbairt ar feadh an tsaoil agus conas a bhrúfaidh siad an chéad chéim ríthábhachtach eile d'fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta na hÉireann chun cinn. Tá príomhthosaíochtaí na straitéise leagtha amach de réir trí phríomhcholún, mar atá: Scileanna a fhorbairt; Conairí a chruthú; agus Cuimsiú a chothú. I dteannta na dtosaíochtaí sin, tabharfar aghaidh leis an Straitéis nua ar théamaí cumasúcháin maidir le soláthar foirne agus struchtúir, leis an mbunathrú digiteach agus le bonneagar caipitil.

Tá an dara Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna le foilsiú sa bhliain 2020.

5.7 Athchóiriú an Chiste Náisiúnta Oiliúna

Choimisiúnaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna athbhreithniú neamhspleách ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna mar chuid de phacáiste athchóirithe a fógraíodh chun gabháil leis an gcinneadh i mBuiséad 2018 go méadófaí tobhach an Chiste Náisiúnta Oiliúna. Bonn eolais leis an athbhreithniú ba ea clár fairsing teagmhálacha le raon éagsúil geallsealbhóirí. D'fhoilsigh an tAire Oideachais agus Scileanna an t-athbhreithniú sin i mí Lúnasa 2018. Rinneadh 14 mholadh shonracha sa tuarascáil, agus iad i gceithre phríomhréimse:

- Athchóiriú threo an Chiste Náisiúnta Oiliúna sa todhchaí
- Úsáid a bhaint as an gCiste Náisiúnta Oiliúna chun tacú le hinfheistíocht san Ardoideachas
- Cur le rannpháirtíocht agus ionchur na bhfiontar i dtosaíochtaí an Chiste Náisiúnta Oiliúna
- Feabhsuithe ar fhaireachán/mheastóireacht a dhéanamh ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna.

Foilsíodh Plean Cur Chun Feidhme chun na moltaí sin a chomhlíonadh i gcomhthráth le fógairt Bhuiséad 2019. Foilsíodh sonraí faoi ghrúpa comhairleach nua don Chiste Náisiúnta Oiliúna freisin. Chun an leas is mó a bhaint as rannpháirtíocht na bhfiontar i dtosaíochtaí an Chiste Náisiúnta Oiliúna, is struchtúr buan a dtugtar acmhainní dó é an grúpa comhairleach sin. Ar na baill den ghrúpa tá geallsealbhóirí tábhachtacha ón earnáil fiontar, oifigigh ón Roinn, agus comhlachtaí a bhfuil ról straitéiseach agus formhaoirseachta acu i soláthar scileanna a chur i gcrích. Tháinig an Grúpa le chéile trí huaire sa bhliain 2019 agus rinne siad eolas do thosaíochtaí agus treo an chistiúcháin ón gCiste Náisiúnta Oiliúna do Bhuiséad 2020.

Mar thoradh ar Bhuiséad 2019, rinneadh roinnt beart chun ailíniú leis na moltaí a leagadh amach sa tuarascáil neamhspleách. Áiríodh leo sin: tacaíocht bhreise do riachtanais scileanna atá gar don mhargadh saothair; úsáid a bhaint as cuid den bharrachas sa Tionscnamh Caipitil Dhaonna; díriú méadaithe ar thacaíocht a thabhairt d'oiliúint inchuideachta; tacaíocht a thabhairt do chláir scileanna atá gar don mhargadh saothair i réimsí san Ardoideachas a bhfuil riachtanais shainaitheanta scileanna iontu; agus cistiú ón gCiste Náisiúnta Oiliúna don Bhreisoideachas agus don Oiliúint le haghaidh cláir fostaíochta faoi bhun Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a ath-leithdháileadh ar an Státchiste.

5.8 Creat a fhorbairt le haghaidh cur chuige straitéiseach comhtháite i leith oideachas treasach

Tá cur chuige dériain á ghlacadh i leith comhtháthú a mhéadú. Áirítear leis straitéis fhadtéarmach a fhorbairt agus oibríochtaí ar fud an oideachais threasaigh a chomhtháthú ar bhonn leanúnach.

Sa bhliain 2019, cuireadh tús le páipéar comhairliúcháin a dhréachtú le haghaidh straitéis chomhtháite don oideachas treasach.

Comhtháthaíodh oibríochtaí tuilleadh ar na bealaí seo a leanas:

- aistríodh an beartas agus an cistiú don bhreisoideachas agus don oiliúint agus don ardoideachas araon chuig rannóg threasach aonair sa Roinn Oideachais agus Scileanna
- cuireadh tús le sruth oibre chun breathnú ar an gcothromaíocht breisoideachais agus oiliúna/ardoideachais maidir le freastal ar riachtanais scileanna sa todhchaí, ag féachaint do mhórmheastóireacht chuimsitheach ar an tsamhail cistiúcháin. Thacaigh Ard-Stiúrthóireacht na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach sa Choimisiún Eorpach leis an obair sin
- comhtháthaíodh sa chreat dlí do SOLAS ceanglas le comhairliúchán agus comhoibriú leis an Údarás um Ard-Oideachas. Cuireadh foráil den chineál céanna ar áireamh sa phleanáil le haghaidh Bhille an Údaráis um Ard-Oideachas sa bhliain 2019
- cuireadh tús sa bhliain 2019 le hAthbhreithniú Cáilíochta arna treorú ag an Roinn. Cé gur díríodh ann ar dtús ar an earnáil ardoideachais, scópáladh an t-athbhreithniú ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh creat cuimsitheach don oideachas treasach ann san fhadtéarma
- chuir Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann an phleanáil i gcrích do na chéad athbhreithnithe seachtracha ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna sa bhliain 2020, rud a fhágfaidh gur níos cosúla lena chéile a bheidh na cineálacha cur chuige a ghlactar i leith dearbhú cáilíochta seachtrach don bhreisoideachas agus don oiliúint agus don ardoideachas
- chuir Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann tús le cineálacha dámhachtana breisoideachais agus oiliúna agus ardoideachais ar Leibhéal 5/6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- thug Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann faoi fhorbairt caighdeán freisin ar fud an bhreisoideachais agus na hoiliúna agus an ardoideachais i réimsí tosaíochta foghlama
- rinneadh dul chun cinn ar Mheabhráin Tuisceana a fhorbairt idir Boird Oideachais agus Oiliúna agus Institiúidí Ardoideachais trí na Fóraim Réigiúnacha Scileanna agus bhí tionscadail nuálacha ag teacht chun cinn fós trí bhraislí comhroinnte ar fud an oideachais threasaigh laistigh de réigiúin
- chuir an Grúpa Aistrithe tús le himscrúdú ar na torthaí fadtéarmacha d'fhoghlaimeoirí breisoideachais agus oiliúna a théann ar aghaidh chuig an ardoideachas.

5.9 Ciste Feidhmíochta Ardoideachais a Fhorbairt

Ag teacht sna sála ar chur i gcrích an athbhreithnithe neamhspleách a rinneadh sa bhliain 2018 ar an tSamhail Leithdháileacháin le haghaidh Institiúidí Ardoideachais a Chistiú, rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2019 ar roinnt de na trí mholadh is tríocha, lena n-áirítear na moltaí seo a leanas:

5.9.1 An Moladh go bhforbrófaí Ciste Feidhmíochta Ardoideachais chun luach saothair a thabhairt d'Institiúidí Ardoideachais as dea-fheidhmíocht

Sa bhliain 2019, tugadh €5m i leith cistiú feidhmíochta don Údarás um Ard-Oideachas. Leithdháileadh an cistiú sin as dea-fheidhmíocht mar chuid den idirphlé straitéise agus feidhmíochta. Dámhadh an cistiú €5m d'institiúidí ar bhonn athbhreithniú a rinneadh ar chás-staidéir mheasúnachta tionchair ar chuir institiúidí ardoideachais iad isteach agus inar taispeánadh go ndearnadh dul chun cinn ar chomhaontuithe feidhmíochta a chur chun feidhme.

5.9.2 Moladh 28 – Ciste a Chur Chun Feidhme le haghaidh Ceannaireacht agus Forbairt Acmhainne in Institiúidí Ardoideachais

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna cistiú don Údarás um Ard-Oideachas sa bhliain 2019 chun cur le hacmhainn bainistíochta agus ceannaireachta na nÚdarás Rialaithe agus na mbainisteoirí sinsearacha laistigh d'institiúidí ardoideachais. Ag teacht sna sála ar aighneachtaí mionsonraithe ar chistiú ón gCumann Ardoideachais Teicneolaíochta agus ó Chumann Ollscoileanna Éireann, áiríodh na nithe seo leis na tionscnaimh ar cheadaigh bord an Údaráis um Ard-Oideachas iad le haghaidh cistiú ar feadh trí bliana:

- Acmhainn taighde chomhroinnte a cheapadh d'institiúidí chun feabhas a chur ar fhaisnéis bainistíochta agus buntacú le cinnteoireacht ar fud na n-institiúidí (an Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta)
- Comhdháil bhliantúil chun acmhainn na n-institiúidí teicneolaíochta a chur chun cinn agus chun comhar ar fud na hearnála a éascú (an Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta)
- Clár forbartha bainistíochta agus ceannaireachta a sholáthrófaí thar thréimhse trí bliana (an Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta)
- Clár Tacaíochta Rialtais (Cumann Ollscoileanna Éireann)
- Clár Forbartha Ceannaireachta (Cumann Ollscoileanna Éireann)
- Anailísíocht agus Bainistíocht Sonraí (Cumann Ollscoileanna Éireann)

5.9.3 Moladh 20 – Ciste a Chur Chun Feidhme le haghaidh Forbairt Acmhainne Teagaisc agus Foghlama in Institiúidí Ardoideachais

Ag teacht sna sála ar an moladh sin, thug an Roinn Oideachais agus Scileanna cistiú ab fhiú €5m don Údarás um Ard-Oideachas sa bhliain 2019. Bhí sé mar aidhm leis an infheistíocht forbairt ghairmiúil agus oiliúint a thabhairt do bhaill foirne ardoideachais i réimsí lena gcuirfear feabhas ar chineálacha leathana cur chuige teagaisc agus foghlama, lena n-áirítear oideolaíochtaí a fhorbairt, modheolaíochtaí a fheabhsú agus modhanna nua soláthair a chuimsiú, teicneolaíochtaí digiteacha san áireamh. Leithdháileadh an cistiú €5m ar an earnáil sa bhliain 2019 i gcomhréir leis an sciar den phríomhdheontas.

Bhainistigh an Fóram Náisiúnta um Theagasc agus Foghlaim próiseas athbhreithniúcháin a raibh mar aidhm leis a chinntiú go mbeadh na tograí a bhí le cistiú ag teacht le ceann de cheithre thosaíocht straitéiseacha an Fhóraim Náisiúnta. Rinne painéal neamhspleách athbhreithniú ar thograí mar chuid den phróiseas sin. Méadaíodh an leithdháileadh €5m leis an gCiste um Fheabhsú Teagaisc agus Foghlama (€0.6m), rud a d'fhág gurbh ionann an t-iomlán agus €5.6m. Íocadh na leithdháiltí faoin tionscnamh Teagaisc agus Foghlama le hinstitiúidí i mí na Samhna 2019.

5.9.4 Moladh 13 – Ciste nua taighde agus nuálaíochta d'Institiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna Teicneolaíochta a chur chun feidhme

Sa bhliain 2019, thug an Roinn Oideachais agus Scileanna leithdháileadh breise €5m don Údarás um Ard-Oideachas mar dheontas taighde agus nuálaíochta don earnáil teicneolaíochta. Ar aon dul leis an moladh sin, leithdháileadh an cistiú sin ar an earnáil

teicneolaíochta ar bhonn an lín chúrsaí críochnaithe iarchéime (20%), cistiú taighde iomaíoch (40%) agus méadracht aistrithe eolais (40%). Comhaontaíodh an mhéadracht leithdháileacháin leis an earnáil agus rinneadh an cistiú €5m a leithdháileadh agus a íoc le gach institiúid sa bhliain 2019 ar aon dul leis an méadracht chomhaontaithe.

5.9.5 Téarmaí tagartha a thabhairt chun críche agus tús a chur le hathbhreithniú ar Scéim na dTáillí in Aisce (Ardoideachas)

Déanfaidh an Roinn measúnú ar an Athbhreithniú ar Thionscnamh na dTáillí in Aisce tar éis chur i gcrích an *Athbhreithnithe ar inbhuanaitheacht mhéadaithe sa todhchaí san Ardoideachas agus sa Bhreisoideachas*, rud lena n-áirítear measúnú eacnamaíoch ar na roghanna beartais a cuireadh i láthair i d*Tuarascáil Cassells*.

5.9.6 Tabhairt faoin anailís eacnamaíoch ar na roghanna a cuireadh ar áireamh i dTuarascáil an tSainghrúpa ar Chistiú d'Ardoideachas sa Todhchaí, mar a d'iarr an Comhchoiste Oireachtais um Oideachas

Ós rud é go gcomhlíonann an t-ardoideachas ról chomh lárnach sin maidir le forbairt caipitil dhaonna agus le taighde agus nuálaíocht, is gá samhail cistiúcháin inbhuanaithe don ardoideachas a fhorbairt chun buntacú le forbairt na hÉireann sa todhchaí mar gheilleagar eolais i ré ina mbíonn an teicneolaíocht ag athrú go mear.

Cuireadh tús sa cheathrú ráithe den bhliain 2019 le meastóireacht eacnamaíoch chuimsitheach ar na roghanna cistiúcháin a cuireadh i láthair i d*Tuarascáil an tSainghrúpa ar Chistiú d'Ardoideachas sa Todhchaí*. Rinneadh amhlaidh i gcomhairle le Clár Ard-Stiúrthóireacht na Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh. Ba é cuibhreannas idirnáisiúnta neamhspleách saineolaithe a rinne an mheastóireacht faoi threoir ag AARC agus le cabhair ó Indecon agus LE Europe.

5.10 Bunú Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (OT Bhaile Átha Cliath)

Díscaoileadh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta, Tamhlacht, agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir an 1 Eanáir 2019 agus, ar an lá céanna, bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath mar ollscoil teicneolaíochta, an chéad cheann sa Stát riamh.

Rinne cuibhreannas Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, a bhí comhdhéanta d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus d'Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, iarratas ar ainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta a chur isteach. I mí na Bealtaine 2020, chinn an tAire go ndeonófaí stádas mar Ollscoil Teicneolaíochta don chuibhreannas.

5.10.1 An Líonra Taighde ar Ollscoileanna Teicneolaíochta (TURN)

Bunaíodh grúpa oibre ardleibhéil TURN i mí Feabhra 2019 chun scrúdú agus tuairisciú a dhéanamh ar conas is féidir le hOllscoileanna Teicneolaíochta nua agus éiritheacha cuspóirí straitéiseacha earnála agus náisiúnta a bhaint amach agus ar na tacaí a theastaíonn chun déanamh amhlaidh ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla is féidir. Rinneadh an tuarascáil ó TURN, rud dar teideal *Connectedness & Collaboration enabled by Connectivity*, a chur faoi bhráid na Roinne i mí na Samhna 2019. Rinneadh 12 mholadh ann chun bunsraith láidir a thabhairt d'Ollscoileanna le haghaidh forbartha agus dul chun cinn.

Foilseacháin sa bhliain 2019:

- **An Tuarascáil ó TURN**
  https://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/connectedness-collaboration-through-connectivity.pdf

5.10.2 An Ciste um Ollscoileanna Teicneolaíochta a Bhunathrú chun Feabhais

I mBuiséad 2020, leithdháileadh cistiú ilbhliantúil nua ab fhiú €90 milliún le haghaidh fhorbairt agus dhul chun cinn na nOllscoileanna Teicneolaíochta ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2022.

5.10.3 An Ciste um Athstruchtúrú an Tírdhreacha Ardoideachais, 2019

Leithdháileadh cistiú ab fhiú €14.25 milliún faoin nglao a d'eisigh an tÚdarás um Ard-Oideachas sa bhliain 2019 ar aighneachtaí le haghaidh tionscadail um athstruchtúrú an tírdhreacha ardoideachais, tionscadail chomhdhlúthúcháin agus tionscadail chomhair. Áiríodh leis an gcistiú sin suim €11.8 milliún le haghaidh forbairt agus dul chun cinn a dhéanamh ar ollscoileanna teicneolaíochta agus suim €2.45 milliún le haghaidh tionscadail chomhair eile institiúidí ardoideachais atá ag teacht le cuspóirí Thionscadal Éireann 2040, leis an mbeartas um oideachas tosaigh múinteoirí agus le comhar agus comhoibriú neartaithe braislithe réigiúnaigh idir institiúidí ardoideachais agus institiúidí breisoideachais agus oiliúna, lena n-áirítear ar bhonn trasteorann.

5.10.4 An tÚdarás Údarúcháin Ollscoile do Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

I mí na Nollag 2019, shínigh an tAire McHugh an chéad ordú údarúcháin lena dtugtar cead do Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, ag feidhmiú dó mar sholáthraí oideachais nach bhfaigheann a phríomhioncam ó chistiú Státchiste, ollscoil a thabhairt air féin sa Stát toisc gur chloígh sé le coinníollacha reachtúla sonraithe.

5.11 An tAcht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018

Leis an Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna), 2018, éascaíodh mórfhorbairtí sa bhliain 2019. Tá sé mar aidhm leis an Acht próiseas cinnteoireachta níos struchtúrtha, níos cothroime agus níos trédhearcaí a bhaint amach i scoileanna maidir le rollú. Bhí tionchar láithreach ag roinnt alt tosaithe den Acht sa bhliain 2019, lenar áiríodh toirmeasc a chur ar tháillí ligin isteach agus rollaithe a ghearradh, deireadh a chur le ról an reiligiúin i ligean isteach i scoileanna do gach bunscoil, beagnach, agus scoileanna a chumasú obair i gcomhar lena chéile agus iad ag bainistiú a bpróiseas ligin isteach. Ina theannta sin, chuir an tAire ceangal ar scoileanna ranganna speisialta a oscailt do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i gcás go measann an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta é sin a bheith riachtanach agus nach bhfuil socruithe áitiúla ar na bacáin. Ar an mbealach sin, foráladh leis an Acht do rochtain mhéadaithe ar sheirbhísí príomhshrutha a thabhairt do leanaí áitiúla a dteastaíonn áit scoile uathu. Rinneadh ullmhúcháin le linn na bliana freisin d'ailt eile den Acht a thosú go luath sa bhliain 2020.

5.12 Párolla agus Pinsin

Soláthraíonn an Roinn seirbhísí párolla agus pinsin do mhúinteoirí agus do bhaill foirne scoile i ngach scoil (gan an earnáil bord oideachais agus oiliúna a áireamh) ach íocaíochtaí a eisiúint chuig níos mó ná 120,000 duine ar bhonn coicísiúil.

Sa bhliain 2019, phróiseáil an Roinn sochair aoisliúntais do níos mó ná 1,500 duine, idir mhúinteoirí agus bhaill foirne neamhtheagaisc. Mar chuid den phróiseas aoisliúntais, rinne an Roinn na nithe seo: soláthar a dhéanamh do 1,300 seirbhís inphinsin a aistriú chuig comhlachtaí eile seirbhíse poiblí agus uathu araon; níos mó ná 880 iarraidh meas-seirbhíse a riar; níos mó ná 1,140 ceist dlí teaghlaigh a phróiseáil; agus thart ar 115 iarratas ar bhlianta breise seirbhíse gairmiúla a phróiseáil d'fhostaithe san earnáil oideachais. Sa bhliain 2019, cuireadh tuilleadh feabhais ar an samhaltóir pinsean ar shuíomh Gréasáin na Roinne, áit ar féidir le baill de scéimeanna pinsean meastachán a fháil ar na sochair phinsin. Tá an tAonad Pinsean ag leanúint le ráitis sochar pinsin a eisiúint chuig na baill de scéimeanna agus tá sé ag obair go gníomhach ar fheabhsuithe chun an líon ráiteas is féidir a eisiúint a mhéadú. Tá na feabhsuithe sin ina gcuid de mhórthionscadal atá ar bun chun

feabhas a chur ar acmhainn agus feidhmíocht an Aonaid Phinsean ach próisis agus nósanna imeachta a chuíchóiriú agus a nua-aoisiú.

5.13 Clár Tógála 2019

Is é is aidhm don Roinn bonneagar iomchuí le haghaidh timpeallachtaí foghlama a chur fáil le go bhfuil fáil ag gach foghlaimeoir ar thimpeallacht foghlama nua-aimseartha. Rud príomha a ndíríonn an Roinn air is ea cóiríocht a chur ar fáil chun freastal ar éileamh ar áiteanna scoile i gceantair ina bhfuil rolluithe ag ardú.

Faoi Thionscadal Éireann 2040, tá an Roinn ag leanúint le dul chun cinn a dhéanamh ar acmhainn bhonneagair a mhéadú san earnáil scoileanna chun freastal ar éilimh dhéimeagrafacha agus ar éilimh eile. Sa bhliain 2019, b'ionann agus €665m an caiteachas caipitil san earnáil scoileanna.

Ba é a bhí i gceist le cur i bhfeidhm Thionscadal Éireann 2040 san earnáil scoileanna sna blianta 2018 agus 2019 ná 139 dtionscadal tógála san iomlán a bhfuil luach tionscadail aonair os cionn €1m acu. Anuas air sin, bhí 401 tionscadal ar lú a luach ná €1m á dtógáil le linn na tréimhse.

Ar chur i gcrích na 540 tionscadal sin (139 dtionscadal agus 401 tionscadal), meastar go mbeidh níos mó ná 40,000 áit bhuan (bhreise agus athsholáthair) scoile ann agus go n-athsholáthrófar thart ar 600 foirgneamh réamhdhéanta.

D'íoc an Roinn pas beag níos mó ná €29m amach faoin Deontas Mionoibreacha sa bhliain 2019 don scoilbhliain 2019/20.

5.13.1 Scéim na nOibreacha Samhraidh agus Scéim na nOibreacha Éigeandála

Ceadaíodh 405 Thionscadal Oibreacha Samhraidh i mí na Nollag 2019 lena soláthar sa bhliain 2020 (163 Chóras Sábháilteachta Beatha agus 242 Thionscadal Oibreacha Seachtracha).

Sa bhliain 2019, ceadaíodh 484 thionscadal faoi Scéim na nOibreacha Éigeandála. B'ionann agus pas beag níos mó ná €26m an caiteachas iomlán sa bhliain 2019 faoi Scéim na nOibreacha Éigeandála.

5.13.2 Éadálacha Maoine

Cuireadh naoi n-idirbheart maoine i gcrích sa bhliain 2019. Ba é an aidhm a bhí leo freastal ar riachtanais chóiríochta oideachais ar fud na tíre, go háirithe i limistéir ina mbíonn an daonra ag fás go mór.

Soláthraíodh trí scoil trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí sa bhliain 2019, rud a d'fhág gurb ann do 33 scoil Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí atá i mbun oibre faoi láthair.

Tá gníomhaireachtaí ag cabhrú fós le geall le 80 mórthionscadal scoile a sholáthar. Áirítear leo na Boird Oideachais agus Oiliúna, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais, roinnt Údaráis Áitiúla, Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

Tá raon Creataí um cheapacháin chomhairleachta i bhfeidhm agus cuirtear ar fáil iad i gcás an-chuid de na tionscadail atá níos mó, casta agus práinneach.

Leanadh sa bhliain 2019 le dul chun cinn a dhéanamh ar láithreáin a fháil mar éadáil sna limistéir ábhartha. Táthar ag baint an-tairbhe as teagmháil le hoifigigh ar fud na hearnála

Údarás Áitiúil maidir le tacaíocht a thabhairt do phróisis fála láithreán agus maidir le tuilleadh cinnteachta a thabhairt i ndáil le hiarratais phleanála ar láithreáin. Anuas air sin, baineann an Roinn leas as saineolas gairmiúil nuair atá roghanna féideartha láithreáin á sainaithint agus á measúnú.

5.13.3 Seiceálacha comhlíonta ar thionscadail scoile

Sa bhliain 2019, chuir an Roinn tús le seiceálacha comhlíonta ar níos mó ná 120 tionscadal i scoileanna a fuair cistiú déabhlóidithe agus a chuir a dtionscadail i gcrích faoi dheireadh na bliana 2018. Rinneadh amhlaidh chun a fháil amach an ndearnadh na hoibreacha de réir threoirlínte na Roinne nó nach ndearnadh.

5.13.4 Faisnéis ar an Suíomh Gréasáin

Foilsítear ar shuíomh Gréasáin na Roinne ar bhonn rialta stádas reatha na dtionscadal mórscála atá á soláthar faoin gclár tógála scoileanna. I gcás na dtionscadal déabhlóidithe níos lú, foilsítear faisnéis ar bhonn seachtainiúil lena liostaítear ainm na scoile, an cineál tionscadail agus na dátaí faofa.

5.13.5 Tionscadail Chaipitil Ardoideachais

B'ionann agus €65m an caiteachas caipitil ar bhonneagar ardoideachais sa bhliain 2019. Baineadh úsáid as cistiú chun dul chun cinn a dhéanamh ar roinnt tionscadail thábhachtacha. Áiríodh leo Foirgneamh Sochaí Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Ollscoil Mhá Nuad, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (Campas Chuanach) agus Bloc K de chuid na hInstitiúide Teicneolaíochta, Sligeach. De bhreis air sin, tacaíodh le roinnt uasghráduithe bonneagair ríthábhachtaigh san earnáil institiúidí teicneolaíochta. Áiríodh leo sin uasghráduithe in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Maigh Eo (Campas Chaisleán an Bharraigh), in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (Campas na gCealla Beaga) agus in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Rinneadh íocaíochtaí deontais dhéabhlóidithe ab fhiú €10.7m san iomlán leis an 11 institiúid teicneolaíochta agus le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath as mionoibreacha agus trealamh, lena n-áirítear uasghráduithe TFC, sa bhliain 2019. Íocadh Deontais Trealaimh Phrintíseachta ab fhiú €8.1m le hinstitiúidí ardoideachais rannpháirteacha sa bhliain freisin.

Leanadh leis an tógáil ar an gCearnóg Láir agus an Chearnóg Thoir i nGráinseach Ghormáin. Tá siad á soláthar trí Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí agus beidh siad ina gcuid shuntasach den bhonneagar acadúil do Champas Cathrach nua Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Gealladh i dTionscadal Éireann 2040 go n-infheisteofaí €2.2 billiún i mbonneagar ardoideachais sna deich mbliana ón mbliain 2018 go dtí an bhliain 2027. Gealladh ann freisin go dtabharfaí cistiú caipitil le haghaidh Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí agus taighde.

5.13.6 Éifeachtúlacht Fuinnimh i Scoileanna

Tá an Roinn ar thús cadhnaíochta dearaidh fós maidir le héifeachtúlacht fuinnimh inbhuanaithe i bhfoirgnimh scoile. Socraítear i dTreoirdhoiciméid Theicniúla na Roinne (TGDanna) an tagarmharc i ndáil le dearadh inbhuanaithe i bhfoirgnimh scoile. Leagtar díriú soiléir iontu ar éifeachtúlacht fuinnimh, rud a fhaigheann tacaíocht ó chlár láidir taighde fuinnimh ag a bhfuil 49 snáithe taighde atá ag céimeanna éagsúla.

I gcomhpháirt le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, tairgeann an clár um Fhuinneamh san Oideachas ceardlanna oiliúna i mbainistíocht fuinnimh mar aon le seirbhís comhairle, meantóireachta agus measúnachta do scoileanna. Mar chuid den chlár sin,

tugtar comhairle dea-chleachtais agus cás-staidéir ar an tairseach ar líne ag http://www.energyineducation.ie/.

Tá páirt á glacadh ag an Roinn agus ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i dtreoirscéim iarfheistithe éifeachtúlacht fuinnimh do scoileanna, rud a thosaigh sa bhliain 2017. Tá an obair sin á déanamh roimh an mórchlár iarfheistithe atá le tosú sa bhliain 2023, faoi mar atá leagtha amach i dTionscadal Éireann 2040.

Tá cineálacha difriúla cur chuige dearaidh, réitigh dhifriúla agus sásraí difriúla soláthair á dtástáil agus á meas ag an treoirchlár. Roghnaíodh 17 scoil i gcúig bhraisle gheografacha don bhliain 2019. Clúdaíodh na ceithre chúige uile mar aon le limistéir uirbeacha agus limistéir thuaithe araon. Rinneadh measúnú cuimsitheach ar gach ceann de na scoileanna chun a chinntiú go mbeadh na bearta oiriúnach don scoil agus go gcuirfeadh siad luach leis an scoil agus leis an treoirchlár araon. Ceapadh foirne deartha le haghaidh gach braisle agus cuireadh oibreacha meánacha agus doimhne éifeachtúlacht fuinnimh i gcrích le linn an tsamhraidh. Ba é an aidhm a bhí leis na huasghráduithe ná feabhas éifeachtúlachta fuinnimh 33% a bhaint amach agus áiríodh leo uasghráduithe ar dhoirse agus fuinneoga, uasghráduithe ar insliú, soilsiú agus téamh, agus teicneolaíochtaí in-athnuaite.

Táthar ag baint leas as an gcomhar agus an taighde sin chun treo na héifeachtúlachta fuinnimh i scoileanna sa todhchaí a mhúnlú. Leanfar leis d'fhonn clár iarfheistithe a sholáthar ón mbliain 2023 amach, ag brath ar an gcistiú ón bPlean Forbartha Náisiúnta.

5.14 Iompar Scoile

Sa bhliain 2019, iompraíodh 120,000 leanbh, lenar áiríodh 14,200 leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, i mbreis agus 5,000 feithicil chuig bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud na tíre gach lá. Clúdaíodh breis agus 100 milliún ciliméadar sna turais sin agus bhí costas os cionn €219m ag baint leo. Maidir le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, iompraíodh iad chuig scoileanna i mbreis agus 3,100 feithicil ar chostas os cionn €120m sa bhliain 2019.

5.15 An Breatimeacht agus an Earnáil Oideachais

Ag teacht sna sála ar dhaingniú an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar ag Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí na Nollag 2019, scoir an Roinn den phleanáil theagmhasach do Bhreatimeacht gan Mhargadh. Foilseofar na sainorduithe idirbheartaíochta don Chaidreamh sa Todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sa bhliain 2020. Le linn na hidirbheartaíochta atá le teacht, díreoidh an Roinn go háirithe ar rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i gcláir de chuid an Aontais Eorpaigh amhail clár Erasmus+ agus Fís 2020, ar an tiomantas do chlár PEACE PLUS agus ar an aitheantas leantach do cháilíochtaí gairmiúla.

Lean an tAonad Comhair Idirnáisiúnta sa Roinn lena straitéis ullmhachta i gcomhthéacs chur i gcrích na hidirbheartaíochta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe an 31 Nollag 2020. Áiríodh leis an obair sin cabhrú le leasú ar an Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn, 2011, a rith, rud lena ndéanfar soláthar do dheontais SUSI a íoc fós le mic léinn Éireannacha a dhéanann staidéar in Institiúidí Ardoideachais sa Ríocht Aontaithe agus le mic léinn ón Ríocht Aontaithe a dhéanann staidéar in Institiúidí Ardoideachais in Éirinn. Áiríodh leis freisin an Meabhrán Tuisceana maidir leis an gComhlimistéar Taistil a thabhairt chun críche leis an Ríocht Aontaithe, a mhéid is a bhaineann sé leis an oideachas. Phléigh an tAire Oideachais agus Scileanna an tsaincheist dheireanach sin leis an Aire Stáit don Oideachas nuair a bhuail siad lena chéile i Londain i mí Dheireadh Fómhair 2019.

5.16 Clár Oibríochtúil Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF)

Ghlac thart ar 70,000 duine páirt i ngníomhaíochtaí cómhaoinithe faoin gClár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (PEIL) 2014-2020 le linn na bliana 2019.

Seoladh an dara babhta de thionscadail faoin ngníomhaíocht Comhionannas Inscne i mí Dheireadh Fómhair 2019. Cuireadh cistiú breise €5.8m ar fáil chun fiontraíocht agus rannpháirtíocht na mban san fhórsa saothair a chur ar aghaidh.

Cuireadh fáltais €73.8m ón Aontas Eorpach leis an Vóta Oideachais i leith dearbhuithe caiteachais don Chlár sa bhliain 2019.

Rinneadh Achoimre na Saoránach ar an Tuarascáil Bhliantúil ar an gClár don bhliain 2018 a fhoilsiú ar www.esf.ie i mí Iúil 2019.

5.17 Caiteachas na Roinne

B'ionann agus €10.9 billiún toradh caiteachais na Roinne sa bhliain 2019. Áiríodh leis sin caiteachas caipitil vótáilte comhlán a bhí cothrom le €9.5 billiún, caiteachas caipitil a bhí cothrom le €508 milliún ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna agus caiteachas caipitil a bhí cothrom le €941 mhilliún.

B'ionann an leithdháileadh buiséid ar an Roinn sa bhliain 2019 agus méadú 7%, beagnach, ar an leithdháileadh sa bhliain 2018. Rinneadh soláthar do na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, leis an méadú sin: 1,300 post breise i scoileanna, lena n-áirítear múinteoirí breise agus cúntóirí riachtanas speisialta breise; méadú 5% ar chaipitíocht scoileanna; bearta éagsúla beartais a chur chun feidhme i réimse na gcistí sármhaitheasa scoile; tacaí do cheannaireacht scoile agus d'fholláine; feabhas a chur ar thorthaí do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise chúraim acu; agus infheistíocht mhéadaithe in oideachas treasach, lena n-áirítear soláthar breise do Phrintíseachtaí agus do Chlár Springboard.

5.18 An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Iniúchóireachta AE

Tá an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí sa Roinn freagrach as dearbhú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le leorgacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht phróisis na Roinne um bainistíocht riosca, um chórais rialaithe inmheánaigh agus um rialachas.

Cinntíonn Údarás Iniúchóireachta Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) go gcloíonn Éire le ceanglais rialála an Aontais Eorpaigh i ndáil le hiniúchadh ESF, cuireann sé dea-chleachtas chun cinn i mbainistíocht, rialú agus iniúchadh ESF in Éirinn agus cinntíonn sé go ndéantar iniúchtaí i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ar mhaithe le tuarascálacha atá ar ardchaighdeán, cothrom agus cothromaithe a chur ar fáil.

Déantar cláir bhliantúla iniúchóireachta a ullmhú faoi choimirce an Choiste Iniúchóireachta agus tuairiscíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Údarás Iniúchóireachta ESF don Choiste faoi stiúradh na gclár sin agus faoi thabhairt chun críche na dtuarascálacha iniúchóireachta. Tugadh naoi dtuarascáil iniúchóireachta inmheánaí san iomlán chun críche sa bhliain 2019 agus rianaíonn an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí, ar bhonn ráithiúil, an dul chun cinn ar chur chun feidhme na moltaí a thagann as na tuarascálacha iniúchóireachta.

Níor tugadh aird Cheann an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí agus Iniúchóireachta AE ná aird an Choiste Iniúchóireachta ar aon Nochtadh Cosanta inmheánach sa bhliain 2019.

5.19 Déileáil le Drochúsáid san Am atá thart

Sa bhliain 2018, lean an Roinn le dul chun cinn a dhéanamh ar chur i gcrích na ranníocaíochtaí ó chuallachtaí reiligiúnacha leis na costais a thabhaigh an Stát agus é ag freagairt do dhrochúsáid leanaí in institiúidí cónaithe.

Tá ranníocaíochtaí á ndéanamh ag na cuallachtaí reiligiúnacha faoi dhá bhabhta:

- an Comhaontú Slánaíochta ar thángthas air sa bhliain 2002, rud atá ina cheangal dlí, agus
- na tairiscintí deonacha a tugadh sa bhliain 2009.

Sa bhliain 2019, fuarthas ranníocaíochtaí airgid breise ab fhiú €8.8m ó chuallachtaí ar bhonn deonach. Aistríodh sé mhaoin bhreise go hiomlán chuig an Stát faoi na tairiscintí deonacha a tugadh sa bhliain 2009 agus aistríodh trí mhaoin go hiomlán faoin gComhaontú Slánaíochta ar thángthas air sa bhliain 2002.

B'ionann agus €480.6m na tairiscintí iomlána a thug na cuallachtaí sa dá bhabhta. Amhail deireadh mhí na Nollag 2019, fuarthas ranníocaíochtaí iomlána ab fhiú €238m. Féach an tábla thíos le haghaidh tuilleadh faisnéise.

Achoimre ar na tairiscintí bunaidh agus na suimeanna a réadaíodh				
	An tsuim a tairgeadh (€m)	**An tsuim a réadaíodh (€m)**	**An tsuim atá le réadú (€m) (#)**	**An céatadán den tairiscint a réadaíodh / atá le réadú fós**
Comhaontú Slánaíochta 2002	128	124.94	3.06	98%/2%
Tairiscintí deonacha 2009 (*)	352.61	113.34	239.27	32%/68%
	480.61	**238.28**	**242.33**	**50%/50%**

* Níl fáil fós ar luachanna roinnt maoine a aistríodh go hiomlán chuig an Stát.
# Ní dócha go mbainfear luach iomlán na suimeanna a tairgeadh sa bhliain 2009 amach toisc gur lú na luachálacha ar aistrithe maoine críochnaithe nó ar dhiúscairtí agus toisc nár glacadh le tairiscintí, i measc nithe eile.

Lean an Roinn le pleananna débhliantúla a chur faoi bhráid Chomhairle na hEorpa ina leagtar amach na bearta aonair agus ginearálta atá á ndéanamh chun na breithiúnais ó Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine i gcás Louise O'Keeffe a chur chun feidhme. Thionscain an Rialtas scéim ex gratia i mí Iúil 2015 mar fhreagairt dóibh sin a thionscain imeachtaí dlíthiúla i dtaca le drochúsáid leanaí i scoileanna lae agus a scoir de na himeachtaí sin tar éis breithiúnais ón Ard-Chúirt agus ón gCúirt Uachtarach, agus roimh an mbreithiúnas ó Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine, ar chás Louise O'Keeffe. Bhíothas in ann iarratais ar an scéim ex gratia ar diúltaíodh dóibh a tharchur chuig an mBreitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill, an measúnóir neamhspleách. Ag teacht sna sála ar an mbreithiúnas ón mBreitheamh Onórach O'Neill i mí Iúil 2019 á rá nach oiriúnach don bhreithiúnas ó Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine a bhí an coinníoll réamhghearáin le haghaidh íocaíocht a fháil ón scéim ex gratia, tá an scéim ex gratia á hathbhreithniú faoi láthair.

Leis an mBille um Thaifid a Choimeád, foráiltear go gcoimeádtar taifid áirithe de chuid an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, an Bhoird Sásamh d'Institiúidí Cónaithe agus an Choiste Athbhreithnithe um Shásamh d'Fhorais Chónaithe. Foilsíodh é i mí Feabhra 2019.

Aguisín A – Eochairtháscairí ar dhul chun cinn agus rath don Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2019

Eochairtháscairí do Sprioc 1

Réimse beartais	Táscaire	Tomhas
Folláine	An líon laethanta tiomnaithe do ghníomhaíochtaí tacaíochta agus forbartha i scoileanna ag síceolaithe ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	5,285 (2018)
An soláthar agus an rath in ábhair STEM, agus an glacadh leo, i measc daltaí iar-bhunscoile	An % de dhaltaí Ardteistiméireachta a fhaigheann grád H4 nó níos airde i matamaitic ardleibhéil	56.8% (2018)
	An % de dhaltaí Ardteistiméireachta a fhaigheann grád O4 nó níos airde i matamaitic gnáthleibhéil	56.1% (2018)
	An % de scoileanna buachaillí atá ag tairiscint ábhar STEM seachas matamaitic nó eolaíocht	96.0% (2018)
	An % de scoileanna cailíní atá ag tairiscint ábhar STEM seachas matamaitic nó eolaíocht	56.1% (2018)
	An % de scoileanna measctha atá ag tairiscint ábhar STEM seachas matamaitic nó eolaíocht	93.1% (2018)
	An % de bhuachaillí sa 6ú bliain atá ag déanamh dhá ábhar STEM nó níos mó (seachas matamaitic agus bitheolaíocht)	40.0% (2018)
	An % de chailíní sa 6ú bliain atá ag déanamh dhá ábhar STEM nó níos mó (seachas matamaitic agus bitheolaíocht)	8.0% (2018)
An soláthar agus an rath i dteangacha iasachta, agus an glacadh leo, i measc daltaí iar-bhunscoile	An % de dhaltaí Ardteistiméireachta a fhaigheann grád H4 nó níos airde in aon teanga iasachta	31.5% (2018)
	An % d'iar-bhunscoileanna atá ag tairiscint dhá theanga iasachta ar a laghad	74.1% (2018)
	An % de bhuachaillí sa 6ú bliain atá ag déanamh staidéar ar theanga iasachta amháin ar a laghad	69.0% (2018)
	An % de chailíní sa 6ú bliain atá ag déanamh staidéar ar theanga iasachta amháin ar a laghad	86.5% (2018)
Rátaí coinneála go dtí an Ardteistiméireacht	An % de dhaltaí atá ag déanamh na hArdteistiméireachta	91.6% (2017)

Eochairtháscairí do Sprioc 2

Réimse beartais	Táscaire	Tomhas
Difríochtaí i rátaí coinneála idir scoileanna DEIS agus scoileanna nach scoileanna DEIS iad	An bhearna chéatadánach i rátaí coinneála in iar-bhunscoileanna DEIS agus iar-bhunscoileanna nach iar-bhunscoileanna DEIS iad	Difríocht 8.7% (2018): Ráta coinneála 94.4% i scoileanna nach scoileanna DEIS iad agus ráta coinneála 84.7% i scoileanna DEIS
Difríochtaí i rátaí coinneála idir scoileanna DEIS agus scoileanna nach scoileanna DEIS iad	An bhearna chéatadánach i rátaí coinneála sraithe sinsearaí in iar-bhunscoileanna DEIS agus iar-bhunscoileanna nach iar-bhunscoileanna DEIS iad – daltaí a thosaigh an 5ú bliain agus nach ndearna an Ardteistiméireacht	Difríocht 6.1% (2018): Ráta fágála 9.2% i scoileanna DEIS agus ráta fágála 3.1% i scoileanna nach scoileanna DEIS iad
Rochtain ar an Ardoideachas i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht	An % d'iontrálaithe nua san Ardoideachas ar daoine faoi mhíchumas iad	10.6% (2017/18)
	An % de na hiontrálaithe iomlána san Ardoideachas (fochéimithe lánaimseartha) ar mic léinn lánfhásta iad	8.4% (2017/18)
	An % de dhaoine 20 bliain d'aois i limistéir faoi mhíbhuntáiste ar mic léinn iad (de réir an Daonáirimh)	47.4% (de réir Dhaonáireamh 2016)
	An líon mac léinn Ardoideachais atá ag déanamh staidéir ar bhonn solúbtha (páirtaimseartha agus cian), agus an líon sin mar chéatadán den líon iomlán mac léinn Ardoideachais	52,267 (bunaithe ar fhigiúirí sealadacha na bliana 2017/18 agus na bliana 2018/19), atá cothrom le 22.04% den líon iomlán mac léinn (figiúr sealadach)
	An líon mac léinn atá ag fáil tacaí i riocht deontas, agus an líon sin mar chéatadán den líon iomlán mac léinn Ardoideachais	66,774 (bunaithe ar fhigiúirí sealadacha na bliana 2017/18 agus na bliana 2018/19), atá cothrom le 36.11% den líon iomlán mac léinn (figiúr sealadach)
	An líon Taistealaithe Éireannacha (féindearbhaithe) san Ardoideachas	61 (2017/18)

Réimse beartais	Táscaire	Tomhas
Méid agus Acmhainn na Riachtanas Speisialta Oideachais	An líon cúntóirí riachtanas speisialta	15,950 (2019)
	An líon múinteoirí oideachais speisialta i scoileanna príomhshrutha (coibhéisí lánaimseartha)	13,530 (2018/19)
	An líon scoileanna speisialta	114 (2018/19)
	An líon iomlán daltaí i ranganna speisialta	6,229 (bunscoil, 2018/19) 2,136 (iar-bhunscoil, 2018/19)
	An líon iomlán daltaí i scoileanna speisialta	7,728 (2018/19)

Eochairtháscairí do Sprioc 3

Réimse beartais	Táscaire	Tomhas
Cigireachtaí Luathbhlianta	An líon cigireachtaí in ionaid fhoghlaim agus chúram na luathóige	691 (2018)
Cigireachtaí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna	An líon cigireachtaí i mbunscoileanna, promhadh san áireamh	3,566 (2018)
	An líon cigireachtaí in iar-bhunscoileanna	608 (2018)
Cigireachtaí eile, lena n-áirítear Féinmheastóireachtaí Scoile	An líon cuairteanna comhairleacha	1,473 (2018)
Foilsiú tuairiscí cigireachta	An líon tuairiscí ar chigireachtaí atá dírithe ar an oideachas sna luathbhlianta a foilsíodh	813 (2019)
	An líon tuairiscí cigireachta bunscoile agus iar-bhunscoile a foilsíodh	996 (2019)
Soláthar forbartha gairmiúla leanúnaí	An líon bunscoileanna atá ag fáil tacaíocht ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí	1,931 (2018)
	An líon iar-bhunscoileanna atá ag fáil tacaíocht ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí	416 (2018)

Eochairtháscairí do Sprioc 4

Réimse beartais	Táscaire	Tomhas
Scoileanna éitis Chaitlicigh	An % den rollú scoile iomlán i mbunscoileanna éitis Chaitlicigh	89.9% (2019)
	An % den rollú scoile iomlán in iar-bhunscoileanna éitis Chaitlicigh	50.5% (2019)
Scoileanna lán-Ghaeilge	An % den rollú scoile iomlán i mbunscoileanna lán-Ghaeilge	8% (2019)
	An % den rollú scoile iomlán in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge	3.6% (2019)
An líon scoileanna il-sainchreidmheacha	An líon bunscoileanna il-sainchreidmheacha/neamh-shainchreidmheacha	150 (2019)
	An líon iar-bhunscoileanna il-sainchreidmheacha/neamh-shainchreidmheacha	352 (2019)
Conairí malartacha Ardteistiméireachta	An % de dhaltaí atá ag déanamh na hArdteistiméireachta Feidhmí	4.9% (2018)
	An % de dhaltaí atá ag déanamh Ghairmchlár na hArdteistiméireachta	26.1% (2018)
An líon luathfhágálaithe scoile – iar-bhunscoil	An % de luathfhágálaithe scoile – daltaí a thosaigh an 5ú bliain agus nach ndearna an Ardteistiméireacht	2,433 (2017)
Rátaí an aistrithe ón iar-bhunscoil chuig an Ardoideachas	An % atá ag aistriú ón iar-bhunscoil chuig an ardoideachas	64.0% (2017)
Scileanna, uasoiliúint agus athoiliúint	An líon áiteanna ar chlár Springboard+	9,000 (2019)
	An líon foghlaimeoirí Skillnet	56,182 (2018)
	Rolluithe breisoideachais agus oiliúna ar leibhéil 1-4 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí	71,364 (2018)
	Rolluithe breisoideachais agus oiliúna ar leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí	37,354 (2018)
	Rolluithe breisoideachais agus oiliúna ar leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí	8,358 (2018)
	An líon céimithe – Mórghradaim, Mionghradaim agus Gradaim Shainchuspóra	211,320 (2018)
Taighde	An líon iomlán taighdeoirí iarchéime (lánaimseartha, páirtaimseartha, Máistreacht agus PhD)	10,015 (2017)

Réimse beartais	Táscaire	Tomhas
	An líon mac léinn PhD – lánaimseartha agus páirtaimseartha	8,513 (2017)
	An líon mac léinn máistreachta – lánaimseartha agus páirtaimseartha	1,502 (2017)
Printíseacht	An líon iomlán cláruithe printíseachta	17,829 (2019)
Foghlaim ar Feadh an tSaoil	An % d'aosaigh idir 25 bliana d'aois agus 64 bliana d'aois a ghlac páirt i bhfoghlaim fhoirmiúil agus/nó i bhfoghlaim neamhfhoirmiúil – an meán náisiúnta (Eurostat)	12.5% (2018)
	Daoine idir 25 bliana d'aois agus 34 bliana d'aois a ghnóthaigh gradam ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí – leibhéal ar bith	57,034 (2017)
	Daoine idir 35 bliana d'aois agus 44 bliana d'aois a ghnóthaigh gradam ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí – leibhéal ar bith	45,691 (2017)
	Daoine idir 45 bliana d'aois agus 54 bliana d'aois a ghnóthaigh gradam ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí – leibhéal ar bith	32,804 (2017)
	Daoine idir 55 bliana d'aois agus 64 bliana d'aois a ghnóthaigh gradam ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí – leibhéal ar bith	16,751 (2017)
	Daoine os cionn 65 bliana d'aois a ghnóthaigh gradam ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí – leibhéal ar bith	2,982 (2017)
Mic léinn idirnáisiúnta	An líon mac léinn idirnáisiúnta mar % de na mic léinn ardoideachais lánaimseartha in institiúidí príobháideacha agus poiblí ardoideachais in Éirinn	12.5% (2017)
	An líon mac léinn ardoideachais ó Éirinn a fuair cistiú chun páirt a ghlacadh i gclár Erasmus+	4,900
	An líon mac léinn Béarla atá ag déanamh staidéir in Éirinn	121,462 (2018)

Eochairtháscairí do Sprioc 5

Réimse beartais	Táscaire	Tomhas
Acmhainn agus bealaí le haghaidh Iompar Scoile	An líon bealaí iompair scoile	6,856 (2018)
	An líon daltaí príomhshrutha atá ag úsáid iompar scoile	104,704 (2018)
	An líon daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus atá ag úsáid iompar scoile	12,751 (2018)
An líon scoileanna	An líon bunscoileanna	3,240 (2019)
	An líon iar-bhunscoileanna	723 (2019)
An líon soláthraithe breisoideachais agus oiliúna agus ardoideachais	An líon soláthraithe breisoideachais agus oiliúna atá cláraithe le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	365 (2018)
	An líon Institiúidí agus coláistí tríú leibhéal a fhaigheann cistiú ón Údarás um Ard-Oideachas	18 (2018)
	An líon Ollscoileanna tríú leibhéal a fhaigheann cistiú ón Údarás um Ard-Oideachas	7 (2018)
Clár Caipitil	An líon áiteanna buana breise (bunscoil)	6,718 (2019)
	An líon áiteanna buana breise (iar-bhunscoil)	4,287 (2019)
	Breisoideachas agus Oiliúint, Ardoideachas	Tá 10 dtionscadal á dtógáil, ar cuireadh dhá cheann díobh i gcrích (2019)

Aguisín B – Sonraí Corparáideacha

Tacú leis an bPróiseas Parlaiminte	2019
Ceisteanna Parlaiminte ar tugadh freagra orthu	4,918
Meabhráin don Rialtas a Fuarthas le haghaidh Tuairimí	208
Uiríll a fuarthas in Oifig an Aire agus in Oifig na nAirí Stáit	6,605
Freagraí ar Shaincheisteanna Tráthúla	30
Freagraí ar Dhíospóireachtaí Atrátha (Tosaithe)	29

Seirbhísí Faisnéise	2019
Fiosruithe ríomhphoist a fuarthas trí info@education.gov.ie	7,377
Cuairteoirí ar ár suíomh Gréasáin www.education.ie	3.28m
Iarrataí Saorála Faisnéise a Fuarthas Breitheanna a Tugadh	 512 475
Iarrataí ar Rochtain d'Ábhair Sonraí a Fuarthas a Dúnadh	 54 54
Preaseisiúintí a Eisíodh	201
Leantóirí ar Twitter	43,300

An Clár Bliantúil Cigireachta i Scoileanna agus in Ionaid Oideachais, 2019

Rinne an Chigireacht **4,742** cheann san iomlán de chigireachtaí/chuairteanna comhairleacha ar scoileanna agus ar shuíomhanna a chur i gcrích sa bhliain 2019, faoi mar atá leagtha amach sna Táblaí 1 go 6 thíos.

Tábla 1: Achoimre ar ghníomhaíochtaí na Cigireachta, 2019

Achoimre ar Chigireachtaí	2019
Cigireachtaí ar shuíomhanna luathbhlianta atá ag glacadh páirt sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige*	664
Cigireachtaí ar bhunscoileanna (lena n-áirítear cigireacht ar obair na múinteoirí ar promhadh)	1,969
Cigireachtaí ar iar-bhunscoileanna agus ar ionaid oideachais	702
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht scoile	971
Cuairteanna ar shuíomhanna Luathbhlianta mar chuid d'Obair Taighde agus Forbartha	40
Cigireachtaí eile, cuairteanna comhairleacha eile agus gníomhaíochtaí meastóireachta eile	396
An líon iomlán Cigireachtaí/Cuairteanna Comhairleacha ar shuíomhanna luathbhlianta, ar scoileanna, ar ionaid oideachais agus ar shuíomhanna eile oideachais	**4,742**

*An Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige

Tábla 2: Cigireachtaí ar shuíomhanna Luathbhlianta atá ag glacadh páirt sa Chlár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige, 2019

Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta	**2019**
Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta	592
Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta: Leantach	72
Cuairteanna ar shuíomhanna Luathbhlianta mar chuid d'Obair Taighde agus Forbartha	40
An Líon Iomlán Cigireachtaí atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta	**704**

Tábla 3: Cigireachtaí agus meastóireachtaí i mbunscoileanna, 2019

Gníomhaíocht Cigireachta/Meastóireachta Bunscoile	**2019**
Meastóireacht Scoile Uile	11
Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim	97
Meastóireacht ar Phleanáil Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i Scoileanna DEIS*	19
Cigireacht Theagmhasach	374
Cigireacht Leantach	140
Meastóireacht ar an Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu	40
Meastóireacht Curaclaim	178
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Bunscoil	25
An líon iomlán Cigireachtaí Scoile	**884**
Cigireacht ar obair na múinteoirí ar promhadh	1,085
Iomlán foriomlán	**1,969**

*DEIS: Plean Gníomhaíochta le haghaidh Cuimsiú Oideachais

Tábla 4: Cigireachtaí agus meastóireachtaí in iar-bhunscoileanna agus in ionaid oideachais, 2019

Gníomhaíocht Cigireachta/Meastóireachta Iar-bhunscoile	**2019**
Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim	65
Cigireacht Ábhair	282
Meastóireacht Cláir	17
Meastóireacht ar Phleanáil Gníomhaíochta le haghaidh Feabhsúcháin i Scoileanna DEIS*	18
Cigireacht Theagmhasach	162
Cigireacht Leantach	111
Meastóireacht ar Ionaid Oideachais	4
Cigireachtaí um Chosaint agus Chumhdach Leanaí: Iar-bhunscoileanna	21
Meastóireacht ar an Soláthar do Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu	22
An Líon Iomlán Cigireachtaí Scoile	**702**

*DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna): Plean Gníomhaíochta le haghaidh Cuimsiú Oideachais

Tábla 5: Cuairteanna Comhairleacha Féinmheastóireacht Scoile, 2019

Cuairteanna Féinmheastóireacht Scoile	2019
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht scoile ar bhunscoileanna	724
Cuairteanna comhairleacha féinmheastóireacht scoile ar iar-bhunscoileanna	247
An Líon Iomlán Cuairteanna Comhairleacha Féinmheastóireacht Scoile	**971**

Tábla 6: Cigireachtaí eile agus cuairteanna comhairleacha eile, 2019

Cigireachtaí Eile/Meastóireachtaí Eile ar an Soláthar do Dhaltaí agus do Dhaoine Óga	2019
Cigireacht ar Choláistí Gaeilge	21
Cigireacht ar Aonaid Chúraim Speisialta	6
Cigireacht a rinneadh chun críche aitheantas scoile	2
Cigireacht a rinneadh faoi alt 24 den Acht Oideachais, 1998	1
Cigireachtaí sna Scoileanna Eorpacha	12
Cigireacht ar champaí litearthachta/uimhearthachta samhraidh do leanaí	6
Cigireacht ar champaí samhraidh do leanaí (campaí samhraidh trí Ghaeilge)	5
Meastóireacht ar chúrsaí samhraidh Forbartha Gairmiúla Leanúnaí do mhúinteoirí bunscoile	44
An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: cuairteanna comhairleacha ar scoileanna	144
An Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: Cuairteanna Cás-staidéir	18
An Ciste Sármhaitheasa Scoile (DEIS): cuairteanna comhairleacha ar scoileanna	130
An Ciste Sármhaitheasa Scoile (Step-Up): cuairteanna comhairleacha ar scoileanna	7
An Líon Iomlán Cigireachtaí eile/Meastóireachtaí eile ar an Soláthar do Dhaltaí agus do Dhaoine Óga, 2019	**396**

Tábla 7: Foilsiú tuairiscí, 2019

Foilsiú Tuairiscí Cigireachta	2019
Cigireachtaí atá Dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta (luathbhlianta)	721
Luathbhlianta – Cigireacht Leantach (luathbhlianta)	92
An tSamhail Meastóireachta Curaclaim (bunscoil)	171
DEIS (bunscoil agus iar-bhunscoil)	43
An tSamhail Cigireachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí (bunscoil agus iar-bhunscoil)	22
Meastóireacht Cláir (iar-bhunscoil)	21
Meastóireacht ar an Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (bunscoil)	37
Meastóireacht ar an Soláthar do Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (iar-bhunscoil)	14
Cigireachtaí Ábhair (iar-bhunscoil)	274
Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (bunscoil)	98
Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim (iar-bhunscoil)	66
Cigireacht Leantach (bunscoil agus iar-bhunscoil)	231
Meastóireacht Scoile Uile – modhnaithe (bunscoil)	11
Ionaid Oideachais	5
Meastóireachtaí ar Scoileanna in Aonaid Chúraim Speisialta agus in Ionaid Choinneála Leanaí	3
An líon iomlán tuairiscí a foilsíodh (**Tabhair faoi deara:** tá an líon tuairiscí a foilsíodh sa bhliain 2019 difriúil leis an líon cigireachtaí a rinneadh sa bhliain 2018 toisc nach féidir gach cineál tuairisce a fhoilsiú agus toisc nach mbaineann gach ceann díobh le cigireachtaí a rinneadh sa bhliain 2019)	**1,809**

Tábla d'Íocaíochtaí Prasa, 2019

Bliain	2019	
Sonraí	**Líon**	**Luach (€)**
Íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	8785	€453,009,650
Íocaíochtaí a rinneadh tar éis 16-30 lá	3043	€47,526,720
Íocaíochtaí a rinneadh tar éis 30 lá agus a bhí faoi réir ús íocaíochta déanaí agus costais chúitimh	83	€1,041,138
Íocaíochtaí a rinneadh tar éis 30 lá agus nach raibh faoi réir ús íocaíochta déanaí agus costais chúitimh	1702	€8,515,356
Íocaíochtaí Iomlána	13613	€510,092,864
Suim an úis íocaíochta déanaí a íocadh		€3,002
Suim na gcostas cúitimh a íocadh		€4,550.00
Iomlán na Sonrasc Ienar ghabh Ús Íocaíochta Déanaí agus Cúiteamh	83	€7,552

Úsáid Fuinnimh agus Caiteachas Fuinnimh sa bhliain 2019

Tá clár laghdaithe agus bainistithe fuinnimh i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun úsáid fuinnimh a laghdú faoi 33% faoin mbliain 2020. Ós rud é gur baineadh laghdú 28.1% amach go dtí seo, tá an Roinn ag sárú na laghduithe réamh-mheasta a éilítear. Tosca móra a bhí taobh thiar den éifeachtúlacht fuinnimh sin a bhí i gclár uasghráduithe trealaimh agus saoráidí agus in athruithe iompraíochta. Feabhsófar an éifeachtúlacht fuinnimh tuilleadh leis na huasghráduithe leanúnacha atá á ndéanamh ar ár n-ardaitheoirí sa champas i mBaile Átha Cliath, le móroibreacha tógála i dTulach Mhór, le huasghrádú an téimh agus leis an tiontú ó ola go gás nádúrtha.

Caiteachas na Roinne ar Chostais Fuinnimh (CBL san áireamh)					
Catagóir	2009 (€)	2016 (€)	2017 (€)	2018 (€)	2019 (€)
Leictreachas	586,570	385,304	335,012	332,390	287,533
Gás	83,337	107,697	112,118	116,555	112,861
Gás Peitriliam Leachtach agus Ola	43,115	12,717	16,392	24,686	18,980
Iomlán	713,022	505,718	463,522	473,631	419,373

An Dualgas Earnála Poiblí

Faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá oibleagáid reachtúil ar gach comhlacht poiblí aird a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta an duine agus leis an gcomhionannas le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Tugtar aghaidh ar oibleagáidí dlíthiúla na Roinne chuige sin le Sprioc 2 agus le Sprioc 5.

Cothromaíocht Inscne ar Bhoird Stáit

Cothromaíocht inscne ag deireadh na bliana 2019 ar bhoird atá faoi choimirce na Roinne						
Ainm an Bhoird	**An Líon Iomlán Áiteanna ar an mBord**	**Fir**	**Mná**	**Iomlán**	**Mná mar % den Iomlán**	**An Bord Inscne Aonair é?**
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)[1]	12	4	7	11	63.6	0
Bord an Chiste Reachtúil d'Institiúidí Cónaithe	9	5	4	9	44.4	0
An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	6	2	4	6	66.7	0
Bord Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	15	6	6	12	50.0	0
An tÚdarás um Ard-Oideachas	15	7	8	15	53.3	0
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	11	4	6	10	60.0	0
Léargas	9	2	3	5	60.0	0
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE)	13	4	7	11	63.6	0
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA)[1]	25	10	14	24	58.3	0
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)	13	6	7	13	53.8	0
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)	10	4	6	10	60.0	0
An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe	11	4	7	11	63.6	0
An Coiste Athbhreithnithe um Shásamh Institiúidí Cónaithe	5	4	1	5	20.0	0
Skillnet Ireland	13	6	7	13	53.8	0
SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna)	13	6	7	13	53.8	0
Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC)	5	3	2	5	40.0	0

Cothromaíocht inscne ag deireadh na bliana 2019 ar bhoird atá faoi choimirce na Roinne						
Ainm an Bhoird	**An Líon Iomlán Áiteanna ar an mBord**	**Fir**	**Mná**	**Iomlán**	**Mná mar % den Iomlán**	**An Bord Inscne Aonair é?**
An Bord Achomhairc i leith Deontas Mac Léinn	11	5	6	11	54.5	0
An Chomhairle Mhúinteoireachta[1]	37	20	16	36	44.4	0
An Foras Taighde ar Oideachas[1]	5	3	1	4	25.0	0

Nóta 1 - Ag an 31 Nollaig 2019, bhí post boird neamhlíonta amháin ann ar bhoird na gcomhlachtaí seo: an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an Foras Taighde ar Oideachas.

Aguisín C – Cairt Eagraíochta ag deireadh na bliana 2019



Aguisín D – Comhlachtaí atá faoi Choimirce na Roinne

Comhlachtaí Neamhthráchtála atá faoi Choimirce na Roinne
• An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) • An Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (CICA) • An Foras Taighde ar Oideachas (ERC) • Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GGDA) • An tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) • An Chomhairle um Thaighde in Éirinn • Léargas – an Biúró Malairte • An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) • An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) • An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) • Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) • An Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe (RIRB) • An Coiste Athbhreithnithe um Shásamh Institiúidí Cónaithe (RIRC) • Bord an Chiste Reachtúil d'Institiúidí Cónaithe • Skillnet Ireland • SOLAS - An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna • Coimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) • An Chomhairle Mhúinteoireachta

Is féidir tuilleadh faisnéise faoinár ngníomhaireachtaí, lena n-áirítear sonraí teagmhála agus sonraí boird, a fháil ar ár leathanach Gréasáin ar ghníomhaireachtaí ag https://www.education.ie/ga/An-Roinn/Gníomhaireachtaí/

Aguisín E – Naisc Dhíreacha chuig ár Suíomh Gréasáin www.education.ie

Faisnéis Staidrimh	https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Staitisticí/Staitisticí.html
Tuairiscí Cigireachta	https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuairiscí-Cigireachta-Foilseacháin/
Reachtaíocht Oideachais	https://www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Reachtaíocht/Reachtaíocht-Oideachais.html
Gach Foilseachán	https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuairiscí-Cigireachta-Foilseacháin/
Imlitreacha agus Foirmeacha	https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl00002_2019_ir.pdf
Oideachas Speisialta	https://www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Oideachas-Speisialta/
Dearadh Scoile	https://www.education.ie/ga/Dearadh-Scoileana/
Preas agus Imeachtaí	https://www.education.ie/ga/Preas-agus-Imeachtaí/
Seirbhísí agus Faisnéis do Thuismitheoirí	https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais	https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS-/An-tSeirbhís-Náisiúnta-Síceolaíochta-Oideachais-NEPS-.html
Seirbhísí agus Faisnéis d'Fhoireann Oideachais	https://www.education.ie/ga/Foireann-Oideachais/
Seirbhísí agus Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí	https://www.education.ie/ga/Foghlaimeoirí/

Aguisín F – Acrainmneacha

Acrainm	
AIM	An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú
CAO	An Lár-Oifig Iontrála
CLIL	Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CPOG	An Grúpa Maoirseachta maidir le Cosaint Leanaí
CPSI	An tSamhail Cigireachta um Chosaint agus Chumhdach Leanaí
CSL	An Lárionad um Cheannaireacht Scoile
CTB	Curaclam Teanga na Bunscoile
DE	An Roinn Oideachais – Tuaisceart Éireann
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna
DLF	An Creat Foghlama Digití
ECCE	Cúram agus Oideachas na Luath-Óige
EGFSN	An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí
ELC	Foghlaim agus Cúram na Luath-Óige
ESCI	Líonra Ionad Tacaíochta Oideachais Éireann
ESD	Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe
ESF	Ciste Sóisialta na hEorpa
ESRU	An tAonad Tacaíochta agus Taighde Meastóireachta
EYEI	Cigireacht atá dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta
EYEPU	An tAonad Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
FLAG	An Grúpa Comhairleach Teangacha Iasachta
FSD	Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas
GDPR	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
HCI	An Tionscnamh Caipitil Dhaonna
HE	Ardoideachas
HEI	Institiúid Ardoideachais
HSCI	Teagmháil Bhaile, Scoile agus an Phobail
IAG	An Grúpa Comhairleach Cur Chun Feidhme
TFC	Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide
IEM	Marc Oideachais Idirnáisiúnta
ILEP	Liosta Eatramhach de Sholáthraithe Incháilithe
IPPN	Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann
ISL	Teanga Chomharthaíochta na hÉireann
ITE	Oideachas Tosaigh Múinteoirí
IWP	An Clár Ceardlann Ionduchtaithe
JCSP	Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
JCT	An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
LCPE	Corpoideachas na hArdteistiméireachta
LINC	An Clár um Cheannaireacht do Chuimsiú
MCA	Ionad Choillidh Chanannáin don Uathachas
M & E	Faireachán agus Meastóireacht
MOOCS	Ollchúrsaí Oscailte ar Líne
MFL	Nuatheangacha Iasachta
NAPD	Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí
NBSS	An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta
NEPS	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
NFQ	An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí
NIPT	An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí

Acrainm	
NQT	Múinteoirí Nuacháilithe
NSAI	Tionscnamh Náisiúnta Síolta/Aistear
NSS	An Straitéis Náisiúnta Scileanna
NTF	An Ciste Náisiúnta Oiliúna
PACG	Critéir agus Treoirlínte maidir le Dámhachtainí Gairmiúla
PATH	An Clár um Rochtain ar Ardoideachas
SFGM	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
PEIL	An Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim
PLC	An Iar-Ardteistiméireacht
PMO	An Oifig um Bainistíocht Tionscadal
QAB	An Bord Comhairleach Cáilíochtaí
RSF	Na Fóraim Réigiúnacha Scileanna
RTB	An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
SAF	An Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn
SALI	An Tionscnamh um Cheannaireacht Acadúil Shinsearach
SDG	Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
SEF	An Ciste Sármhaitheasa Scoileanna
SEN	Riachtanais Speisialta Oideachais
SEN-PP	Riachtanais Speisialta Oideachais in Iar-bhunscoileanna
SESS	An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta
SET	Múinteoir Oideachais Speisialta
SNA	Cúntóir Riachtanas Speisialta
STEM	Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
SUSI	Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn
TGD	Treoirdhoiciméid Theicniúla
TU	Ollscoil Teicneolaíochta
TURN	An Líonra Taighde ar Ollscoileanna Teicneolaíochta
TUSLA	An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
UN	Na Náisiúin Aontaithe
UNCRC	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
VTOS/SST	An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais/Oiliúint i Scileanna Sonracha
WSE-LL	Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim
YEI	An Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg